COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

I bpáirt leis an bpobal

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Réamhrá Bhainisteoir an Chontae	3
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí na Comhairle	5
Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna & Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	6
An Pobal, Cur chun cinn an Chontae,na hEalaíona, Spóirt & Leabharlanna	18
Seirbhísí Comhshaoil, Pleanála, Oidhreacht, Forbairt Eacnamaioch & Éigeandála	35
Iompar & Seirbhísí Uisce	53
Bainistiú Airgeadais	61
Comhairle Baile Phort Laoise	65
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	66
Gníomhaíochtaí Eile	67
Foscríbhinni	68
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn	71

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Tugann sé an-phléisiúr dom mar Chathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil 2013 do Chomhairle Chontae Laoise a chur i láthair.

In 2013, lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag oibriú le chéile le leas an phobail iomláin trí thacú le daoine agus iad a chumasú chun cur suas le héilimh an tsaoil sa lá atá inniu ann ar bhealach dearfach.

In 2013, ainmníodh Leabharlann Mhóinteach Mílic go rathúil mar cheann amháin de na hocht nIonad Faisnéise Dírí de chuid an AE. Tá an t-ionad ina ionad ilfhreastail do dhaoine a éilíonn faisnéis maidir le beartais an AE nó le cearta saoránach agus déanann sé ócáidí an AE agus gníomhaíochtaí gaolmhara a óstáil.

Osclaíodh dhá chlós súgartha in 2013; ceann amháin ag Gort an Ghréasaí, Baile Uí Laigheanáin, agus an ceann eile ag Clós Cloigthí, Tigh Mochua. D'fhorbair Comhairle Pobail Bhaile Uí Laigheanáin Gort an Ghréasaí i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise agus chuir Comhpháirtíocht Laoise maoiniú ar fáil. D'fhorbair Grúpa Clóis Súgartha Thigh Mochua Clós Cloigthí. Tá an dá fhorbairt sin de chlóis súgartha ina n-eiseamláirí de ghrúpaí pobail ag oibriú le chéile d'fhonn saoráidí a chur ar fáil do leanaí sa chomharsanacht agus sa cheantar máguaird.

Ba é 2013 Bliain an Tóstail, ar cheiliúradh iontach i Laois é. I gcomhar le Coiste Turasóireachta Laoise, cuireadh roinnt ócáidí ar siúl a tharraing lear maith cuairteoirí breise chuig an gContae le linn na bliana.

Ghlac baile Chúil an tSúdaire dámhachtain dara háit sna Dámhachtainí Bliantúla Uile-Oileáin Mórtas Ceantair de chuid Comhlachtaí Poiblí Éireannacha agus léiríonn an dámhachtain seo an méid a chuireann grúpaí pobail leis an tsochaí go fóill.

Leanadh ar aghaidh le tuilleadh oibre ar athailíniú Bhóthar na Buiríse in 2013 agus, sa chéim is déanaí, cuirfear an Scéim um Athailíniú Bhóthar na Buiríse i gcrích trí na céimeanna a cuireadh i gcrích cheana ag Lána Oinniún agus timpeallán Ghairdíní Ashley a nascadh. Rinneadh móroibreacha feabhsúcháin ar acomhal an N80 ag Coillte Laoise freisin.

Ba mhaith liom na baill foirne agus na baill de Chomhairle Chontae Laoise a mholadh as a gcuid oibre ar fud 2013 agus táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag oibriú leo d'fhonn seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar do na saoránaigh go léir i Laois.

Mary Sweeney
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Tá ríméad orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2013 de chuid Chomhairle Chontae Laoise.

D'ainneoin na fírice gur bhliain dheacair ó thaobh airgeadais de a bhí sa bhliain 2013, lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag leagan béim láidir ar sheirbhísí túslíne a choinneáil agus ar thacú leo.

Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta "Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine" beartas an rialtais le haghaidh athchóirithe agus forbartha ar fud an chórais rialtais áitiúil. Áirítear leis struchtúir athnuaite agus tabhairt isteach socruithe daonlathacha níos éifeachtúla. Cuirfidh na struchtúir agus na socruithe sin le héifeachtúlacht agus soláthróidh siad luach níos fearr ar airgead. Tá rún daingean ag Comhairle Chontae Laoise a fhorfheidhmiú éifeachtach a chinntiú.

Bhain Comhairle Chontae Laoise an-rath amach nuair a roghnaíodh é chun an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Aoisliúntais Rialtas Áitiúil a sholáthar. Bunaíodh é in Áras an Chontae tar éis próiseas tairisceana iomaíoch náisiúnta. Beidh freagracht ar an Ionad "Mo Thuarastal" as párolla agus aoisliúntas don Earnáil Rialtais Áitiúil ar fad. Garsprioc thábhachtach sa Chlár Seirbhísí Comhroinnte Údarás Áitiúil is ea é. Táthar ag súil go mbeidh dhá dhuine is seachtó ar a mhéad á bhfostú ann agus go soláthróidh an clár coigiltí bliantúla cothrom le €4.3 agus é i mbun oibre go hiomlán. Forbairt an-dearfach don eagraíocht agus, go deimhin, don gheilleagar áitiúil i Laois a bhí ansin.

Ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2013 de chuid Chambers Éireann, thaispeáin Comhairle Chontae Laoise an athuair a cuntas teiste dul chun cinn agus nuálaíochta tríd an dámhachtain um Éifeachtúlachtaí Geilleagracha Údaráis Áitiúil a bhuachan i leith ábhar a athchúrsáil le haghaidh bóithre áitiúla agus réigiúnacha a athchóiriú.

Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag feabhsú a feidhmíochta fuinnimh in 2013 trí roinnt tionscnamh, lenar áiríodh boscaí bruscair dlúthóra gréine a shuiteáil i bPort Laoise.

Níl sna nithe roimhe seo ach roinnt bheag d'éachtaí Chomhairle Chontae Laoise le linn 2013, a leagtar amach gach ceann díobh sa tuarascáil seo. Taispeánann na tionscnaimh sin an comhoibriú a bhí ar siúl idir na comhaltaí tofa, na baill foirne agus an pobal agus táimid ag súil le leanúint leis an gcaidreamh sin le linn 2014.

Peter Carey
Bainisteoir an Chontae

"Beidh an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha ár gContae agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ardcháilíochta do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar gh-níomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus for-bartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí an Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise - ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhaointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, seacht chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus sé gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí.

Baill Tofa leis an Bainisteoir Contae ag CCB Comhairle Contae Laoise – Meitheamh 2009

Cruinnithe Comhairle

Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2013 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae. Ní raibh cruinniú ar bith i Lúnasa.

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoir-leach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfheidhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 11 uair i 2013.

John Joe Fennelly (F.F.)

Michael Lalor (F.G.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (F.F.)

John Bonham (F.G.)

Martin Phelan (F.G.)

Raymond Cribbin (F.F.)

Paul Mitchell (Non Party)

Tom Mulhall (F.G.)

James Deegan (F.G.)

James Daly (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Padraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Non Party)

David Goodwin (F.G.)

Patrick Bracken (F.F.)

Lisa Delaney (Labour)

Seamus McDonald (F.F.)

Pat Bowe, (Labour)
Fuair an Comh. Pat Bowe (Páirti an Lucht Oibre) bás an 19 Eanair 2013

William Aird (F.G.)

Alan Hand (S.F.)

Mary Sweeney (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Kathleen O'Brien (F.G.)

Rotimi Adebari (Non Party)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha: Carmel McNicholl

Ceannaire ar Chórais Faisnéise: John Smith

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle le Plean Corparáideach nua ó 2009 – 2014 i mí na Nollag, 2009.

Sa Phlean Corparáideach seo soláthraítear an chreatlach do straitéis chomhtháite a chur i bhfeidhm lenár gContae a fhorbairt do na cúig bliana atá romhainn agus ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin le fostaithe, ionadaithe tofa, leasanna pobail, deonacha & comhshaoil, páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí poiblí eile a fheidhmíonn ag an leibhéal áitiúil.

De bharr na straitéisí agus na gcuspóirí a bhfuil breac-chuntas sa Phlean orthu, beidh Comhaltaí Tofa agus Fostaithe Chomhairle Contae Laoise in ann leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le saol cultúrtha, geilleagrach agus sóisialta an Chontae. Cuirfear le ról na gComhaltaí Tofa fad agus a leanfar de sheirbhísí spriocdhírithe, níos comhordaithe, níos éifeachtaí, agus níos éifeachtúla a sholáthar don phobal.

Ullmhófar Tuarascáil bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus cuirfear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa í lena breithniú

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín www.laois.ie. Áirítear leis an gCairt seo tiomantas do chomhionannas sa soláthar seirbhíse agus aitheantas do chineál ilghnéitheach an phobail a bhfreastalaímid air. Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Príomhphointí

- An 25 Aibreán 2013 – Fáilte an Chathaoirligh in ómós Buaiteoirí Bonn as Contae Laoise ag Fleadh Cheoil na hÉire ann 2012
- An 19 Meitheamh 2013 – Fáiltiú Cathartha in ómós Alison Miller, Ball d'Fhoireann Ban Rugbaí na hÉireann in 2013, an chéad fhoireann Éireannach riamh a bhain na Sé Náisiún, an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór.

Scéim na Gaeilge 2009 - 2012

Dhearbhaigh an t-Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta scéim Teanga na Gaeilge ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla Laoise agus a tháinig i bhfeidhm ar an Iú Nollaig, 2009, ar feadh tréimhse 3 bliana. Ta an scéim le fáil ar ár líonláithreán www.laois.ie. Tá scéim nua á hullmhú.

Tuigeann Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn ins an teanga is rogha leo agus tabharfar gach áis dóibh ina gcuid caidrimh linne, chomh fada agus is féidir, bíodh sé sin trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla.

Ceann de phríomh aidhmeanna le Scéim na Teanga seo a dheimhniú go bhfuil caighdeáin na seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge níos airde mar gurab í an chéad teanga oifigiúil na Tíre seo í.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh as Gaeilge leis an gComhairle ,cuir ríomhphoist chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ard Oideachais

Sa bhliain 2013 ceadaíodh 279 iarratas do chabhair dheontais.

Bé an t-iomlán a díoladh amach i 2013 i leith Deon-

tas Ard Oideachais €2,106,099.10

Sláinte & Sábháilteacht

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta: Jim Bolger

Rinneadh ár gcóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a fhorbairt arís eile trí chóras cigireachta Tras-Stiúrthóireachta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, cuireadh feasacháin sábháilteachta faoi iamh le gach ceann dár dtuairiscí míosúla agus scaipeadh foláirimh shábháilteachta de réir mar ba chuí. Ba go príomha ar oiliúint reachtúil a dhírigh ár gclár cuimsitheach oiliúna sábháilteachta. Mar shampla, cuireadh oiliúint inmheánach i láimhsiú sábháilte ar a lán fostaithe. Chomh maith leis sin, leagadh béim inár gclár oiliúna ar 'mhaoirsiú sábháilte' le linn tógála, rud atá ina réimse ardriosca dúinn. Nuair ba chuí, cuireadh beartais agus nósanna imeachta náisiúnta san áireamh inár gcóras bainistíochta sábháilteachta, rud a coinníodh cothrom le dáta go leictreonach ar ár gcóras inlín.

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2013:

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheard Chumainn
Kieran Kehoe	Tom Saunders
Joint Chair	Joint Chair
Michael Rainey	Anne Marie Maher
Bernie Foran	Bernie Kilbride
John O'Donoghue	Tom O'Carroll
Dermot O'Loughlin	Finbarr Dunphy

Bhí sé cruinniú ar siúl ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2013.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Thosaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 ar an 21 Aibreán, 1998 do Ranna agus Oifigí Rialtais agus roinnt Comhlachtaí Rialtais eile ar an 21 Deireadh Fómhair, 1998 d'Údaráis Áitiúla agus do Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 i bhfeidhm an 11 Aibreán, 2003. Chuir an tAcht roinnt leasuithe tábhachtacha i bhfeidhm ar Acht 1997, go suntasach maidir le hAlt 19 (Taifid Rialtais), Alt 20 (Breithniúcháin Chomhlachtaí Poiblí), Alt 24 (Slándáil, Cosaint agus Caidreamh Idirnáisiúnta) agus Alt 47 (Táillí).

Caithfear gach iarratas ar Shaoráil Faisnéise a phróiseáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, arna leasú.

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2013

Iarratais ar láimh ag 31/12/2012	Nil
Iarratais a fuarthas le linn 2013	27
Cinnidh déanta le linn 2013	26
Iarratais tarraingthe siar	Nil
Iarratais tarraingthe siar agus déileáilte leo lasmuigh den FOI	Nil
Iarratais ar láimh ag 31/12/2013	1

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	14
Neamh-Phearsanta	13

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	2
Achomhairc don Ard Chuairt	Nil

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	2
Gnó	Nil
Baill Oireachtais	Nil
Baill an Údaráis Áitiúil	Nil
Eile/An Pobal Ginearálta	25

Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine – Plean Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta "Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine" beartas an rialtais le haghaidh athchóirithe agus forbartha ar fud an chórais rialtais áitiúil. Áirítear leis struchtúir athnuaite agus tabhairt isteach socruithe daonlathacha níos éifeachtúla. Cuirfidh na struchtúir agus na socruithe sin le héifeachtúlacht agus soláthróidh siad luach níos fearr ar airgead. Tá rún daingean ag Comhairle Chontae Laoise forfheidhmiú éifeachtach an phlean a chinntiú.

Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2013

Leagadh amach i dTuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2013, a foilsíodh Déardaoin an 30 Bealtaine 2013, athruithe a bhí beartaithe ar na Toghlimistéir Áitiúil, le héifeacht ó na Toghcháin Áitiúla in 2014 ar aghaidh. Beartaíodh sa tuarascáil Toghlimistéir Áitiúla Chontae Laoise a leasú agus Dúichí Bardais a bhunú don

Chontae. Beartaíodh sa tuarascáil leasú a dhéanamh freisin ar líon na gcomhaltaí atá le toghadh ó gach limistéar.
Is iad seo a leanas na Toghlimistéir Áitiúla atá beartaithe laistigh de Chontae Laoise:

Toghlimistéar Áitiúil	Líon na gComhaltaí
Buiríos Mór Osraí – Móinteach Mílic	6
An Ghráig – Cúil an tSúdaire	6
Port Laoise	7
Iomlán	19

Clár na dToghthóirí 2014/2015

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois - Uíbh Fháilí	54,734	55,476

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Lár Tire - An tIarthuaisceart	56,134	373

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Bhuiríos Mór Osraí - MóinteachMilic	19,210
An Ghráig - Cúil an tSúdaire	18,754
Portlaoise	19,703
	57,667

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	
Gardaí	1
Fórsaí Cosanta	232
Taidhleoirí	2
Iad siúd le Máchail choirp	22
Oibre Etc.	7
Toghthóirí Speisialta	94

COMHDHÁLACHA A nDEARNADH FREASTAL ORTHU IN 2013

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Civil Liability Legislation	Westport	11-12 January	2	€1,008.55
A national Tourism Conference	Ennistymon	17-19 January	5	€2,970.67
Local Electoral Area Boundaries	Letterkenny	18–20 January	3	€2,310.78
The Criminal Consequences of breaching Local Authority Regulations	Tralee	18–19 January	2	€1,133.62
Debt Solutions	Rosscarbery	25–7 February		€1,133.62
Cumann Merriman Winter School	Westport	1-3 February	2	€1,137.69
Tourism Seminar	Carlingford	8–10 February	4	€2,018.47
Finance (Local Property Tax)	Galway	1–2 February	1	€ 461.04
Equal Status Bill 2012	Tralee	8–9 February	3	€1,548.72
Protection of the Individual	Galway	15-16 February		€ 487.18
Health Issues pertaining to Local Authority Housing	Westport	22–23 February		€1,044.71
Water Quality Conference	Letterkenny	1- 3 March	9	€6,623.33
Action Plan for Jobs	Galway	1-2 March	1	€ 439.24
A.C.C.C. Annual Conference	Waterford City	7- 8 March	4	€1,459.35

TITHÍOCHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, PLEANÁIL CHORPARÁIDEACH, ACMHAINNÍ DAONNA & TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Local Authorities as Drivers of Local Development	Carlingford	8-10 March	2	€ 854.09
Local Government supporting volunteerism	Tralee	8-9 March	2	€1,045.82
The Right to Privacy Data Protection	Westport	15-16 March	2	€1,033.84
Local Government & Job Creation	Bunclody	22-23 March	1	€ 273.18
Freedom of Information	Limerick City	22-24 March	1	€ 418.33
Are plans to abolish and amalgamate Local Authorities unconstitutional	Letterkenny	22-24 March	2	€1,498.36
Tax Entitlement Seminar	Carlingford	29-31 March	2	€1,102.71
LAMA Spring 2013	Gorey	5-6 April	5	€1,837.40
Integrated Constructed Wetlands	Waterford	5-7 April	2	€ 968.33
The future of L.G. in Ireland	Galway City	12-13 April	1	€ 410.69
Procurement, Expenditure & Revenues	Salthill, Co. Galway	12-14 April	3	€1,478.27
Local Government & The Consumer	Bundoran	19-20 April	1	€ 498.35
Water Services Bill 2013	Westport	19-20 April	2	€1,006.54
The Westport Conference	Westport	19-21 April	1	€ 616.17
Renewable Energy & Energy Management	Galway	26-28 April	5	€2,809.90
Countdown to Local Elections 2014	Letterkenny	3-5 May	3	€1,683.78
Public Service Agreement 2010-2014	Galway	3-4 May	1	€ 413.34
H.S.E. Tobacco Control Policy	Carlingford	10-12 May	2	€1,030.28
Local Tourism & The Councillor	Wexford	10-11 May	1	€ 386.37
Domestic Water & Fluoridation	Cork	10-12 May	3	€1,231.64
Dealing with unfinished Housing Estates	Tralee	17-18 May	1	€ 398.96
L.A. Compliance with European Law	Letterkenny	24-26 May	2	€1,467.89
The Nursing Home Support Scheme	Galway	31-May to 1-June	1	€ 422.21
The Development Plan and the Elected Member	Letterkenny	7-9 June	4	€2,850.79
Standards for Rented Houses	Westport	7-8 June	2	€1,059.65
European Legislation & Local Authorities	Carlingford	7-9 June	1	€ 540.55
Supporting Enterprise, Local Development	Galway	14-15 June	4	€1,740.03
Sustainable Energy – Sustainable Tourism	Kenmare	21-23 June	1	€ 661.64
Local Property Tax	Westport	21-22 June	3	€1,562.78
Euro SME 2013	Dublin	11-12 June	1	€ 122.70
European Movement Ireland	Rosscarbery	28-30 June	3	€1,843.29
Financing current Local Government Expenditure	Westport	5-6 July	1	€ 496.64
Mental Health & Wellbeing	Kenmare	5-7 July	2	€1,273.27
Climate Change Policy 2050	Westport	12-13 July	2	€ 989.02
Drug & Alcohol Abuse	Carlingford	12-14 July	1	€ 540.55
Community Development – Art & Sport	Killarney	26-28 July	1	€ 423.51
Patrick McGill Summer School	Glenties, Co. Donegal	28-Jul to 2-August	1	€ 699.76
Rural Crime Prevention & Detection	Letterkenny	2-4 August	2	€1,383.49
Effective Use of Oireachtas Committees	Westport	9-10 August	1	€ 452.93
The Parnell Society	Avondale, Wicklow	11-16 August	1	€ 477.14
European Conference on Human Rights	Killarney	15-18 August	2	€1,179.06
Investment in Cultural Services	Letterkenny	16-18 August	1	€ 641.79
Benefits of Job Creation & Tax Entitlements	Carlingford	16-18 August	2	€ 978.20
Building Safer Communities	Galway	16-17 August	1	€ 383.34
Development Plans – Training the Elected Member	Letterkenny	23-25 August	1	€ 747.19
Community Development	Galway	23-24 August	2	€ 780.63
Changing Social Relations of Housing Tenure	Westport	30-31 August	3	€1,432.43
The effect of Building Information (BIM)	Carrick-on-Shannon	30-Aug to 1-Sept	2	€ 919.02
The Westport Conference	Westport	30-Aug to 1-Sept	1	€ 606.10
101st AMAI Annual	Clonakilty	12-14 Sept	1	€ 671.05
How the Elected Member can help Combat Crime	Killarney	27-29 Sept	2	€1,184.11
Annual Kerry Environmental	Ballybunion	18-21 Sept	4	€2,497.71
Kerry Literary & Cultural Centre	Listowel	26-27 Sept	1	€ 453.01
People, Policy, Places and the Economy	Galway	19-20 Sept	1	€ 293.79
The Life & Times of Michael Collins	Rosscarbery	27-29 Oct	1	€ 258.24
Internet Elections	Dublin	4-6 October	1	€ 301.05

TITHÍOCHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, PLEANÁIL CHORPARÁIDEACH, ACMHAINNÍ DAONNA & TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Toscairí	Caiteachas
LAMA Autumn Seminar 2013	Ennistymon	11-12 October	7	€3,357.59
Community Living for Older People	Galway	4-5 October	2	€ 818.35
Preventing & Reducing Alcohol Related Harm	Westport	18-19 October	1	€ 493.03
Supporting Enterprise in the Community	Galway	25-26 October	2	€ 816.59
Design Guidelines for the Planning & Development of Rural Housing	Rosscarbery	25-27 October	1	€ 590.75
Future Energy Needs, Wind Turbines	Letterkenny	25-26 October	1	€ 647.21
Intertrade Ireland All-Island Innovation	Belfast	31-Oct to 1-Nov	1	€ 426.86
Planning & Environmental Law Conference	Dublin	9-Nov	1	€ 483.16
Local Authority Rates & Diminishing Returns	Galway	8-9 November	1	€ 413.34
Electoral, Local Governments & Planning	Westport	1-2 November	1	€ 449.34
How L.A.'s are affected by EU Law	Ballinasloe	8-10 November	2	€ 825.16
A Practical Guide to Budget 2014	Carlingford	8-10 November	1	€ 437.66
Fostering Stronger Communities	Galway	15-16 November	3	€1,281.97
Community Based CCTV Scheme	Westport	22-23 November	1	€ 510.81
SIPO for Councillors 2014	Dublin	29-Nov to 1-Dec	2	€ 711.16
Local Authority Employment – Law Practice & Procedure	Clonmel	6-8 December	2	€ 707.70
Changing trends & approaches to drug abuse	Cahir	6-8 December	1	€ 442.60
Tourism Technology & Competitive Strategies	Rosscarbery	13-15 December	4	€1,813.12
Housing Grants & Schemes	Galway	13-14 December	2	€ 623.94
Iomlán				€92,294.06

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

Cathaoir: Tom Mulhall M.C.C.

Baill	Ranna
Willie Aird, M.C.C.	Pat Flanagan
Alan Hand, M.C.C.	Mick Dowling
James Daly, M.C.C.	Brendan O'Brien
Mary Sweeney M.C.C.	Michael Kelly
Catherine Fitzgerald M.C.C.	
Bobby Delaney, Mountmellick T.C.	

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Murphy

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Michael Rainey

Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin: Brendan Condron

Oibrí Sinsearach Sóisialta: Fionnuala Daly

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaic-Phointí le linn 2013

- Cuireadh Grúpscéim Tithíochta Bhaile Mhuiris i gcrích i gCúil an tSúdaire.
- Soláthraíodh 113 deontas do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a raibh cónaí orthu sa Chontae.
- Athnuadh talamh gan rath i gCnoc Maí, Port Laoise, ar mhaithe le Páirc Choc Maí a chruthú.

Tuairisc ar an bpolasaí SPC

Tháinig CAS de chuid Tithíochta agus Sóisialta le chéile i Márta agus Meán Fómhair. D'aontaíodh ar an bpolasaí seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine do Réigiún an Láir Tíre

Scéim do Lóistín ar Cíos

Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh. Sa bhliain 2013, soláthraíodh 37 réadmhaoin faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus soláthraíodh 13 réadmhaoin faoin Tionscnamh um Thithíocht Shóisialta a Léasú.

Tá breis eolais maidir leis an scéim le fáil ar www.laois.ie.

Socraithe Sóisialta Léasaithe

Le cead na Roinne dhein Comhairle Contae Laoise Socruithe le Forais Tithíochta Formheasta i dtaobh léas fad-théarmach ar aonaid ag áiteanna éagsúla i gContae Laoise. Tá 63 sealúchas eiseachada cheana féin chuige seo faoin socrú seo.

Tógáil & Fáil Tithe

Sa bhliain 2013, b'ionann leithdháileadh tosaigh an Chláir Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta agus €160,000, rud a bhí ceaptha do theach amháin a thógáil do theaghlach ina bhfuil leanbh faoi mhíchumas. I mí Lúil 2013, cuireadh €440,000 leis an leithdháileadh sin chun trí réadmhaoin atá oiriúnach do theaghlaigh ina bhfuil leanaí faoi mhíchumas a cheannach agus a chur in oiriúint. Agus í ag aithint go raibh clár éifeachtach caiteachais chaipitil i bhfeidhm sa Chomhairle, mhéadaigh an Roinn an leithdháileadh sin arís eile chun go bhféadfaí dhá aonad a aistriú isteach sa stoc tithíochta sóisialta. B'ionann leithdháileadh deiridh an Chláir Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta do 2013 agus €604,893, suim a bhí go hiomlán tarraingthe anuas ag deireadh na bliana.

Athnuachan Chnoc Maí

Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar Threo Nua, athnuadh talamh gan rath i lár Chnoc Maí in 2013. Tírdhreachtaíodh an ceantar sin agus athdhearadh na bealaí reatha isteach sa pháirc chun go gcuimseofaí iontu soithí tarraingteacha plandaí agus geataí daingne aonfhir. Tógadh bealach siúil atá 2m ar leithead agus soláthraíodh páirc bheag peile taobh istigh den pháirc. Suiteáladh soilsiú sráide agus ceamaraí TCI sa pháirc freisin. Bíonn ag éirí thar barr leis an tionscadal, agus bíonn níos mó siúlóirí agus reathaithe ag úsáid na saoráide ná mar a bhíothas ag súil ar dtús.

Cothabháil Stoc Údaráis Áitiúil

Mar gheall ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh uasghráduithe fuinnimh agus deontais oiriúnaithe aonuaire, bhí an Rannóg Tithíochta in ann mórfhe-abhsuithe struchtúrtha a dhéanamh ar líon sun-tasach dá cuid réadmhaoine. Rinneadh oibreacha insliú áiléir agus balla i 333 réadmhaoin. Rinneadh an leithdháileadh bunaidh €183,000 a dhúbailt ar dtús agus cuireadh leithdháileadh forlíontach eile ar fáil ina dhiaidh sin, rud a d'fhág gurbh é €483,937 an leithdháileadh deiridh do 2013.

Cuid V – Straitéis Tithíochta

I 2013 lean An Roinn Tithíochta ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt agus ag plé le forbróirí sa chontae chun teacht ar réiteach faoi chloí le Cuid a V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (leas-aithe)

An Rannóg Tithíochta Deonaí

Ag an 31/12/13 bhí 271 aonad soláthraithe faoin Scéim Iasacht Caipitil &Fóirdheontais agus 247 gcinn de aonaid Fhóirdheontais.

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i Bhaile an Chaisleáin, Bhaile Ruadháin agus Cluain na Slí.

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	51
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	36
(Iomlán €)	262,160

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	72
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	54
(Iomlán €)	179,190

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	68
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	23
(Iomlán €)	85,750

Iasachtaí Tithíocht:

Méid Iasachta	23
(Iomlán €)	1,186,565

Cóiríocht do Thaistealaithe

Lean an Rannóg Tithíochta leis an gClár um Chóiríocht do Thaistealaithe 2009-2013 a chur chun feidhme. Cuireadh tógáil na Scéime Tithíochta Grúpa nua 6 aonad i gCúil an tSúdaire i gcrích de réir an sceidil agus bhí tionóntaí sna haonaid i mí na Samhna 2013.

Dréachtaíodh an leagan nua den Chlár um Chóiríocht do Thaistealaithe 2014 - 2018 in 2013 agus tá sé ar taispeáint don phobal faoi láthair.

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2013 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

- Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Ghinearálta
- Iompar frith-shóisialta

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

H: Tithíocht

H.1 Folúntais Thithíochta

Líon iomlán áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil:	2009
Líon iomlán áiteanna cónaithe seachas iad siúd atá faoi réir tionscadal móra athchóirithe:	2008
% iomlán áiteanna cónaithe atá folamh (seachas iad siúd atá faoi réir athchóirithe mór):	1.25%
% d'áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean:	80%

% d'áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean: 20%

H. 2 Méid ama a thóg sé, ar an meán, na lóistíní ar fáil le haghaidh ath-chíosa a chur amach ar chíos arís:

(a) Am tógtha ó fhógraíocht an dáta scoir go dtí an dáta go bhfuil gach deisiú riachtanach: 8 seachtainí

(b) Am tógtha ó oibreacha a bheith críochnaithe suas chuig dáta an chéid dochar cíosa: 3 seachtainí

H. 3 Líon na ndeisithe déanta mar chéatadán de líon na n-achainí bailí ar dheisiúcháin faighte 98.07%

Líon na ndeisithe déanta 2,649

Líon na n-achainí bailí ar dheisiúcháin faighte 2,701

H. 4 Lucht Táistil Áitiúil:

Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil 133.3%

Líon Teaghlach Lucht Siúil gur tugadh lóistín dóibh 12

Sprioc uimhir Theaghlach an Lucht Siúil le dídean a bheith tugtha dóibh, mar atá leagtha amach i gclár bheith istigh áitiúil dóibh san 9

H.5. Cur-i-bhfeidhm na gcaighdeán ins an earnáil phríobháideach ar chíos:

Méid iomlán na dtionóntaí cláraithe: 3,465

Méid na n-aonad cónaithe gur déanadh cigireacht orthu: 135

Méid na cigireacht déanta: 195

Méid na lóistíní gur déanadh cigireacht orthu mar % des na tionóntachtaí cláraithe: 3.90%

H. 6 Deontais chun tithíocht a athrú le haghaidh riachtanais na ndaoine le míchumas orthu:

(a) Méid ama tógtha, ar an meán, (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoi Scéim deontais Cúnaimh So-ghluaiseachta ón uair a fhaightear iarratas bailí: 4.6 seachtain

(b) Méid ama tógtha (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas Orthu nuair a bhfaightear iarratas bailí: 5.2 seachtain

H. 7 Traenáil Tionóntaithe:

Fán gcéad iomlán na dtionóntaí áitiúla nua a chríochnaigh traenáil réamh-tionóntactha: 78.26%

Líon iomlán de thionónta nua de chuid an údaráis áitiúil 92

Líon iomlán na dtionónta nua de chuid an údaráis áitiúil gur tairgeadh cúrsaí foghlama dóibh chun dul i dtaithí roimh glacadh na tionóntachta 72

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 434 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2013.

Le linn 2013, bhí dhá comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 322

	Fir	Mná
Iarrthóirí	204	118
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	25	2

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2013

	Fir	Mná
Ceapacháin	5	3
Ardú Céime	6	0

Bhain na comórtais seo le folúntais ins an tSeirbhís Dóiteáin, ach go háirithe, go bhfuil, de bharr nádúr na hoibre, díolúine acu ó théarmaí an mhoratóra reatha i gcás earcaíochta, atá ar bun ó Lúnasa, 2009.

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Lean Comhairle Chontae Laoise cothromaíocht an t-saoil oibre a chur i bhfeidhm le haghaidh na foirne le linn 2013. Ag deireadh na bliana, bhí 7 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 29 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 38 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 13 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Bhliana Oibre Níos Giorra.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2013. Bé 4.01% an toradh.

Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2012	2013
4.12%	4.01%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus eamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2012	2013
Le Teastas	3.94%	4.07%
Gan Teastas	0.53%	0.35%

Comhartha na Seirbhíse Áitiúla

Méid Laethanta Traenála soláthraithe don bhfoireann – 972

Caidrimh Thionsclaíoch

In ainneoin bhliain dian go náisiúnta bhí dea-chaidreamh tionsclaíodh ar siúl ag Comhairle Contae Laoise le linn 2013 gan aon easaontas ró-mhór ag tarlú. Ar aon dul le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 agus le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), agus i gcomhairle leis na Ceardchumainn chuí, lean an Chomhairle le bearta a chur chun feidhme d'fhonn éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus coigiltí costais a bhaint amach.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár /Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí clár traenála an-chuimsitheach seachadta le linn 2013. Bhí caiteachas de €354,978 ar an dtraenáil. Tá sampla den sort clár traenála curtha ar fáil mar a leanas:-

- Scileanna seomra cuairte
- Oiliúint Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe
- Oiliúint i dTruailliú Talmhaíochta
- Pas Sábháilte
- Treoirlínte maidir le Cóiriú Dromchla
- Oiliúint i Láimhseáil Clóirín
- Comhdháil Bóithre na nÚdarás Áitiúil

- Seimineár maidir le Córas Bainistíochta agus For bartha Feidhmíochta
- Bainistíocht Dramhaíola a Fhorfheidhmiú
- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil le linn Oibreacha Bóthair
- Áiteanna Cúnga, Ísealriosca, Meánriosca agus Ardriosca
- Oiliúint i gCosaint Leanaí
- Tús Eolais ar Chearta an Duine

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteastaíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith. Seo a leanas samplaí de na cláir Foghlaim Oscailte a éascaítear:-

- CIPFA – Dioplóma san Airgeadas
- IPASS – Deimhniú i dTeicnící Párolla
- ACCA – Scrúduithe cuntasaíochta
- IIPMM - Deimhniú i Soláthar Poiblí
- IPA - Baitsiléireacht i gCúrsaí Gnó
- UCD - Máistreacht san Eolaíocht Ríomhaireachta - An Sruth Ríomhaireachta Scamall
- - IPA – Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

Polasaithe Foirne

D'fhorbair Comhairle Chontae Laoise réimse polasaithe foirne i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr i m-Bainistíocht Acmhainn Daonna. Tugadh isteach/ déanadh athbhreithniú orthu seo a leanas le linn 2013:

- Scéim Bhlianta Oibre níos Giorra 2013
- Polasaí Traenála agus Clár 2013
- Dínit san Ionad Oibre (Athbhreithnithe)
- Polasaí Máithreachais (Athbhreithnithe)

Comhionannas

Is fostóir comhionannais atá i gComhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan bearta, cleachtas agus modhanna oibre a thabhairt isteach a dhíríonn ar ranníocaíocht agus feidhmíocht aonair a aithint, a fhorbraíonn cumas gach duine agus a thugann deis chothrom do gach duine a t(h)alann a úsáid agus a c(h)umas a fhíorú.

Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Tá an Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais i gComhairle Contae Laoise mar chuid de thionscadal náisiúnta atá á fhorfheidhmiú ag 27 n-údarás áitiúil agus a gComhairlí Baile. Thosaigh an tionscnamh i 2008. Tá cur i bhfeidhm uile an tionscnaimh críochnaithe cé is moite den CBFF agus na módúil Sláinte agus Sábháilteachta. Tá na módúil seo faoi athchóiriú suaithinseach deartha agus beidh sé ar fail le h-aghaidh a rolladh amach i lár na bliana 2014.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARASÁIDE

Mar a tharla sna blianta roimhe, dúshlánach a bhí tosca Buiséadacha le linn 2013. Mar thoradh air sin, ba iad príomhthosaíochtaí na Rannóige um TFC ná an leibhéal tacaíochta agus an caighdeán seirbhíse a sholáthraítear don eagraíocht agus dá custaiméirí a choinneáil ar bun agus, nuair ab fhéidir é, feabhas a chur orthu, agus an úsáid ab éifeachtúla agus ab fhéidir á baint aici as na hacmhainní teoranta airgeadais agus foirne a bhí ar fáil di ag an am céanna. Tá rún daingean ag an Roinn feabhas leanúnach a chur ar a seirbhísí TFC agus ar an dóigh a ndéantar cumarsáid laistigh den eagraíocht féin agus leis an bpobal i gcoitinne a úsáideann seirbhísí na Comhairle.

Phróiseáil an rannóg níos mó ná 2,500 glao tacaíochta le linn 2013. Áirítear leo siúd glaonna tacaíochta ó bhaill foirne in Áras an Chontae é féin, sna Leabharlanna éagsúla, in Oifigí Ceantair agus in Oifigí eile láithreáin iargúlta agus ó chomhaltaí tofa.

Sláinte agus Sábháilteacht

D'fhreastail baill foirne ón Rannóg um TFC ar chruinnithe faisnéise Sláinte agus Sábháilteachta de réir mar ba ghá le linn 2013. Thug siad faoi mheasúnuithe tréimhsiúla sábháilteachta VDU / Stáisiúin Oibre nuair ba ghá ó am go ham freisin i gcomhar leis an bhfoireann Sláinte agus Sábháilteachta. Leithdháiltear tosaíocht chuí ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta, agus leanfar le déanamh amhlaidh sa bhliain 2014 agus sna blianta ina diaidh.

Córas Teileafóin Áras an Chontae

Go luath sa bhliain 2013, cinneadh tús a chur le Córas Teileafóin Áras an Chontae a uasghrádú. Tá an córas digiteach reatha i bhfeidhm le blianta fada

anuas agus, beag beann ar na srianta Buiséadacha a bhí ann, measadh gur ghá tús a chur leis an gcóras a uasghrádú. Ba é an straitéis a bhí ann ná an córas iomlán a uasghrádú thar roinnt blianta éagsúla, i gcomhréir leis an maoiniú atá ar fáil. Tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, cuireadh tús le córas nua teileafóin Adtran a shuiteáil sa dara ráithe de 2013. Go dtí seo, cuireadh an córas i bhfeidhm ar dhá urlár in Áras 1 agus sna Lár-Oifigí ar Bhóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise. Cuirfear an córas i bhfeidhm i gcodanna eile d'Oifigí na Comhairle de réir mar a cheadaítear leis na cúinsí iad.

An tIonad Seirbhísí Párolla Comhroinnte.

Ag deireadh na bliana 2013, tosaíodh ag obair chun tacú leis an Ionad nua Seirbhísí Párolla Comhroinnte, atá lonnaithe ar an urlár uachtair d'Áras 1. Is é a bhí i gceist leis an obair sin ar dtús ná Stáisiúin Oibre agus nasc gréasáin Ríomhaire agus áiseanna ríomhaire a sholáthar agus córas nua teileafóin Adtran a shuiteáil sna hOifigí sin. Tosófar ag obair go luath sa bhliain 2014 chun uasghrádú a dhéanamh ar naisc Áras an Chontae le Líonraí Rialtais ar mhaithe le freastal ar riachtanais an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte agus ar riachtanais Chomhairle Chontae Laoise í féin.

Oiliúint Foirne

Le roinnt blianta anuas, ba iad foireann TFC Chomhairle Chontae Laoise a sholáthair, nuair ab fhéidir é, aon oiliúint úsáideora a bhí ag teastáil. Cuireadh oiliúint ar fáil i roinnt réimsí éagsúla le linn 2013. Ós rud é go mbíonn teicneolaíocht agus córais á bhforbairt agus á bhfeabhsú i gcónaí, leanfar le hoiliúint a chur ar fáil ar bhonn leanúnach de réir mar is gá.

Deireadh le Tacaíocht do Chóras Oibriúcháin Windows XP

Tá Microsoft sceidealta le deireadh a chur le tacaíocht do chóras oibriúcháin Windows XP go luath i mí Aibreáin 2014. Is é sin an córas oibriúcháin atá in úsáid i líon suntasach de Stáisiúin Oibre agus de Ríomhairí Glúine a úsáideann an Chomhairle. Agus deireadh á chur le tacaíocht do Windows XP, cruthaítear rioscaí féideartha slándála agus fadhbanna de chineálacha eile d'eagraíochtaí a úsáideann an córas sin. Ag deireadh na bliana 2013, cuireadh straitéis i bhfeidhm chun tionchair na faidhbe sin a mhaolú agus leanfar de bheith ag obair in 2014 chun na córais lena mbaineann a athsholáthar nó a uasghrádú.

Meáin Sóisialta

Laois.ie

Bhí 504,101 amharc leathanaigh ar Laois.ie anuraidh, agus ba chuairteanna uathúla a bhí in 371,101 ceann díobh. Is ionann é sin agus meánlíon de 1381 cuairt in aghaidh an lae. Baineann formhór na gcuairteoirí úsáid as ár leathanach íocaíochtaí ar líne chun íoc as seirbhísí agus as fíneálacha éagsúla rialtais áitiúil. Mar gheall ar athruithe a rinne an rialtas ar mhótarcháin anuraidh, ba é Mótarcháin an dara rannán ba mhó amharc. Bhí an rannán leabharlainne ar an tríú rannán ba mhó amharc. Bíonn méadú ag teacht i gcónaí ar líon na mball a dhéanann leabhair a athnuachan agus a ordú ar líne. Ar an meán, faighimid cúig cheist/thuairisc gach lá ar ár bhfoirm theagmhála ar líne.

Deisigh do Shráid

Suíomh Gréasáin nua a chuireann ar chumas úsáideoirí fadhbanna a thuairisciú d'aon Údarás Áitiúil ar bith is ea www.fixyourstreet.ie. Chuir Comhairle Chontae Laoise an tseirbhís sin chun feidhme anuraidh agus d'éirigh go geal léi. Is féidir le húsáideoirí fadhbanna neamhéigeandála a thuairisciú anois, mar shampla, graifítí, fabhtanna bóithre, fadhbanna le soilsiú sráide, sceití uisce/fadhbanna draenála agus bruscar nó dumpáil neamhdhleathach. Faoi mar a gealladh i gclár an rialtais, is laistigh de 2 lá oibre a dhéileálfar le saincheisteanna a ardaítear ar an suíomh Gréasáin sin.

Suíomhanna Gréasáin

Tá costais shuntasacha á laghdú againn trí níos mó agus níos mó suíomhanna Gréasáin a fhorbairt agus a choinneáil go hinmheánach. Déanaimid 14 shuíomh Gréasáin san iomlán a óstáil, a choinneáil agus a nuashonrú faoi láthair.

Tá na cinn seo a leanas i measc na suíomhanna Gréasáin nua a forbraíodh go hinmheánach anuraidh:
http://www.musicgenerationlaois.ie – le haghaidh Ghiniúint Ceoil Laoise
http://www.laoisgardens.ie – le haghaidh na gairdíní is fearr i Laois a chur chun cinn.
http://www.jamesfintanlalor.ie – le haghaidh Scoil tionscnaimh James Fintan Lalor i mí Mheán Fómhair anuraidh.
http://www.arthouse.ie – le haghaidh an Tí Ealaíne agus Leabharlainne ar an Sráidbhaile
http://www.mountmellickgallery.ie – le haghaidh an

ghailearaí i Leabharlann Mhóinteach Mílic http://www.laoiscommunityforum.ie – le haghaidh Fhóram Pobail Laoise

Na Meáin Shóisialta

Bíonn níos mó tóra ar líonrú sóisialta gach bliain agus is bealach ríthábhachtach dúinn chun dul i dteagmháil leis an bpobal mór é freisin.

Twitter

Ár bpríomhleathanach ar twitter - @LaoisCouncil, ag a bhfuil 1,995 leantóir
Fóram Oidhreachta Laoise - @LaoisHeritage, ag a bhfuil 896 leantóir
Leabharlanna Laoise - @LaoisLibraries, ag a bhfuil 574 leantóir
Giniúint Ceoil Laoise - @MusicGenLaois, ag a bhfuil 75 leantóir
An Teach Ealaíne agus Leabharlann - @ArthouseLibrary, ag a bhfuil 94 leantóir
Fuinneamh an Láir Tíre - @MidlandEnergy, ag a bhfuil 81 leantóir
Turasóireacht Laoise - @LaoisTourism, ag a bhfuil 334 leantóir
Scoil James Fintan Lalor - @JFLSchool, ag a bhfuil 93 leantóir

Leathanaigh ar Facebook:

Comhairle Chontae Laoise - http://www.facebook.com/LaoisCountyCouncil
Is é seo príomhleathanach na heagraíochta ar Facebook. Cuirimid nuacht agus faisnéis ó gach rannóg leis an leathanach ar mhaithe le é a choinneáil cothrom le dáta.
Fóram Oidhreachta Laoise - http://www.facebook.com/laois.heritage.forum tá an leathanach seo á choinneáil ag an Oifigeach Oidhreachta, atá den tuairim go bhfuil an leathanach an-éifeachtach maidir le feasacht a ardú ar gach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha i gContae Laoise.
Leabharlanna Laoise - http://www.facebook.com/LaoisLibraries
Nuashonraíonn ár Rannóg Leabharlainne an leathanach seo, agus í ag cur nuachta agus imeachtaí ó gach ceann de na leabharlanna áitiúla leis.
Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise - http://www.facebook.com/laoisfire
Coinníonn an rannóg Dóiteáin úsáideoirí ar an eolas faoi thimpistí, faoi tharrthálacha agus faoi imeachtaí oiliúna áitiúla.
Comhshaol - http://www.facebook.com/LaoisEnvironment
Coinnigh Laois Glan – baineann ár rannóg comhshaoil úsáid as a leathanach ar Facebook chun leantóirí a choinneáil ar an eolas faoi chomórtais, faoi imeachtaí pobail, faoi ghlantacháin agus faoi fhaisnéis athchúrsála.
Bailte Slachtmhara Laoise - https://www.facebook.com/pages/Laois-Tidy-Towns/163631410408752, suíomh Gréasáin eile de chuid na Rannóige Comhshaoil is ea seo, arb é is aidhm dó aird a tharraingt ar an dea-obair atá á déanamh ag grúpaí bailte slachtmhara ar fud Laoise.
Turasóireacht Laoise - http://www.facebook.com/laoistourism . Baineann ár n-oifigeach turasóireachta úsáid as an leathanach mar uirlis úsáideach thábhachtach chun Contae Laoise a chur chun cinn.
Tóstal Laoise - https://www.facebook.com/Laois-Gathering, forbraíodh an leathanach seo anuraidh chun an iomad imeachtaí rathúla a bheadh á reáchtáil i Laois le linn an Tóstail a chur chun cinn.
An Teach Ealaíne agus Leabharlann - https://www.facebook.com/thearthouseandlibrary, tá an leathanach seo á choinneáil ag an Rannóg Ealaíon chun imeachtaí i nGailearaí an Tí Ealaíne agus Leabharlann ar an Sráidbhaile a fhógairt.
Scoil James Fintan Lalor - https://www.facebook.com/JamesFintanLalor, úsáidtear an leathanach seo ar Facebook chun scoil James Fintan Lalor a chur chun cinn, rud a bhíonn ar siúl gach bliain anseo i Laois.
Fóram Pobail Laoise - https://www.facebook.com/pages/Laois-Community-Forum/120254797988933, soláthraítear faisnéis ar an leathanach seo do ghrúpaí pobail agus de-onacha ar fud Laoise.
Ealaíona Laoise - https://www.facebook.com/Laois-Arts,úsáideann an Rannóg Ealaíon i gComhairle Chontae Laoise an leathanach seo chun tacú le himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud Laoise.
Ceolscoil Laoise - https://www.facebook.com/LaoisSchoolofMusic, tá an leathanach seo á choinneáil ag ár gcomhordaitheoir ceoil chun aird a tharraingt ar dhea-obair na scoile agus í a chur chun cinn.
Giniúint Ceoil Laoise - https://www.facebook.com/MusicGenerationLaois, úsáidtear an leathanach seo chun an tseirbhís nua den scoth in oideachas ceoil a fhógairt, rud atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i Laois.

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

Stiúrthóir Seirbhisi: Anna Marie Delaney

Cathaoir: John King, M.C.C.

Baill	Ranna
Michael Lalor, M.C.C.	Brendan O'Brien
John Bonham, M.C.C.	Kathleen Gorman
James Deegan, M.C.C.	Fintan Phelan
Paul Mitchell, M.C.C.	
Padraig Fleming, M.C.C.	
Rotimi Adebari, M.C.C.	
Alan Hand, T.C.	

Bord Fiontair Chontae Laoise

Ballraíocht Bhord Forbartha Chontae Laoise

Rialtas Áitiúil:
John King, M.C.C., Cathaoirleach Bhord Forbartha Chontae Laoise
Peter Carey, Bhainisteoir an Chontae
Tom Mulhall, M.C.C.,
Paul Mitchell, M.C.C.,
Kathleen O'Brien, M.C.C.,
Catherine Fitzgerald, M.C.C.,
John Joe Fennelly, M.C.C.

Forbairt Áitiúil:
Maria Callinan, Bord Fiontraíochta Laoise
Tony Mahon, Bord Fiontraíochta Laoise,
Anne Goodwin, Comhlacht Páirtíochta Laoise
Paddy Buggy, Comhlacht Páirtíochta Laoise

Gníomhaireachtaí Stáit:
Mary Delaney, FSS Lár na Tíre
Anne O' Keeffe, CGO Laoise
Kevin Macken, FÁS
Larry O'Loughlin, Teagasc
Dr Michael Brougham, Fiontar Éireann
Chief Supt. John Scanlon, Garda Siochana
Michael Brady, Failte Ireland
David Hackett, Department of Social Protection

Páirtithe Sóisialta:
Conal Bradley, Earnáil Ghnó
Brendan O'Brien, Earnáil na gCeardchumann
Maria Groarke, Fóram Pobail Laoise
Kathleen Gorman, Fóram Pobail Laoise
Derek Banim, Piléir Comhshaoil
Michael Bergin, An Earnáil Feirmeoireachta & Talmhaíochta

In 2013, lean Bord Forbartha Contae Laoise dá chuid oibre chun dul chun cinn a dhéanamh ar a chuspóirí le haghaidh fhorbairt chomhtháite agus fheabhsú comhtháite an chontae mar a leagadh amach ar dtús ina Straitéis 10 mbliana, lena n-áirítear pleananna na ngníomhaireachtaí forbartha áitiúla a fhormhuiniú lena gcur faoi bhráid an Rialtais Láir. Lean fochoistí/Tascghrúpaí an Bhoird ar aghaidh ag teacht le chéile d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuspóirí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Deiseanna Fostaíochta a Bhreisiú do Chách.
- Laois a chur chun cinn mar Chontae Neamhdhíobhálach do Leanaí.

Gréasán Áitiúil Drugaí Laoise

Lean Líonra Drugaí Áitiúla Laoise ag bualadh le chéile le linn 2013. Cabhraíonn obair an líonra eolas a scaipeadh ar an dtábhacht a bhaineann le taca a thabhairt dóibh san atá ag fanacht ar leigheas agus ar aisghabháil ó úsáid drugaí laistigh den gcontae, agus forbraíodh cairt in 2013 maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an Líonra sa réimse seo. Le linn na bliana freisin, thacaigh an Líonra le tionscadail amhail Sraithchomórtais Sráide Phort Laoise agus an Clár Cóitseála Pobail, a oibrítear i gcomhar le Comhpháirtíocht Laoise agus le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise. Ina theannta sin, thosaigh an Líonra ar fheachtas póstaer a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí do dhaoine atá ag iarraidh cúnaimh i leith tionscadail tacaíochta, téarnaimh agus éagsúlaithe.

Grúpa Idir-ghníomhaireacht Lucht Siúil Laoise

Sé atá sa Ghrúpa seo roinnt gníomhaireachta agus eagraíochta go bhfuil i gceist ina gcuid oibre saol an phobail taistil a fheabhsú sa chontae. I 2013 bé bhí ar siúl ag an Grúpa seo:

- Tosú ar chlár oideachais a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí, atá dírithe ar scileanna litearthachta a fheabhsú agus ar mhuinín a

fhorbairt d'fhonn dul isteach in oideachas príomhshrutha. Áiríodh leis sin oideachas i gCúram Leanaí ag Leibhéal V FETAC do cheathrar Taistealaithe is Mná.

- An Clár um Chúram Sláinte Príomhúil do Thaistealaithe - fostaíodh ceathrar oibrithe Sláinte is Taistealaithe agus rinneadh for-rochtain ar bhreis agus 90 teaghlach is Tais tealaithe in 2013 i leith ábhar ar nós sláinte fiacla, meabhairshláinte agus sábháilteacht dóiteáin. Chomh maith leis sin, dháil Comhairle Chontae Laoise Aláraim Dheataigh faoin Scéim um Aláraim Dheataigh don Phobal, 2013.
- Leanadh le cultúr an Lucht Siúil a chur chun cinn, lenar áiríodh forlíonadh a foilsíodh i mí an Mheithimh 2013 mar chuid de Sheachtain Mhórtais Náisiúnta an Lucht Siúil, 2013, i gcomhar le nuachtán Laois Nationalist, inar leagadh béim ar chultúr agus scéalta an Lucht Siúil a fágadh mar oidhreacht ó ghlúin go glúin, taithí ar an saol sa Lucht Taistil, rathanna áitiúla, agus obair don ógra agus don phobal a rinne Grúpa Gníomhaíochta Laoise don Lucht Siúil agus a rinne gníomhaireachtaí eile.

Scéim Rabhchán Deataigh Pobail 2013

Sa bhliain 2013 ghlac Bord Forbartha An Chontae páirt sa scéim chun 400 rabhchán tine a cheannach (dhá cheann in aghaidh an tí) agus fuaireadar an costas ar ais ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. Agus cúnamh á fháil acu ó Ionadaithe Pobail, ó Chomhaltaí Tofa, ó Chomhpháirtíocht Laoise agus ó Ghrúpa Gníomhaíochta Laoise don Lucht Siúil, bhain 90 teaghlach is Taistealaithe i Laois, mar aon le daoine scothaosta i gCluain na Slí, i mBaile Átha an Róine, i mBaile na Coille, in Achadh Bhó, i bPort Laoise agus sa Sráidbhaile, leas as an scéim i mbliana.

Lean An Rannóg Pobal agus Fiontraíochta i 2013 ag éascú agus ag tacú le:

- Grúpa Tacaíochta Mhionlaigh Eithnigh
- Grúpa Comhoibritheach Sláinte Mheabhrach Laoise
- Iad san anonn i mblianta
- Iad san ar an imeall agus gur Annamh a Chloistear

Comhairle na nÓg Laoise 2013

Bhí bliain an-deimhneach ag Comhairle na n-Óg Laoise le linn 2013, trí roinnt ionadaithe nua ó gach cearn den chontae a earcú chuig an gComhairle.

Déanann Comhairle na n-Óg Laoise iarracht ion-adaíocht a dhéanamh ar óige Laoise agus is mian leo, i ndáiríre, go gcloistear a ngutha ag lucht déanta cinneadh i measc na ndaoine fásta in ár gcontae i dtreo is gur féidir leis an nglún amach anseo cabhrú chun ár gcontae a bheith ina áit níos fearr chun cónaí ann, chun oibriú ann agus chun teacht ar chuaird chuige.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Laoise dul i dteagmháil le comhlachtaí cinnteoireachta is ao-saigh a cheapann beartais agus pleananna dár gcontae, amhail cosaint a chinntiú do dhaoine óga agus áiseanna nó faisnéis a chur ar fáil do dhaoine óga. Ta an méid sin slite inar féidir le daoine óga agus daoine fásta oibriú le chéile, chun a dheimhniú go dtugtar cosaint do dhaoine óga agus curtha ar a n-eolas, trí dul i gcomhairle leo. Ta dualgas ar an gComhairle, chomh maith, aiseolas a sholáthar don aos óg trasna an chontae ar na gnéithe seo agus ar chomhairliúcháin agus tá ionadaíocht náisiúnta acu ar Fheidhmeannach Chomhairle na nÓg Náisiúnta i 2013 ag an Uas. Ger Quinn.

Tá Comhairle Laoise tar éis a bheith an-bhroidiúil i 2013, toghadh cathaoirleach nua, is í sin, Isabelle Lawlor Uasal, a dhéanann ionadaíocht do Phobalscoil Mhóinteach Mílic, agus toghadh Fei-dhmeannas nua, a chuimsíonn Hannah Johnston Uasal (Rúnaí), Joy Turley Uasal (Leaschathaoir-leach), Ciara Ramsbottom Uasal (OCP) agus Clíodhna Nic Gearailt Uasal (OCP Cúnta).

Rinne an Chomhairle dul chun cinn ar roinnt tion-scadal le linn 2013, lena n-áirítear iad seo:

- Tuilleadh oibre ar fhorbairt an choincheapa an-rathúil "IMIND – Stay Connected" ón mbliain roimhe ar fhorbair daoine óga é agus a forbraíodh ar son daoine óga, agus méadaíodh tuiscint ar an tsaincheist trí fheachtas caidrimh phoiblí, lenar áiríodh eolas a thabhairt do mheánscoileanna faoi shraith uirlisí do theagascóirí a d'fhorbrófaí sa todhchaí.

- Cruinnithe a cuireadh ar siúl le 4 chomhairle daltaí meánscoile i gCo. Laoise, trínar tu gadh aiseolas go díreach do dhaoine óga ar obair na Comhairle agus ar fhaisnéis a fuar thas ó dhaoine óga faoi chineál na saincheisteanna atá á n-ardú ag leibhéal ái tiúil.

- Leanadh den obair ar fheachtas corpíomhá dearfaí "Be the True You" agus chláraigh 4 scoil le tabhairt faoi dhúshlán an fheachtais sa bhliain ina dhiaidh sin.

- Cuireadh CGB Chomhairle Laoise ar siúl an 7 Samhain 2013 i gColáiste Phort Laoise agus d'fhreastail breis agus 120 duine óg air. Áiríodh leis na saincheisteanna a pléadh:
  - An Dealú idir Glúine
  - Bulaíocht
  - Chomh maith leis sin, rinneadh suirbhé ar Mheabhairshláinte agus ar shaincheisteanna Ógra lena mbaineann i measc toscairí ag an gcruinniú.

Tar éis chomhairliúcháin leo san go léir a bhí i láthair, thángthas ar chinneadh ag bail na Comhairle i dtaobh ghnéithe éagsúla go n-oibreoidís orthu don gcéad bhliain / don dá bhliain seo chugainn.

- Thug comhaltaí de Chomhairle Laoise eolas chun dáta ar a gcuid oibre do chomhaltaí de Chomhairle Chontae Laoise ag Cruinniú mhí Iúil 2013 de chuid na Comhairle. Thug na comhaltaí aitheantas agus moladh dá gcuid oibre agus tugadh spreagadh dóibh leanúint dá gcuid dea-oibre.

Gnéithe eile go raibh Comhairle na n-Óg Laoise páirteach ann ab ea:

- Rinneadh tuilleadh forbartha ar Chaifé Phort Laoise don Ógra. Is comhthionscadal gníomhaireachta arna mhaoiniú ag POBAL é, agus osclaíodh don phobal é an bhliain roimhe sin.

- Ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine óga ar Choiste Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí don Ógra.

- Freastalaíodh ar chomhdhálacha, lena n-áirítear Lá Líonraithe Náisiúnta na Comhairle agus d'fhreastail roinnt comhaltaí ar Dháil na nÓg, 2013, mar a raibh meabhairshláinte ar an tsaincheist a ardaíodh le go ndéanfadh

daoine óga scrúdú uirthi ag leibhéal náisiúnta.

Thug na gníomhaireachtaí seo a leanas cabhair agus cúnamh do Chomhairle Laoise in 2013:

- Obair d'Ógra Éireann (Laois)
- Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí
- An Garda Síochána
- Comhairle Chontae Laoise
- Tionscadal Fhoróige / BLOCK, Port Laoise

Coiste Comh-Phóilíneachta an Chontae

Soláthraíonn Coiste Chomh-Phóilíneachta an Chontae an deis do Údaráis Áitiúla, do na Gardaí Síochána, do Bhaill an Oireachtais, do cheannairí an phobail agus do bhaill an phobail trí mhodúl páirtíochta chun dul i bhfeidhm go suntasach ar chaighdeán na beatha laethúla ag gach ball den bpobal i gceantair uile an Údaráis Áitiúil. Soláthraíonn sé fóram, inar féidir leis an Údarás Áitiúil, Oifigigh Shinsearaigh na nGardaí atá freagrach as cúrsaí póilíneachta an chontae, le páirtíocht ball an Oireachtais agus suimeanna an phobail, dul i gcomhairle le chéile, nithe a phlé agus moltaí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar chúrsaí póilíneachta i gContae Laoise.

Bhí an Cruinniú Pobail Bliantúil de Choiste Chomh-Phóilíneachta Chontae Laoise ar an 7ú Dheireadh Fómhair, 2013. Bhí slua maith ón bpobal i láthair a chuir ceisteanna ar an gCoiste agus tugadh freagraí ag na Gardaí agus ag Comhairle Chontae Laoise.

Fóram Pobail Laoise

www.laoiscommunityforum.ie

Baill an Fhóraim

Tá Fóram Pobail Laoise déanta suas de Choiste Fóraim Feidhmeac dhéanann
ionadaíocht ar an bpobal/ar an rannóg dheonach i ngach ceann de naCeantair Thoghchán.

Port Laoise:
Andy Sutton, Maria Groarke
Ioma:
Margaret Guijit-Lawlor, Michael Cobbe, Tom Donohue
Log an Churraigh :
Roghan Headen, Kathleen Gorman, Pat Whelan
Mhóinteach Mílic:
Sheelagh Coyle, Matt Barrett, Paddy Buggy
(Cathaoir)
Bhuiríos Mór Osraí:
Mary White, Jenny McDonnell, Michael Lynch, Michael G. Phelan, Noreen Byrne and Mick Dowling

B' iad Tosaíochta Fóraim Pobail Laoise i 2013 ná:

- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar an bpobal /rannán deonach ag leibhéal an Bhoird Fhorbartha agus ag leibhéal gníomhaireachta deonaí áitiúla
- Leanúint le h-iniamh sóisialta a chur chun cinn i ngach rannán den bpobal
- Iarrachtaí na ngrúpaí pobal agus deonacha san sa chontae a admháil agus a chur chun cinn
- Cumarsáid idir an Fóram agus grúpaí pobail/deonacha ag leibhéal ceantair áitiúil a fheabhsú
- Na gníomhartha go bhfuil an Fóram tiomanta dóibh san Athbhreithniú Straitéise 2009 – 2012 de chuid Bhoird Forbartha an Chontae a eiseachadadh
- Béim a chur ar mheabhraíocht timpeall an chontae faoi ghnéithe tábhachta m. sh. Sláinte mheabhrach deimhneach agus cosc ar féin-mharú, chomh maith le rialachas san bpobal/rannán deonach agus prionsabail bhailiúchán airgid.
- Cabhrú le Baill an Fhóraim trína dtraenáil i gcur i láthair agus i líonrú an mheáin sóisialta chun tuilleadh poiblíochta i leith an Fhóraim a scaipeadh trasna an chontae agus go náisiúnta
- Caidreamh poiblí a fheabhsú agus íomhá an Fhóraim a ardú trína a chuid oibre a chur chun cinn sna meáin áitiúla agus náisiúnta.

Bhí láithreas maith ag an bhFóram ag leibhéal Bhoird Fhorbartha an Chontae le Kathleen Gorman agus le Maria Groarke agus ag Paddy Buggy ag leibhéal forbartha áitiúil. Bhí ionadaíocht ag an bhfóram ar gach CAC, ar Choistí Chomh-Phóilíneachta gach Bhaile agus Chontae agus roinnt fóraim eile mar Fhóram Oidhreachta Laois, Páirtíocht Laoise agus Coiste Cúram Leanaí Laoise.

Ócáidí & Tograí Uileghabhálacha

'Teagmhaíonn Laois': Seachtain Mheabhraíochta Sláinte Mheabhrach

Bé ceann de bhuaicphointí an Fhóraim óstaíocht seachtaine ar ócáid ar Mheabhraíocht Sláinte Mheabhrach go raibh Teagmhaíonn Laois mar ainm air i Mí Mheán Fhómhair 2013. Ba é seo an dara bliain den tionscnamh seo a bhfuil ag éirí go geal leis. Áiríodh leis an imeacht seachtaine, ar sheol Mary Kennedy, láithreoir ar RTÉ, é, cainteanna, ceardlanna agus seimineáir ar shaincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte a bhí ceangailte leis an bpríomhthéama - Laois Connects (Pobal, Muid Féin, Dúchas, Oiliúint, Teagmháil, Déileáil leis, Caint agus Tacaíocht). Bé aidhm na seachtaine meabhraíocht a ardú i leith ghnéithe a bhaineann le sláinte mheabhrach agus sár-thaispeántas a sholáthar don dtacaíocht atá ar fáil san bpobal áitiúil. I mbliana, d'fhoilsigh Fóram Pobail Laoise eolaire tacaí agus seirbhísí cabhrach i gContae Laoise a dáileadh go forleathan.Dhein Fóram Pobal Laoise óstaíocht ar an ócáid i gcomhar le roinnt gníomhaireachta mar FSS, Páirtíocht Spóirt Laoise, Meabhair Shláinte Éire, GROW, Shine, Comhairle Contae Laoise, Comhlacht Páirtíochta Laoise, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí. Bhí roinnt eagraíochtaí eile ina gcomhpháirtithe san imeacht - CLG, Pfizer, Club Leoin Phort Laoise agus Leinster Express. Ghlac eochairchainteoirí páirt i roinnt mhaith seimineár agus ceardlann ar fud Laoise agus reáchtáladh gníomhaíochtaí éagsúla, idir shiúlóidí agusióga agus thaispeántas cócaireachta agus theiripe ealaíne. I mbliana, d'oibrigh 'Laois Connects' i gcomhar le CLG, le FSS agus le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise d'fhonn clár 'Sport your Mind' a sheoladh. Is clár dearfach feasachta ar mheabhairshláinte ógra é d'eagraíochtaí Spóirt Phobail. Tosaíodh ar an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm ar dtús i roinnt clubanna CLG ar fud Laoise agus fuair sé aiseolas an-dearfach. Chomh maith leis sin, reáchtáladh cainteanna ar ábhair amhail cibearbhulaíocht, dúlagar, déileáil le fiachas agus lenár meabhairshláinte, agus cúram a thabhairt do chúramóirí, i measc nithe eile. Taifeadadh freastal mór le haghaidh fhormhór na n-imeachtaí.

Foláireamh Pobail

Ceann de na príomhchuspóirí don Fhóram Pobail in 2013 ba ea oícheanta líonraithe a óstáil do ghrúpaí Foláireamh Pobail agus do Ghrúpaí Cónaitheoirí i gcomhar leis an nGarda Síochána, d'fhonn deis a thabhairt do ghrúpaí faisnéis agus smaointe a chomhroinnt le chéile mar aon le comhairle a fháil ó na gníomhaireachtaí i láthair. Rinneadh oíche líonraithe Foláireamh Pobail ag leibhéal Contae a óstáil i mí Aibreáin 2013 i gcomhar leis an nGarda Síochána agus le Muintir na Tíre. Bhí freastal maith inti. Ag teacht sna sála air sin bhí cruinniú Chónaitheoirí Phort Laoise a cuireadh ar siúl i mí na Bealtaine 2013. Tar éis na gcruinnithe sin, bhí an Fóram a bheag nó a mhór ar aon tuairim gur chóir leanúint leis an méid sin a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, leantar de bheith ag comhoibriú maidir le cabhrú le grúpaí foláireamh pobail agus faire comharsanachta sa chontae, agus tá comhairle agus tacaíocht á dtabhairt ag an bhfóram agus ag an nGarda Síochána araon.

Tacú do dhaoine ar mhí-chumas

Mhaoinigh Fóram Pobail Laoise tionscnamh Spóirt Ógra Xcessible a n-eagraíonn Ionad Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp Oiriúnaithe CARA é a chuimseoidh Clár Halla Spóirt Scoile Speisialta le Scoil Phroinsias Naofa. Bhí an clár seo ar siúl uair amháin sa tseachtain ar feadh 4 seachtaine i mí na Nollag 2013, lena n-áirítear an Lá Feasachta idirnáisiúnta ar Mhíchumas.

Meabhraíocht um Dhrugaí agus alcóil

In 2013, rinne Fóram Pobail Laoise urraíocht ar an tiomsú agus an dáileadh póstaer a leagann béim ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd a dtéann fadhbanna a bhaineann le drugaí agus le halcól i bhfeidhm orthu. Dáileadh na póstaeir sin go forleathan.

Lean an Fóram ar aghaidh le linn 2013 dá chuid oibre agus d'obair na hEarnála Pobail agus Deonaí a chur chun cinn trína shuíomh Gréasáin agus trína leathanach ar Facebook, agus tríd an bhFóram bheith i láthair ag gach imeacht mór sa Chontae, lena n-áirítear na himeachtaí sin a rinne an Fóram féin a eagrú agus a chur ar siúl, amhail na Dámhachtainí Pobail agus Deonacha, Cruinnithe Ceantair le grúpaí pobail agus Cruinniú Cónaitheoirí. Ina theannta sin, chuir an clúdach sármhaith ar na himeachtaí sin go léir sa phreas áitiúil le hainm Fhóram Pobail Laoise agus lena chuid oibre le linn na bliana a chur chun cinn.

Aithníonn Duaiseanna Pobail agus Deonach Iaochra an phobail 2013

Déanadh ceiliúradh ar laochra pobail trasna an chontae ag Fóram Pobal Laoise an Samhain seo caite nuair a chruinnigh os cionn 320 duine i Óstán Oidhreachta Phortlaoise don 5ú Bronnadh Bliantúil de chuid an Phobail agus Lucht Deonach, le Fóram Pobail Laoise ag déanamh óstaíochta air, chun aitheantas a thabhairt don mhéid atá tugtha ag grúpaí pobail agus deonacha don saol i Contae Laoise.

D'fháiltigh an Fóram roimh líon curiarrachta de 101 ainmní i sé chatagóir agus roimh 33 duine aonair a ainmníodh as an méid iontach a chuir siad lena bpobal áitiúil. Is iadsan laochra gan iomrá ár gcontae. Aithníodh go ndearna gach ainmní difríocht shuntasach laistigh dá bpobal áitiúil agus lasmuigh de ach a gcuid ama, a gcomhoibriú, a samhlaíocht agus a n-obair dhian a chur ar fáil d'fhonn clubanna rathúla, imeachtaí rathúla agus tiomsú airgid rathúil a bhaint amach laistigh den phobal. Rinneadh comhghairdeas le gach grúpa agus le gach duine aonair ar an oíche agus bronnadh teastas orthu lenar tugadh aitheantas don mhéid a chuir siad leis an iarracht phobail agus dheonach i Laois. Bronnadh an Dámhachtain don Laoch gan Iomrá ag deireadh na hoíche.

Bhronn The Leinster Express, ar comhpháirtí meán é, an Dámhachtain um 'Pearsa Laoise na Bliana'. Bronnadh ar Ann Mae McHugh í as a hobair iontach leis an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Rinne BHP Insurance urraíocht ar an gCatagóir um na hEalaíona agus Chultúr agus ba iad seo na buaiteoirí agus na daoine a bhí sa dara háit sa chatagóir seo do 2013:

Ealaíon & Cultúr
Buaiteoir: Durrow Development forum Scarecrow Festival
An dara h-áit: Abbeyleix Session ind'House

Rinne Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise urraíocht ar an gcatagóir um Leanaí agus Daoine Óga agus ba iad seo na buaiteoirí agus na daoine a bhí sa dara háit sa chatagóir seo:

Leanaí & Daoine Óga
Buaiteoir: 4th Laois Scout Portarlington
An dara h-áit: Coder Dojos Portarlington

Rinne an Rannóg Comhshaoil de Chomhairle Chontae Laoise urraíocht ar an gcatagóir um an gComhshaol agus ba iad seo na buaiteoirí agus na ndaoine a bhí sa dara háit sa chatagóir seo:

Oidhreacht & Timpeallacht
Buaiteoir: Abbeyleix Bog Project
An dara h-áit: Slieve Bloom Association

Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Laoise urraíocht ar an gcatagóir um Spórt agus Fhóillíocht agus ba iad seo na buaiteoirí agus na daoine a bhí sa dara háit sa chatagóir seo:

Spórt & Fóillíocht
Buaiteoir: St Anne's A.F.C.
An dara h-áit: Oughaval Athletic Club

Rinne an Laois Nationalist urraíocht ar an gcatagóir um Sheirbhísí agus Tacaí Pobail. Ba í seo an chatagóir ba mhó agus bronnadh trí dhámhachtain. Ba iad seo na buaiteoirí agus na daoine a bhí sa dara háit sa chatagóir seo:

Seirbhísí Pobail & Tacaíochta
Buaiteoir: Mountmellick Development Association Voluntary Board of Directors
An chéad áit: Portarlington Social Services/Meals on Wheels
An dara h-áit: Friends of St Fiac's House, Graiguecullen.

As na tríocha trí duine ainmnithe bí Ger Lynch ó Móinteach Milic a fuair gradam an Fhóraim Phobail mar an Laoch Neamh-Aitheantais i 2013 agus bronnadh an gradam uirthi ag Cathaoirleach an Fhóraim, Paddy Buggy.Dhein Mr. Buggy comhghairdeas leis na h-ainmnithigh go léir, go bhfuilid uile, mar a dúirt sé, mar laochra ina bpobail féin, de bharr na cruaoibre agus an díograis a chuireadar isteach ina gceantair éagsúla agus in a bpobail.

Conas a bheith páirteach Fóram pobail Laoise?

Tá breis agus 700 grúpa pobail agus deonach ar a bhunachar sonraí ag Fóram Pobail Laoise agus fáiltíonn Fóram Pobail Laoise roimh na grúpaí uile clárú leo agus is féidir é sin a dhéanamh trí theagmháil le Tel.(057) 8664227 no 057 8664108, trí ríomhphost chuig LaoisCommunityForum@laoiscoco.ie nó trí uaslódáil foirm clárúcháin ag www.laoiscommunityforum.ie.

Bród as d' Áit 2013

Ghlac baile Chúil an tSúdaire dámhachtain dara háit sna Dámhachtainí Bliantúla Uile-Oileáin Mórtas Ceantair IPB a fógraíodh ag searmanas fleáchais i nDoire an 16 Samhain 2013.

Fuair Cúil an tSúdaire an gradam i gCatagóir a Cúig, a bhaineann le daonraí os cionn 2,000 duine.

Chuaigh an tAire Phil Hogan TD, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le Martin McGuinness MLA, an LeasChéad-Aire, an Méara, an Comh. Martin Reilly, Comhairle Cathrach Dhoire, Christopher Moran, Cathaoirleach ar Chomhoibriú Éireann, Tom Dowling, Cathaoirleach Coiste Mórtas Ceantair agus George Jones, Cathaoirleach ar IPB, a rinne urraíocht ar an imeacht, d'fhonn an dámhachtain a bhronnadh ar an ngrúpa.

Mhol an bheirt Airí Comhoibriú Éireann as na Dámhachtainí Mórtas Ceantair agus as a gcuid oibre chun dea-chaidreamh a fhorbairt ag leibhéal pobail trí mheas frithpháirteach agus chomhoibriú a chur chun cinn. Shonraigh siad gur dea-eiseamláir den spiorad pobail atá ar fáil go minic ar fud na hÉireann iad na daoine a ainmníodh le haghaidh dámhachtainí, mar a bhfuil daoine tiomanta do dhifear dearfach a dhéanamh ina bpobal áitiúil.

Déanann Árachais Chomhlachtaí Éireannacha Tta. urraíocht ar Mhórtas Ceantair, atá ina 11ú bliain anois, agus déanann Comhoibriú Éireann é a óstáil faoina Chláir Údarás Áitiúil, a chuimsíonn oifigigh ó údaráis sa dá chuid d'Éirinn. Is é aidhm an chomórtais aitheantas a thabhairt do thionscnaimh a dtugann pobail áitiúla fúthu d'fhonn mórtas as a gceantar a chruthú agus an méid ríthábhachtach a chuireann grúpaí pobail leis an tsochaí a cheiliúradh. Díríonn an comórtas ar dhaoine ag teacht le chéile d'fhonn a bhfuil maith faoina gceantar a mhúnlú agus a fheabhsú agus taitneamh a bhaint as.

Bhí ríméad ar Margaret Guijt-Lawlor, ar Ann Dunne agus ar Rita Behan, arb as Cúil an tSúdaire iad, glacadh leis an dámhachtain don dara háit thar ceann a bpobail áitiúil, a d'oibrigh go han-dícheallach leis an gcuma is fearr a chur ar a mbaile i mí Iúil 2013. D'ainneoin na ndúshlán le déanaí a bhaineann le daonra ar tháinig méadú mór air agus leis na fadhbanna a ghabhann le haimsir chúlaithe, thaispeáin siad gur breá le muintir Chúil an tSúdaire a mbaile agus go bhfuil siad ag obair le chéile d'fhonn na dúshláin sin a shárú trí thionscnaimh phobalbhunaithe san oideachas agus san oiliúint, trí chúram a thabhairt dá saoránaigh scothaosta, trí phleananna comhtháite baile, agus trí obair an phobail chun an baile agus a thaitneamhachtaí a fhorbairt, le linn fiontraíocht áitiúil agus tacaíocht do ghnó áitiúil a chur chun cinn. Thar rud ar bith eile, thaispeáin muintir Chúil an tSúdaire an spiorad iontach saorálaíochais a d'fhás sa bhaile le blianta beaga anuas agus a chothaíonn an baile agus a phobal ar gach bealach.

Bhí Cúil an tSúdaire ar cheann amháin de thrí iontráil a rinne ionadaíocht do Laois i gComórtas Mórtas Áite 2013 - chuaigh Cnoc Maí i bPort Laoise san iomaíocht sa Chatagóir um Eastáit Tithíochta agus chuaigh Líonra Ealaíon Laoise Thoir Theas san iomaíocht i gCatagóir Eisiúna Aonair dar teideal "Ealaíona Pobail".

Rinne an Comh. Martin Phlean, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, a d'fhreastail ar na Dámhachtainí i nDoire, rinne sé comhghairdeas le gach iontrálaí de chuid na Laoise as a n-obair dhícheallach agus ionadaíocht á déanamh acu dá gcontae agus dá bpobail áitiúla ar bhealach chomh maith sin sa chomórtas. Mhol sé tiomantas na ndaoine sin a d'ullmhaigh le haghaidh na laethanta molta i mí Iúil anuraidh agus a ghlac páirt sna laethanta sin.

Dúirt Anna Marie Delaney, an Stiúrthóir Seirbhísí, go bhfuil ríméad ar Chomhairle Chontae Laoise bheith bainteach leis na bearta dearfacha sin atá á ndéanamh ag pobail agus thug sí aitheantas don chúnamh a thug gach gníomhaireacht áitiúil agus náisiúnta sa phróiseas um fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach ár gcontae.

Gníomhaíochtaí Eile Pobail agus Fiontair

Seirbhís Idirghabhála Pobail

Chabhraigh Comhairle Chontae Laoise in 2013 le Seirbhís Idirghabhála Pobail Laoise a sheoladh i gcomhar le Comhpháirtíocht Laoise. Seoladh an tseirbhís seo, ar seirbhís dheonach ina hiomláine í, in Áras an Chontae i mí Mheán Fómhair 2013.

Agus é ag labhairt ag an seoladh, dúirt an tUas. Chris Uys, ar ball bunaidh é, gur féidir le haon duine úsáid a bhaint as idirghabháil i gcás coinbhleachta nó i gcás ina bhfuil cliseadh cumarsáide. Cásanna samplacha is féidir a réiteach trí idirghabháil iad saincheisteanna pobail, díospóidí comharsanachta, easaontuithe teaghlaigh, coinbhleachtaí tuismitheoireachta agus cothabhála, saincheisteanna scoile agus grúpa ógra agus a lán eile. Is é is idirghabháil ann ná rogha eile ó réiteach díospóid dlí nó díospóide breithiúnaí ag céim ar bith den choinbhleacht; is é an rud is fearr gur cheart teagmháil a thosú ag an gcéim is luaithe is féidir, áfach. Chomh maith leis sin, cuirfidh an tseirbhís cothroime rochtana do chách, gan idirdhealú, agus mar sin de, cuirfidh sí le hacmhainn a thógáil i bpobail d'fhonn easaontuithe a réiteach.

Baill den phobal a thugann a gcuid ama go deonach d'fhonn díospóidí a idirghabháil iad na hidirghabhálaithe go léir. Fuair na daoine aonair sin oiliúint fhorleathan i scileanna idirghabhála, réiteach coinbhleachta agus cumarsáide agus tá siad creidiúnaithe nó deimhnithe ag comhlachtaí gairmiúla náisiúnta nó idirnáisiúnta. Fiontraíocht shóisialta is ea Idirghabháil Phobail - tá sí pobalbhunaithe agus treoraithe ag an bpobal.

Is féidir an tSeirbhís a rochtain ach glao a chur ar 085 863 6969 nó r-phost a sheoladh chuig communitymediate@gmail.com.

'Cr0sstheline'

D'oibrigh Comhairle Chontae Laoise go dlúth le meánscoil Scoil Chríost Rí, Port Laoise, in 2013 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscadal "Cr0sstheline" agus tosú ar é a chur i bhfeidhm, i leith feasacht meabhairshláinte piara le piara a d'fhorbair daoine óga. Sholáthair cúigear daltaí 5ú bliain seisiúin dá bpiaraí i Scoil Chríost Rí, chomh maith le for-rochtain a dhéanamh ar dhaltaí 2ú bliain i bPobalscoil Mhóinteach Mílic agus ar dhaltaí 6ú bliain i Scoil Náisiúnta Phóil, Port Laoise, le cúnamh ón Rannóg Pobail agus Fiontair de Chomhairle Chontae Laoise. Táthar ag súil go bhforbrófar an tionscadal tuilleadh leis na daltaí sa bhliain romhainn.

Comhpháirtíocht Ghnó Scoileanna

In 2013, thosaigh Comhairle Chontae Laoise comhpháirtíocht iontach agus nua le daltaí 5ú bliain i gColáiste Phort Laoise d'fhonn cur i gcrích scoile a spreagadh trí thosú ar chlár dar teideal "Scileanna ag an Obair" a chur i bhfeidhm. Tá meantóireacht á déanamh ag foireann na Comhairle ar 25 dalta le linn scoilbhliain 2013/2014. Go dtí seo, chuimsigh sé cuairt ar Áras an Chontae le bualadh le fostaithe na Comhairle agus beannú dóibh, cuairt ar Stáisiún Dóiteáin Phort Laoise agus seisiún le Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle i leith scileanna agallaimh agus CVanna a ullmhú. Beidh bréagagallaimh a dhéanfaidh fostaithe na Comhairle agus seisiún aiseolais a thabharfaidh daltaí a ghlac páirt ann ag deireadh an chláir.

Ionadaíocht

Dhein foireann de chuid Rannóg Pobail & Fiontraíochta ionadaíocht ar son Bhord Forbartha an Chontae agus Chomhairle Chontae Laoise ar a lán Bhord agus Coistí le linn 2013 agus chomhoibríodar leis na gníomhaireachtaí/eagraithe seo a leanas ar thionscnaimh éagsúla agus ar fhiontair le linn 2013:

- Comhlacht Comhpháirtíochta Laoise,
- Páirtíocht Spórt Laoise,
- Turas Laoise,
- Bord Fiontar Chontae Laoise,
- Coiste Cúraim Leanaí Laoise,
- Tionscnamh Caitheamh Aimsire BLOC agus PORT um Gharda Síochána,
- Port Laoise Óige Cafe Cuibhreannas
- Laoise Áitiúla Drugaí Íonra,
- LABEL, Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise,
- Laoise Coiste Gairmoideachais Coiste Óige
- Ionad Faisnéise na Saoránach,
- Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach Lár na Tíre agus
- Coiste Coimhlinte & Idirghabhála Lucht Siúil Lár na Tíre.
- Grúpa Comhoibritheach Sláinte Mheabhrach Laoise

TURASÓIREACHT

Ócáidí & Féilte

Bhí páirt ghníomhach sa rannóg Turasóireachta de Chomhairle Chontae Laoise i Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe Féile agus Imeachtaí agus ina próifíl a fhorbairt ar fud 2013. Ins an liosta thíos feictear roinnt de na ócáidí móra a bhí ar siúl le linn na bliana.

Seoladh Imeachtaí an Tóstail i Laois

Bhí páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise i gcomhpháirt le Coiste Turasóireachta Laoise i dTóstal 2013 a chur chun cinn. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh ar na himeachtaí agus na féilte a bheadh ar siúl ar fud na bliana. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh cruinniú poiblí ar siúl chun plé a dhéanamh ar na smaointe éagsúla le haghaidh imeachtaí Tóstail agus breacchuntas a thabhairt ar na struchtúir a bheadh i bhfeidhm d'fhonn tacú leis na himeachtaí/na smaointe sin. Bhí an tUas. Leo Varadkar TD, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, i láthair d'fhonn aitheasc a thabhairt don slua mór an oíche sin.

Slua mór, lenar áiríodh Eagraithe Féilte, Coistí Tionól Teaghlaigh agus ionadaithe ó roinnt mhaith eagraíochtaí ó gach cearn den chontae a raibh imeachtaí Tóstail á n-eagrú acu ar fud na bliana, d'fhreastail sé ar sheoladh oíche Imeachtaí an Tóstail i Laois a bhí ar siúl i mí Feabhra. Le linn na bliana, bhí breis agus 90 Imeacht Tóstail ar siúl ar fud Laoise, lenar áiríodh dhá Thionscadal Shuaitheanta ar mhaoinigh Fáilte Ireland, Comhairle Chontae Laoise agus Árachais Chomhlachtaí Poiblí Éireannacha iad: is iad sin, Scoil Tionscnaimh James Fintan Lalor agus Taispeántas Taipéise Chumann na gCarad a cuireadh ar siúl i Músaem Mhóinteach Mílic agus ar óstáil Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic é.

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Bhí Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise ar siúl ó Luan Aibreáin 29 – Bealtaine 2. Seo an naoú bliain go bhfuil an dúshlán ar siúl agus meallann sé imreoirí ón iasacht a thagann ar ais gach bliain chun páirt a ghlacadh san ócáid agus briseadh taitneamhach a bheith acu i gContae Laoise.

D'imríodh an comórtas i mbliana i gCumann Gailf Chúl a' tSúdaire, an Fraochmhá agus Port Laoise agus bhí an babhta ceannais ar siúl in Ionad Gailf & Spa, an Oidhreacht, Cill an Aird.

Ghlac seasca ocht imreoirí ghailf páirt ins an dúshlán gailf thar trí lá leis an fiche foireann leis na scóir is fearr san chluiche ceannais in Ionad Gailf & Spa, An Oidhreacht, Cill an Aird.

Bhí searmanas na nDuaiseanna don ócáid ar siúl ar an 2ú lá Bealtaine ag an Ionad Gailf & Spa, An Oidhreacht , Cill an Aird. Bhí an t-Uas Justin Treacy (RTE Sport) mar MS ar an oíche agus d' fhógair sé torthaí na nduaiseanna uile a bronnadh ar an oíche. Bronnadh os cionn tríocha duais do ghalfairí éagsúla le linn an chomórtais mar is giorra don mbrat, an tiomáint is faide, duaiseanna tríú, dara agus céad thar an comórtas cheithre lá.

Oifig Thurasóireachta agus Eolas Ghnó

Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag tacú le reáchtáil na hOifige Turasóireachta i gCearnóg an Leastaraigh, Port Laoise, ar fud na bliana. Tá an Oifig Turasóireachta ar oscailt cúig lá sa tseachtain. Chomh maith leis sin, áitíonn an Comhlachas Tráchtála agus Grúpa Trádálaithe Gnócheantair Phort Laoise na hoifigí freisin, ag tairiscint seirbhíse don phobal.

Babhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí

Ghlac seasca haon mná óga páirt i mBabhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí thar dheireadh seachtaine Saoire Bainc Mheithimh. Cuireadh féile deireadh seachtaine le "Buille ar an tSráid" ar siúl i mBaile Phort Laoise ina ndearna na Rósanna cuairt a thabhairt ar scoileanna áitiúla, freastal ar Aifreann i Mainistir Laoise, cuairt a thabhairt ar Ospidéal Mhainistir Laoise agus ar Theach an Choilm, agus ar Theach agus Gharraithe Ioma agus Caisleán Dharú freisin. Ghlac na Rósanna páirt, chom maith, i mórshiúil Bhaile Phort Laoise ar Shatharn ar an 1ú Meitheamh 'Baclóga' ó na scoileanna trasna an Chontae agus iad á seoladh i ngluaisteáin chlasaiceacha ó Bhaill Choiste Ghluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett.

Rith Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Bhí Rith Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett ar siúl thar deireadh seachtaine Saoire Bainc Mheithimh. Bhí fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl in Aras an Chontae ar Aoine Bealtaine 31 chun fáilte a chur roimh cuairteoirí, rompu san a tháinig thar sáile, ach go h-áirithe, chun cuairt a thabhairt ar Laois.

Thiomáin lucht páirtíochta Bealach Stairiúil Gordon Bennett thar an deireadh seachtaine agus bé an buaic-phointe do a lán acu an pháirt a ghlacadar i bParáid Réigiúnach Fhéile Rós Thrá Lí trí bhóithre Phort Laoise ar an 1ú Meitheamh.

Tá Féile Gordon Bennett mar chuid thábhachtach anois de Fhéile Réigiúnach Rós Thrá Lí i bPort Laoise.

Slógadh Chroí-Thailte Laoise

Bhí Slógadh Chroí-Thailte Laoise ar siúl i gCo. Laoise ag deireadh seachtaine 8ú/9ú Meitheamh. Bé seo an triú bliain gur dhein Laois óstaíocht ar an ócáid agus bhí éagsúlacht mheasctha de spraoi agus scléip do lucht leanta slógadh gluaisteán agus dá gclanna. Bhí dhá rás céime 20Km ar siúl ar Domhnach an 9ú Meitheamh agus le linn an tSathairn bhí gnéithe mar sheirbhísiú, scrúdú na ngluaisteán agus bhí searmanas Tús oifigiúil na h-

ócáide ar siúl tráthnóna De Sathairn.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí páirt ghníomhach ag an gComhairle sa Chontae a chur chun cinn ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair agus tá sí ag súil le fáilte a chur roimh an imeacht i Laois arís in 2014.

RANNÓG NA N-EALAÍON

Scoil Cheoil Laoise

Leanann Scoil Cheoil Laoise le bheith mar Lár Ionad den Scoth do mhúineadh ceoil i Lár na Tíre le os cionn 300 dalta ag fáil teagaisc i raon leathan uirlisí, ag fostú ocht múinteoir déag páirt aimsire agus Chomhordaitheoir amháin lán aimsire. I mí Mheán Fómhair, rinneadh iarratas rathúil ar Thionscadal Eorpach Leonardo 'Playing for Success in Music', a chuimsíonn comhoibriú le ceoltóirí agus le Scoileanna Ceoil sa Fhrainc agus sa Tuirc agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an bhliain 2015.

Gineadh Ceoil Laoise

Is iomaí buaicphointe ceoil a bhí ann in 2013. Áirítear leo siúd dhá dheis a chuir Giniúint Ceoil ar fáil, is iad sin, an taibhléiriú a thug Grúpa Drumadóireachta Stampede do The Edge ó U2, do Paul McGuinness, don Aire Ruairí Quinn agus do gach duine a d'fhreastail ar an Seimineár tionscnaimh le haghaidh Comhpháirtíochtaí Oideachais Cheoil i mBaile Átha Cliath ann 22 Eanáir, agus an uair a tháinig Bus John Lennon go Port Laoise i mí Lúnasa chun ceardlann aonuaire cumadóireachta amhrán a chur ar fáil do rannpháirtithe. Faoi dheireadh na bliana 2013, bhí breis agus 750 leanbh agus duine óg ag freastal ar sheisiúin cheoil sheachtainiúla ag Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Laoise.

Amharc Óige Laoise

Bhí bliain broidiúil ag Amharclann Óige Laoise i 2013 lena lán ceardlanna, taispeántais agus malartaithe ar siúl le linn na bliana. Chuir Téatar Ógra an tSráidbhaile taibhléiriú den scoth ar fáil in Ionad Ealaíon Dhún Másc Dé Sathairn an 4 Bealtaine. Léirigh baill den téatar ógra DNA, ar greanndráma dorcha é a chum Dennis Kelly, agus é stiúrtha ag Siobhán Coffey agus Trevor Mulhare.

Ionad Ealaíne Dhún Masc

Leanann Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag tacú le hIonad Ealaíon Dhún Másc mar cheann amháin de na príomhionaid Ealaíon i Laois.

Teach Ealaíne An tSráid Bhaile

Bhí méid áirithe ócáidí suimiúla agus buacacha ar siúl ag Teach Ealaíne an tSráid Bhaile le linn na bliana mar cheardlanna, turais agus taispeántais. Áiríodh leis na buaicphointí sraith máistir-ranganna, imeachtaí le haghaidh Fhéile Bhealtaine, Lá Náisiúnta Líníochta, Oíche Chultúir agus Féile Liteartha na nDuilleog.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Reáchtáladh an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna i 7 scoil i rith 2013. Leis an scéim seo tugtar deis do na daltaí taithí chuimsitheach a bheith acu le healaíontóirí proifisiúnta agus freisin chun taithí a fháil ar mheáin ealaíona difriúla.

Féile na Bealtaine – Do Dhaoine anonn i mblianta

Léirigh an Oifig Ealaíne clár ócáidí do dhaoine anonn i mblianta le linn Mí Bealtaine ina raibh sraith turais agus saotharlanna leis na h-ealaíontóirí cónaitheacha agus cuairteoirí ag an dTeach Ealaíne i Sráid Bhaile.

Tograí Comhoibreacha Lár Tíre

Foilsíodh dhá irisleabhar chultúrtha agus ealaíona de chuid Lár Tíre i 2013 agus dáileadh iad mórthimpeall Cheantair an Láir. Sraith de ranganna Máistir Lár Tíre ina raibh eiseachadadh de ranganna proifisiúnta máistir/ cúrsaí forbartha do scríbhneoirí agus do grianghrafadóirí.

Clár Ealaí Samhraidh

Bhí sraith de cheardlanna ealaíne ar siúl timpeall an chontae ina raibh tionscnaimh uileghabhálacha san Mhóinteach Mílic, i Maighean Rátha agus i bPort Laoise.

Oíche Chultúir Náisiúnta

D' Éirigh thar barr leis an Oíche Chultúir ar Aoine 20ú Meán Fómhair le hócáidí saora ar siúl timpeall Laoise ar fad ina raibh saotharlanna, taispeántais, léirithe drámaí, coirmeacha ceoil agus tuilleadh leo do gach aois-ghrúpa.

Scoil Tionscnaimh James Fintan Lalor

Í mí Dheireadh Fómhair, chuimsigh sí dráma le Mike Finn, drámadóir agus scríbhneoir scáileáin, a coimisiúnaíodh go speisialta a chur ar an ardán, agus é taibhithe ag Paul Meade agus ag Myles Dungan, ar Craoltóir RTÉ é. Foilsíodh leabhar dar teideal "Glimpses of James Fintan Lalor Through The Eyes of Children". Ba é sin an toradh a bhí ar obair a rinneadh thar roinnt míonna i Scoil Náisiúnta an Ráithín le Ann Egan, scríbhneoir.

Féile Litríochta na Leathanach

San áireamh i bhFéile Litríochta na Leathanach i Mí na Samhna bhí clár lán de shaotharlanna leanaí, de shaotharlanna scríbhneoireachta daoine fásta, seoladh leabhar, léitheoireacht agus ceol.

Ar na gníomhaíochtaí eile bhí

- Dámhachtainí Deontas Gníomh Ealaíon
- Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie
- Taispeántais
- Áiríodh leis na Tionscadail 'Céatadán ar son na hEalaíne' - deireadh a chur le Tionscadal Mhótarbhealach an M7
- Imeacht an Lae Náisiúnta Filíochta
- An Lá Náisiúnta Ceoil
- Tacú le Féilte - Féile Drámaíochta Mhóinteach Mílic, agus Féile Scéalaíochta Shliabh Bladhma.
- An Plean Nua Ealaíon 2013 – 2016

Comharthaí Comhlíonta	2011	2012	2013
Méid Deontas Ealaíona Leithdháilte	49	47	46
Per daonra 1,000	2430	2150	2108
Méid Amharclann Óige	4	4	3
Siopaí Oibre Ealaíona an t-Samhraidh	18	18	18
Méid na Mac Léinn – Scoil Ceoil Laoise	380	330	310
Gineadh Ceoil Laoise			768

AN RANNÓG SPÓIRT & FÓILLÍOCHTA

Dhein An Rannán Spóirt agus Fóillíochta seachadadh ar ábhar maith ócáidí agus gníomhaíochtaí rafara le linn 2013. B'iad na cinn ba shuaithinseacha:

Oscailtí Clós Súgartha - Baile Uí Laigheanáin agus Tigh Mochua

D'oscail Miriam O'Callaghan Uasal, Craoltóir le RTÉ, Clós Súgartha Ghort an Ghréasaí, Páirc Wynne, Baile Uí Laigheanáin, go hoifigiúil an 1 Bealtaine 2013. D'fhorbair Comhairle Pobail Bhaile Uí Laigheanáin an tsaoráid i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise agus chuir Cuideachta Chomh-pháirtíochta Laoise maoiniú ar fáil.

D'oscail Paul Mitchell CCC, an Cathaoirleach, Comhairle Chontae Laoise, Clós Cloigthí, ar fhorbair Grúpa Clóis Súgartha Thigh Mochua é, an 14 Meitheamh 2013.

Tá an dá fhorbairt de chlóis súgartha ina n-eiseamláirí den scoth d'obair na ngrúpaí pobail. Ní amháin gur shainaithin siad gá ina gceantar, d'oibrigh siad go dothuirsithe le bheith ábalta aghaidh a thabhairt ar an ngá sin in aimsir dhoiligh agus dhúshlánach. Is sampla é den mhéid is féidir a dhéanamh nuair a oibríonn pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla le chéile chun áiseanna a chur ar fáil nach rachaidh chun tairbhe do leanaí an cheantair atá díreach thart orthu amháin ach a rachaidh chun tairbhe do leanaí na bpobal mórthimpeall freisin. Tá an dá shaoráid á mbainistiú ag Comhairle Chontae Laoise anois.

Forbairtí Clóis Súgartha - Teach na Bearú agus Cúil Ruáin

D'éirigh leis na Coistí Bailte Slachtmhara de chuid Chumann Pobail Theach na Bearú Tta. agus Chúil Ruáin maoiniú a fháil ó Chuideachta Chomh-pháirtíochta Laoise d'fhonn saoráidí clóis súgartha pobail a fhorbairt. Cuireadh tús le hobair ar na tion-scadail sin i bhfómhar na bliana 2013 agus osclófar an dá cheann díobh in earrach 2014.

Seachtain Náisiúnta na Rothar 2013

Bhí Seachtain na Rothar ar siúl an 15 - 25 Meitheamh 2013. Chomhordaigh Comhairle Chon-tae Laoise sraith imeachtaí le cúnamh ó ghrúpaí pobail ar fud an chontae. D'fhreastail na himeachtaí ar dhaoine ar gach aois agus ag a bhfuil gach cineál cumais agus d'fhreastail breis agus 462 rannpháirtí orthu. Cuireadh Imeachtaí Rothaíochta Spraíúla do Theaghlaigh ar siúl ar an gCloch, i gCoill Uí Dhúlaigh agus i Mainistir Laoise.

Chuir Turasóireacht Laoise Theas agus Club Rothaíochta Osraí Rás 100 km 'Dhúshlán an Bhealaigh' ar siúl Dé Domhnaigh an 23 Meitheamh ón gCearnóg, Darú. Bhí freastal maith ann agus tháinig Rothaíocht 40 km ina dhiaidh sin.

Imeacht nua a cuireadh leis in 2013 ba ea 'Cycle your Wobbles Away', Scoil Náisiúnta Phóil, Port Laoise, d'fhonn comhordú leanaí ar rothair a fhor-bairt agus cabhrú leo bheith ag rothaíocht go neamhspleách.

Ar chuid de Chlár Sábháilteacht Bhóthar na scol bhí Saotharlann Sábháilteachta Rothar ar siúl in Áras an Chontae, Port Laoise agus ina theannta san bhí Lá Meabhraíochta Rothar ar siúl ag MYDC san Mhóinteach Mílic. Thug an saotharlann eolas faoi shábháilteacht le linn rothaíochta, conas rothair a sheiceáil agus bhí spóirt leis na rothair, chomh maith.

Clár Gníomhaíochta na Leanbh

D'eagraigh agus dhein Comhairle Contae Laoise seachadadh ar chlár gníomhaíochta don Cháisc agus don Samhradh mórthimpeall an chontae i 2013. Soláthraíodh Leadóg Páirceanna i Mainistir Laoise, i Ráth Domhnaigh, i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire. Cuireadh clár na Cásca ar fáil i Mainistir Laoise, ar an Sráidbhaile, i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire agus soláthraíodh ár gclár Samhraidh ceithre seachtaine – Camp Co Co – i mBaile Cholla, i gCúil an tSúdaire, i mBaile Uí Laigheanáin, ar an mBaile Fionn, i gCluain na Slí agus i bPort Laoise. Ghlac níos mó ná 650 leanbh páirt sna cláir ghníomhaíochta sin.

Lá Súgradh Náisiúnta 2013

I gcomhpháirt le Grúpa Clóis Súgartha Ráth Domh-naigh, sholáthair Comhairle Chontae Laoise imeacht teaghlaigh in aisce ag Coláiste Fheargail, dar teideal 'An dóigh ar Shúgraíomar' d'fhonn Lá Náisiúnta Sú-gartha a cheiliúradh i mí Iúil 2013. Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Tóstal maoiniú ar fáil don imeacht. Bhí slua maith i láthair agus ní raibh an bháisteach ró-fhada uainn riamh ach níor thóg san ó dhíograis an 500 a bhí páirteach.

Seachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire 2013 - 'Leomhadh chun Iarracht a Dhéanamh'

Go bunúsach, is é is Seachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire 2013 ann ná comhthionscnamh idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Údaráis Áitiúla. Ba é an téama le haghaidh imeach-taí 2013 ná 'Leomhadh chun Iarracht a Dhéanamh'. Tá Seachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire dírithe ar

dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois. Is é cuspóir foriomlán an imeachta ná béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh aimsire do dhaoine óga agus cur chuige idirghníomhaireachta a spreagadh ar mhaithe le roinnt de na príomhspriocanna i mBeartas Náisiúnta Caitheamh Aimsire na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhaint amach. Bhí imeachtaí do Sheachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire 2013 i gCo. Laoise ar siúl ón 24 go dtí an 30 Meitheamh agus thairg an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige deontas suas go dtí €1,700 i mbliana d'fhonn 'Gníomhaíochtaí Eachtraíochta um Leomhadh chun Iarracht a Dhéanamh' a mhaoiniú do dhaoine óga i Ráth Domhnaigh, i Móinteach Mílic agus i Maighean Rátha.

An Tionscnamh um Chluichi ar an Bhfaiche

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise isteach i gcomhpháirtíochtaí le Cumann Peile na hÉireann, le Rugbaí Laighean agus le CLG Laoise chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar oifigigh forbartha a fhostú le haghaidh clár um spórt sa phobal a sholáthar.

Sa chlár um Chluichí ar an bhFaiche, sholáthair oifigigh forbartha seisiúin chóitseála do leanaí in eastáit ar fud an chontae. Tá an clár dírithe ar leanaí idir 6 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois ar bhonn seachtainiúil ar feadh 8 seachtaine. Le cúnamh ó oibrithe deonacha áitiúla, chuir an t-oifigeach forbartha seisiúin spraíúla chóitseála i bhfeidhm chun gníomhaíocht choirp na leanaí a mhéadú i dtimpeallacht shábháilte. Is saor in aisce atá gach clár pobail agus tá siad ar oscailt do bhuachaillí agus do chailíní araon. Ba iad na heastáit a clúdaíodh i gclár peile 2013: Eastát Bhríde, Plás an Dochtúra Uí Mhurchú, Plás Uí Mhóra, Gleann an Locha, Coill/Radharc/Cúirt an Choiléirigh (Port Laoise), Lána na hÁithe, an Mhóin Bhán (Maighean Rátha), Coill na Cúirte agus Clann Mhaoilíora (Cúil an tSúdaire).

Comhairle Contae Laoise/Peil CPÉ san Chlár Pobail

Lá Blitz Peile Pobail

Tar éis an chéad bhloc peile a chur i gcrích, eagraíodh lá blitz i gcomhar le Comhpháirtíocht Laoise. Rinne grúpaí leanaí ó Eastát Bhríde, ó Phlás an Dochtúra Uí Mhurchú, ó Phlás Uí Mhóra, ó Ghleann an Locha, ó Choill/Radharc/Chúirt an Choiléirigh, ó Lána na hÁithe agus ó Ionad Forbartha Ógra Mhóinteach Mílic cuairt a thabhairt ar Ionad Fóillíochta Phort Laoise go luath i mí an Mheithimh chun páirt a ghlacadh i lá iontach spraoi agus taitnimh. Bhí na grúpaí go léir á gcomhordú ag oibrithe deonacha agus ag baill foirne ag cláir iarscoile ina gceantar. Bhí lá an bhlitz struchtúraithe ina dhá ghrúpa. Chuaigh leanaí 6-8 bliain d'aois agus 9-12 bliain d'aois san iomaíocht i gcluichí agus i gciceanna pionóis. Fuair gach duine a ghlac páirt ann duais éarlaise.

Clár Sacar na n-Óg

Tugadh Sacar Tods isteach chun gníomhaíocht sacair a soláthar do bhuachaillí agus do chailíní idir thrí agus sé bhliain d'aois. Ó thús an chláir léiríonn sé go bhforbraíonn sé na leanaí agus dealraíonn sé gur dhócha go mbeidh siad bainteach le club nuair a bhíonn an tréimhse linne thart. Tá an clár thar thréimhse 8 seachtaine agus costas de €30 air. Ghlac 164 duine páirt sa chlár in 2013. Reáchtáladh 3 sheisiún sa bhliain i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire araon. Oibríonn an clár ar scileanna bunúsacha sacair mar pasáil, druibleáil, aimsiú agus obair chúl bháire. Ní comórtas atá i gceist.

Sacar na Mná/gCailíní

Clár na nDeirfiúracha Sacair

Tá an clár seo curtha le chéile ag Aonad Ban CSÉ chun an chaoi a thabhairt do chailíní idir 7 – 12 páirt a ghlacadh i sacar. Tá mórán cailíní i Laois faoi láthair nach bhfuil cúram á thabhairt dóibh ag na clubanna. Ach leis na deirfiúracha sacair agus leis na seisiúin 'buail isteach chugainn' tá níos mó cailíní ag fáil an deis sacar a imirt. Tá ceangail a dhéanamh leis na clubanna fíor-thábhachtach mar tá roinnt de na clubanna tar éis imirt le foirne ó na cailíní a fhreastal ar an gclár. Reáchtáladh campa Deirfiúracha Sacair i mBaile Uí Laigheanáin i gcomhar le Club Sacair Naomh Áine.

Peil don Uile Dhuine

Tá clár CSÉ don uile dhuine déanta suas de chláir sacair atá rite do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Tá a lán deiseanna ann do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Laistigh de Laois, oibríonn oifigeach forbartha CSÉ le roinnt grúpaí difriúla leis an nGréasán Náisiúnta Foghlama, Scoil Speisialta Naomh Francis agus Cúram Athshlánaithe san áireamh. Tá na grúpaí roinnte de réir a gcumais le grúpa amháin leis an gcumas is laige ag glacadh páirt i seisiúin gach Déardaoin agus an grúpa leis an scil níos fearr ag glacadh páirt ins na seisiúin gach De h-Aoine.

Sraith Sráide Phort Laoise

Reáchtáladh na Sraithchomórtais Sráide thar 10 seachtaine ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa agus chuir siad gníomhaíocht sheachtainiúil ar fáil do na rannpháirtithe.D' Imir na foirne ar bhonn seachtainiúil san chomórtas coirn aon lae ann. In 2013, lean líon mór daoine ar aghaidh ag glacadh páirt ann. Ghlac 120-130 duine páirt ann gach seachtain. Fuair na buaiteoirí agus lucht an dara áit duaiseanna ar lá na toirbhirte agus anois táid ag seasamh do Laois i gCluichí Ceannais Sraith Chomórtais Sráide Uile Éireann i dTamhlacht in Aibreán 2014. Mar thoradh ar a rathúla is atá an clár, tá tuilleadh daoine aonair nach nglacann páirt sna cláir seo de ghnáth ag iarraidh bheith páirteach iontu agus is é is aidhm dóibh trialacha a fháil le gur féidir leo ionadaíocht a dhéanamh dá dtír.

Rós Thrá Lí - Babhtaí Ceannais Réigiúnacha

Den chéad uair riamh, chuir na Rósanna a bhí ag glacadh páirt sna Babhtaí Ceannais Réigiúnacha i bPort Laoise a gculaith spóirt orthu le páirt a ghlacadh i gcluiche peile idir Éire agus an Chuid Eile den Domhan mar chuid den fhéile. Agus cúnamh á fháil ó na treoraithe, ó na heagraithe, ón gcosaint shibhialta agus ó Ghardaí áitiúla, d'éirigh go geal leis an gcluiche. Bhí ciceanna pionóis de dhíth chun an buaiteoir a fháil, arbh é an fhoireann don chuid eile den domhan é.

LEABHARLANNA

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 6 brainse páirtaimseartha agus 4 bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá Seirbhísí Leabharlanna san chontae ag leanúint ag soláthar spáis den scoth do ranna an phobail áitiúil. Soláthraíonn leabharlanna poiblí i Laois níos mó ná leabhair amháin agus tá seirbhísí leathana acu ins na chraobhacha uile. Ina measc siúd tá seirbhísí idirlíon banda leathan ag rátaí an-réasúnta, priontáil, fótachóipeáil agus áiseanna scanadh, WIFI saor do bhaill, leabhair éisteachta, DVD'na, ceol, acmhainní ar líne, páipéir laethúla agus irisleabhair, ócáidí saora agus clubanna. Soláthraíonn leabharlanna nua-aimsire timpeallacht cultúrtha agus oideachasúil a thugann spás agus rochtain dóibh siúd gur mian leo a saol ó lá go lá a shaibhriú.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Bhí réimse mór ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag Leabharlann Chontae Laoise i ngach Leabharlann Brainse mórthimpeall an chontae i 2013. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta mórthimpeall an chontae taitneamh as an réimse ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhí eagraithe ag foireann na leabharlanna. Bhí clár na bliana seo gnóthach agus lán de spórt le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíona, ceadail ceoil, clubanna leabhar agus seanchas ann.

I measc bhuaic-phointí na bliana bhí Seachtain Leabharlann Éireann, Seachtain Oidhreachta, oíche Chultúr agus Féole Leabhar na Leanaí.

eFhoghlaim FÁS agus Foghlaim Ríomhaireachta

Lean Leabharlanna Laoise, i bpáirtíocht le FÁS, le togra "eFhoghlaim FÁS ag an Leabharlann" i leabharlanna faoi leith i Laois. D'fhorbair FÁS an clár nua foghlama do dhaoine a bhfuil beagán scileanna TF acu, nó gan scil TF ar bith acu, agus do dhaoine chomh maith a bhfuil roinnt scileanna bunúsacha acu.

Tá an tionscnamh ag rith go h-an-rafar i Mainistir Laoise, i Maighean Rátha, sa Mhóinteach Mílic agus i leabharlanna Phort Laoise agus liostaí feithimh ar gach cúrsa.

WIFI

Tá WIFI ar fáil anois i Leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire, Mhóinteach Mílic agus Ráth Domhnaigh.

Ciste Leabhar

Bé €45,000 an Ciste leabhar do 2013.

Seomra Scéalta - Dúshlán léitheoireachta Samhraidh

Arís eile, d'éirigh go geal le Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh na leabharlann le linn mhíonna an tsamhraidh. Chríochnaigh os cionn cúig chéad leanaí de gach aois-ghrúpa an dúshlán ag léamh sé cinn de leabhair an duine i Mí Iúil agus i Mí Lúnasa. Cothaíonn an tionscnamh seo litearthacht agus léitheoireacht i leanaí agus meallann sé daoine de gach aois chun léitheoireachta.

Stair Áitiúil/ Staidéir

Ta rannóg staidéir Áitiúil agus Cartlanna de chuid leabharlann an chontae in úsáid go h-idirnáisiúnta go minic trí fhiosraithe e-phoist agus ag staraithe áitiúla agus ag baill an phobail. I 2013 tá foireann na leabharlanna tar éis feabhas agus breis a chur le hábhar ghréasáin na staire áitiúla www.askaboutIreland.ie. Tá rogha leathan de chártaí poist ó Chontae Laoise m.sh. Sean-léargas sráideanna agus Séadchomharthaí cáiliúla. Tá ráitis bhreise i dtaobh nósanna áitiúla agus béaloidis. Sé an nasc le leathanach Ghréasain na leabharlainne: www.laoisiie/leisureandculture/libraries/localresearch. Ta roinnt leabhar cáiliúla ar Stair Áitiúil digitithe agus iad ar fáil ar líne. Siad san "Statistical Survey of the Queens County" by Coote, "The History of the Queens County" by O'Byrne agus "The Manor of Glenmore".

Seachtain Oidhreachta – Ócáidí Leabharlanna

Dhein na leabharlanna uile óstaíocht ar roghnúchán mór ócáidí don tseachtain oidhreachta i 2013. Le linn Sheachtain na hOidhreachta, thug Irish History Live cuairt ar na leabharlanna i Maighean Rátha, i mBaile Uí Laigheanáin, ar an Sráidbhaile, i Mainistir Laoise, i Móinteach Mílic agus i bPort Laoise, agus éisteadh le Scéalta na dTúdarach agus na Lochlannach lena linn. Bhí seisiúin bheoga staire ag an staraí áitiúil, Jude Stynes, do leanaí i Leabharlanna Mainistir Laoise agus Maighean Rátha. Comóradh Seachtain na hEolaíochta sna Leabharlanna i mbliana, agus cuireadh seó bóthair eolaíochta ar siúl i Leabharlann Phort Laoise agus reáchtáladh cainteanna agus ceardlanna i Leabharlann Mhóinteach Mílic.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean Leabharlann Mhaighean Rátha ar aghaidh le h-ócáidí agus gníomhaíochtaí do leanaí le linn 2013. Lean cuairteanna míosúla agus taispeántas Leabhar ar aghaidh ach le ceird agus le h-ealaíona do na léitheoirí óga. Lean ranganna ríomhaireacht de chuid FÁS ar aghaidh. Don Cháisc bhí Ceird na Cásca do na léitheoirí óga. Do Fhéile Óg na Leanaí bhí déantús na gcupán, seónna draíochta agus cainteanna faoi chrainn ghinealaigh. Bhí an Club Cniotála seachtainiúla ar siúl gach maidin Aoine sa leabharlann agus bhí an-tarraingt air. Bhí Clubanna Leabhar do idir óg agus sean ar siúl gach mí ins an leabharlann.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Bíonn ranganna ealaíne ar siúl do leanaí ar bhonn seachtainiúil agus ócáidí míosúla i Leabharlann Mhainistir Laoise. Lean elearning de chuid FAS ar aghaidh. Lean an Áiléar Ealaíne mar an áit phríomha sa chontae do thaispeántais ealaíne sa chontae le aon cheann déag de thaispeántais ealaíne ar siúl i rith na bliana le Sheelagh Cross, Orlagh McDonough, John Byrne agus Kay Butler ag léiriú. Bhí Féile Leabhar na Leanbh thar barr arís le cuairteanna ranga agus údar ó Judí Curtin agus Niamh Sharkey. Cuireadh clubanna seachtainiúla fichille ar bun do leanaí freisin.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain bhroidiúil ócáidí ag Leabharlann Phort Laoise ina measc bhí clubanna leabhar míosúla do dhaoine fásta, ranganna cniotála, cuairteanna ranga seachtainiúla ag scoileanna áitiúla agus ag na scoileanna mór-thimpeall, e-learning de chuid FÁS, Ranganna Gaeilge seachtainiúla 'Ciorcal Comhrá' agus comórtais. Bhí ranganna scríbhneoireachta cruthaithí ar siúl ag Anne Egan i Mí Bealtaine. Tionóladh ealaíontóir áitiúil Noel Hume ar taispeáint ar a chuid oibre sa leabharlann i mí Eanáir. Bhí Tráthnóna Gaelach ar siúl ar an 13ú Marta le rince, amhránaíocht agus ceol Gaelach go raibh tinreamh de os cionn 200 ag freastal air. Ag Féile na Leabhar do Leanaí, reáchtáladh seónna draíochta, am scéalaíochta Gruffalo agus ceardlanna ceardaíochta agus léigh Don Conroy, Aubrey Flegg agus Gillian Perdue scéalta os comhair lucht féachana a raibh an-spéis acu ina gcuid saothair. Tionóladh sraith de 7 gcaint sheachtainiúla a bhain le Laois agus lena hoidhreacht Ailtireachta.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Sa bhliain 2013, ainmníodh leabharlann Mhóinteach Mílic mar cheann amháin de na 8 nIonad Faisnéise Dírí AE (IFDE) sa Tír seo. Agus é lonnaithe i láthair phoiblí na leabharlainne, tá an tIonad Faisnéise ina ionad ilfhreastail do dhaoine ar mian leo faisnéis a fháil faoin AE, amhail beartais, faisnéis nó cearta

saoránach. Óstálann an t-ionad imeachtaí AE agus gníomhaíochtaí gaolmhara freisin. Sa bhliain 2013, thionóil an t-ionad breis agus 30 ócáid, idir imeachtaí agus chainteanna, bunaithe ar an AE i leabharlann Mhóinteach Mílic, ócáidí a chuir an t-ionad agus an Eoraip a chur chun cinn

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

L: Seirbhisí Leabharlainne

L. 1	Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal	
	Líon na n-uaireanta a' chloig oscailte, ar an mheán, in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lán-aimsire::	34.50
	Líon na n-uaireanta a' chloig oscailte ar an meán do leabharlanna páirt aimseartha (nuair is cuí):	12.81
	Líon na leabharlanna lán aimsire a bhíonn oscailte am lóin.	1
	Líon na leabharlanna páirt aimsire a bhionn oscaile tráthnóna acu:	3
	Líon na leabharlanna lán aimsire a bhionn oscailte ar an Satharn:	3
L. 2	Líon iomlán na gcuairteanna ar Leabharlanna lán aimsire.	171,859
L. 3	(i) Caiteachas bliantúil ar stoc per duine sa daonra timpeall an chontae.:	0.55
	(ii) Méid na n-earraí eisithe per duine sa daonra timpeall an chontae le haghaidh::	
	- leabhair	2.52
	- earraí eile	0.59
L. 4	Méid na gcuairteanna leabharlannalán aimsire: :	22,285

Coiste Polasaí Straitéiseach An Chomhshaoil & Seirbhísí Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Kieran Kehoe

Cathaoir: John Joe Fennelly, M.C.C.

Baill	Ranna
Ray Cribbin, M.C.C.	Michael McEvoy
John Moran, M.C.C.	Sheelagh Coyle
Patrick Bowe, M.C.C.	Jason Redmond
Patrick Bracken, M.C.C.	Caroline Goucher
David Goodwin, M.C.C.	
Stephen Lynch, T.C.	

COMHSHAOL

Innealtóir Sinsir: John O'Donoghue

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach, Pleanáil agus Forbairt le linn 2013 chun plé a dhéanamh ar dhoiciméid polasaí agus tacú leo. Fuair an Coiste tuairiscí agus nuashonruithe dul chun cinn maidir le Láithreán Líonta Choillte Laoise, lenar áiríodh an Tionscadal um Úsáid Gháis, an Mheasúnacht ar an gComhphlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola, an Straitéis um Baile Taistil Ghníomhaigh, an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, Forbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta agus an Plean Gníomhaíochta Torainn.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Ghlanta Laoise

I gcomhar le Glanadh Náisiúnta Earraigh An Taisce bhí Seachtain Ghlanta Laoise ar siúl ón 15ú go dtí an 19ú Aibreán 2013. Agus é ar siúl le 10 mbliana anuas, d'éirigh go geal leis an tionscnamh i mbliana. Is maith an rud é freisin gur urraigh AES an leoraí agus an tiománaí bailithe i mbliana. Dáileadh uirlisí pioctha dramhaíl, seaicéid rí-infheicthe málaí agus lámhainní i measc na ngrúpaí líonmhaire, scoileanna agus daoine aonaracha a ghlac páirt san nglanadh ina ndúichí féin. Bhí na hOifigigh um Fhorfheidhmiú Comhshaoil ar fáil freisin chun cabhrú leis na glantacháin bheaga a bhailiú. Mar thoradh ar an bhfeachtas seo bailíodh 33.8 tonnaí bruscar.

Scéimeanna Deontais

Faoin Scéim Dheontais Pobail tugadh cistíocht do seachtó cúig grúpa do thionscnaimh éagsúla ar leas na timpeallachta agus chun na conláistí a neartú. Soláthraíonn Ciste na dTionscnamh Pobal cabhair airgid do gach ball tofa chun cabhrú le tograí fiúntacha ina gceantair féin agus déanadh próiseáil ar thríocha iarratas i 2013. Fuair fiche dó Coiste Bailte Slachtmhara cistíocht faoin dtogra Deontas na mBailte Slachtmhara. I bpáirtíocht leis an Roinn Chomhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leithdháileadh sé gcinn de dheontais chun forbairt inmharthana a chothú ag leibhéal an phobail faoin gCiste Páirtíochta Comhshaoil LA21. Díreoidh na tionscnaimh seo ar thraenáil, oideachas agus ar ghníomhaíocht mheabhraíochta chomh maith le tionscnaimh ar ghairdín scoile agus ar an mbithéagsúlacht.

Bailte Slachtmhara

Killasmeestia na buaiteoirí san iomlán – Comórtas Bailte Slachtmhara Cónaidhm Laoise.

Tá Comhairle Contae Laoise ag obair go gníomhach le Coistí na mBailte Slachtmhara chun cabhrú le infheistíocht a dhéanamh ina dtodhchaí agus deimhin a dhéanamh d'fhás leanúnach agus d'fhorbairt. Tugadh cúnamh do na grúpaí i bhfoirm Deontas Bhailte Slachtmhara, Scéim na n-Araid Rothaí Samhraidh, Seachtain Ghlanta Laoise agus Comórtas agus Duaiseanna Bhailte Feidearálacha Bailte Slachtmhara Laoise. Faoi láthair tá tríocha dó choiste sa feidearálacht agus tá an-mheas air toisc go gceadaíonn sé do bhailte agus do shráid-bhailte ar chaighdeán éagsúla dul in iomaíocht le chéile, rud b'fhéidir, nach féidir leo a dhéanamh ag leibhéal Náisiúnta. Bhí breithiúnas déanta ar an gcomórtas ag foireann na Roinne Comhshaoil faoi na cinn teidil: An Timpeallacht Aiceanta is fearr, An Timpeallacht Tógtha is fearr, An Smachtú Bruscair is fearr agus na Buaiteoirí Iomlán i ngach catagóir daonra. I 2013 ghlac naoi déag Coiste páirt san gcomórtas.

Tá na marcanna a bronntar ag leibhéal náisiúnta ag dul in airde gach bliain agus bhí na torthaí do 2013 an-dearfach le buaiteoirí ins na catagóirí bonn airgid agus bonn cré umha. Duaiseanna eile a fuarthas Duais Iarrachta, Duaiseanna Contae agus Duais d' Fhorbairt Inmharthana. Comhghairdeas agus Maith Sibh do na Coistí Dian-shaothraithe uile, do na daoine aonaracha agus don lucht deonach a bhí páirteach a chuireann go mór le stádas an Chontae.

Tionscnaimh Mheabhraíochta Chomhshaoil

Tá na meáin shóisialta ina mbealach tábhachtach eile anois chun dul i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne. Baineadh leas astu go rathúil le linn 2013 chun roinnt tionscnaimh éagsúla chomhshaoil a chur chun cinn, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Tasc-fhórsa um Dramhaíl Guma clár agus ócáidí (seoladh agus gnímh ar son an fheachtais)
- Clár agus Feachtais i leith stop a chur le bia a bhástáil
- Tionscnaimh Fhrith-Bhruscair – le Seachtain Glanta Laoise agus Glanadh Earraigh an Taisce
- Scéimeanna Deontais Pobail agus Scéim Dheontais Áitiúil Clár 21
- Comórtas Cónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara & Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara,
- Úinéireacht Fhreagrach Mhadra & Seachtain Mheabhraíochta salú ag madraí,
- Comharthaíocht sa phictiúrlann agus cois bhóthar le teachtaireachtaí frith-bhruscair.

Feachtas na Scoileanna

Tá clár na scoileanna glasa ag dul ó neart le os cionn 60 Brait ghlasa bronnta. Ins an clár scoile cuimsitheach, chomh maith, bhí saotharlanna do scoileanna agus an comórtas do bhunscoileanna néata, mar aon le tionscnamh eco-mheáin do scoileanna an dara leibhéil.

Forfheidhmiú Dramhaíola

Sa bhliain 2013, áiríodh le dualgas tosaíochta na Rannóige um Fhorfheidhmiú Dramhaíola cur chun feidhme rathúil an Ordaithe ón Ard-Chúirt lenar ceanglaíodh ar úinéir talún i mBaile an Bhiocáire an dramhaíl ar fad a bhaint ó thailte atá lonnaithe i Limistéar Caomhantais Speisialta is Iarrthóir agus na tailte sin a Athchóiriú ina n-iomláine. D'éirigh leis an Rannóg um Fhorfheidhmiú i gcúig chás sa Chúirt Dúiche i ndáil le dumpáil neamhdhleathach.

Reáchtáil an Rannóg deasc an-rathúil feasachta ag an "gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta", áit ar chuireamar ár "bhFeachtas chun Dramhbhia a Cosc' chun cinn i gcomhar leis an Ionad Glanteicneo-laíochta.

Bainistíocht Bhruscair

Tá bruscar mar cheann de na bagairtí is mó do thimpeallacht neamh-thruaillithe – trasnaíonn a raon ó chur de láimh ar scála ollmhór de 'chuile short go dtí cur de láimh éagórach de ghuma coganta. Díluachálann bruscar, pé sort rud é, ár dtimpeallacht chónaithe, déanann sé é neamh-mhealltach do só, do thurasóireacht agus do infheistíocht agus gineann sé dealramh diúltach d'ár gContae.

In ainneoin infheistíocht acmhainní ard go maith i nglanadh sráideanna agus i smachtú bruscair, in oideachas, meabhraíocht agus cur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil, tá fadhb leanúnach in fheicthe bhruscair ag Laois. Sé an tuairim atá againn gurab é an tslí is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán obair i bpáirtíocht le scar-shealbhóirí príomha eile (bailte slachtmhara, coistí, grúpaí deonacha, scoileanna, pobal gnó agus grúpaí poiblí eile i n-ár gcomharsanacht chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo. Braitheann an toradh, chomh maith, ar uasmhéadú na n-n-acmhainní ar fáil agus athrú iomlán a lorg ar iompar gach uile dhuine ar fud ár gContae.

Leanann an Roinn seo ar aghaidh ag cur an líne te chun cinn faoi bhruscar, saor 1800323230 faoi rún trí fhógraíocht agus trí mharsantú chun an pobal a mhealladh chun a pháirt a ghlacadh agus ócáidí cur de láimh eas-dleathacha ina gceantair a thuairisciú. I 2013 fuarthas 980 gcinn de ghearáin chomhshaoil i Rannóg an Chomhshaoil – bhí 587 bainteach le bruscar.

Le linn 2013 d'eisíodh 158 bhfíneáil ar choireanna difriúla. Cuireadh 43 cinn de fhíneáil gan díol chuig ár bhfoireann dlí chun chúis dlí a ullmhú. d' Éirigh le

11a bheith cúisithe san chúirt. Bhí cúig gcinn eile a fuair Fógraí Roinn 9 gur sealbhóirí talún iad toisc gur theip orthu a gcuid tailte príobháideacha a choimeád glan agus saor ó bhruscar nach bhfuil san áireamh na litreacha rabhaidh flúirseacha i dtaobh ghluaisteán tréigthe agus comharthaí neamh-údaraithe trasna an chontae. Rinneadh roinnt litreacha rabhaidh i gcomhair feithiclí tréigthe agus comharthaí neamhúdaraithe a eisiúint ar fud na tíre le linn na bliana freisin.

Feachtas Salú Madraí

Is fadhb í an cheist a bhaineann le salú ag madraí i limistéir phoiblí, rud atá an-choitianta i roinnt de na bailte/sráidbhailte agus atá ina mhórnúis bruscair agus ina mhór-riosca sláinte. Leanfaidh an Rannóg seo le feasacht a chruthú ar an gcion bruscair sin agus tabharfar feachtas tiomnaithe isteach i bpobail éagsúla arís eile i gcomhar le grúpaí na mBailte Slachtmhara le linn 2014. Beidh monatóireacht agus forfheidhmiú i gceist leis an bhfeachtas agus lean-faidh an Rannóg le marsantacht frithbhruscair a chur ar fáil i.e. málaí fuíll, bileoga faisnéise, comharthaí/greamáin feasachta.

Tasc-fhórsa Bhruscair Guma

Tá an Tascfhórsa Frith-Bhruscair(TFB) mar thoradh ar shocrú aontaithe le tionscail an ghuma choganta agus tá sé mar bhonn lárnach de straitéis fhríth-bhr-uscair na Roinne. Arís eile i mbliana, ghlac Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae Laoise páirt i gclár feasachta le haghaidh tascfhórsaí áitiúla um bruscar guma, rud a raibh feasacht agus forfheidhmiú i gceist leis agus ar ghabh suirbhéanna chun críocha monatóireachta leis.

IBAL**(Gnó Éireann Frith Bhruscar)**

Tá An Taisce freagrach as an tsraith fhríth-bhruscair náisiúnta 'ainmnigh agus náirigh' ina bhfuil 53 cathair/baile páirteach inti in Éirinn. In ainneoin go ndearna foireann na Comhairle agus Bailte Slachtmhara Phort Laoise a míle dícheall, agus cé go bhfuil dea-chaidreamh oibre eatarthu, ábhar díomá a bhí inár rangú sa tsraith in 2013. In éineacht leis an Maor Bruscair áitiúil, leanfaidh an Rannóg de bheith ag obair chun ár rátáil a fhe-abhsú.

De réir IBAL, an grúpa áitiúil gnó, áfach, tá 83% de bhailte na hÉireann chomh glan lena macasamhail san Eoraip, nó tá siad níos glaine ná iad, fiú, agus lean leibhéil bhruscair de bheith ag titim le linn na bliana.

An Córas Náisiúnta um Thruailliú Bruscair a Mhonatóiriú (CNTBM)

Cuireann an córas sin ar ár gcumas leibhéil bhrus-cair a mhonatóiriú ar bhonn leanúnach ar fud na tíre. Déanann gach údarás áitiúil suirbhéanna ar thruailliú/chainníochtú bruscair idir mí na Bealtaine agus mí na Nollag gach bliain. Sa bhliain 2013, chuir na Maoir Bhruscair an líon cuí suirbhéanna i gcrích, iad ag bailiú faisnéis thábhachtach faoi chomhdhéanamh, faoi scála agus faoi chineál an bhruscair. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun limistéir fhadhbacha a aithint go soiléir ag céim luath.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Forbhreathnú ar úsáid fhuinnimh i gComhairle Chontae Laoise

Ba trí úsáid a bhaint as an uirlis nua ar líne a rinne Comhairle Chontae Laoise a Monatóireacht Bh-liantúil agus a Tuairisciú Bliantúil ar mhéadair leic-treachais agus gáis (Uimhreacha Tagartha Méadarphointe agus Uimhreacha Cláraithe Gásph-inte) MPRNanna agus GPRNanna) do na blianta 2012 agus 2013 a chur faoi bhráid ÚFIÉ faoin 31 Eanáir 2014. Tabharfar tuilleadh sonraí fuinnimh faoin 9 Bealtaine 2014 agus beidh scórchártaí ar fáil i mí Iúil 2014. Léiríodh i scórchlár Monatóireachta agus Tuairiscithe don bhliain 2011 go raibh coigilt fuinnimh Chomhairle Chontae Laoise 18.3% níos airde ná a bonnlíne. Is ionann é sin agus an choigilt atá bainte amach cheana féin ag Comhairle Chon-tae Laoise agus í ag bogadh i dtreo sprioc fuinnimh na hearnála poiblí, is é sin, laghdú 33% in ídiú fuin-nimh a bhaint amach faoin mbliain 2020. Sa scórchárta sealadach don bhliain 2011, ainmníodh Comhairle Chontae Laoise mar cheathrú comhlacht is fearr i measc na 30 údarás áitiúil a thug tuairisc.

Sa bhliain 2011, d'úsáid Comhairle Chontae Laoise 30,759 MWh d'fhuinneamh (Príomhriachtanas Fuin-nimh Iomlán), figiúr a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

Chuir Comhairle Chontae Laoise a plean fuinnimh ocht mí dhéag i gcrích ag deireadh na bliana 2012, agus b'ionann an choigilt a cuireadh i leith bhearta an phlean agus 1,023MWh. Ullmhaíodh plean nua fuinnimh 2 bhliain do na blianta 2013 agus 2014 freisin, agus 31 mír ghnímh ag gabháil leo.

Gníomhartha a Rinneadh in 2013

Thug Comhairle Chontae Laoise faoi raon tionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lenar áiríodh:

- Laghdú bonnlíne i Soilse Poiblí ar Mhó tarbhealach an N7 (662,298kWh)
- 29 dlúthóir Big Belly Solar a shuiteáil
- Laghdú i ngníomhaíocht sa Chlós In nealra
- Laghdú bonnlíne in oifig na leabhar lainne, Áras an Chontae

Tá na nithe seo a leanas i measc gníomhaíochtaí eile ar tugadh fúthu in 2013:

- Thugamar saineolas teicniúil d'Údarás Réigiúnach an Láir Tíre do thionscadal STEP an AE agus chuireamar ár nDea-Chleachtas i láthair ag 2 chruinniú idirnáisiúnta
- Chuaigh Comhairle Chontae Laoise is teach i gComhpháirtíocht ÚFIÉ, agus cuireadh raon tacaí ar fáil dúinn i gco maoin tacaíocht a thabhairt don chlár Bainistíochta Fuinnimh

Gníomhartha atá Beartaithe do 2014

bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Gás Láithreáin Líonta a Úsáid i gCoillte Laoise (oibríochtaí láithreáin líonta críochnaithe anois)
- Uasacmhainn iompórtála a laghdú agus taraif a athrú ag leabharlann an tSráidb haile
- Teaschaidéal a shuiteáil ag Leabharlann Dharú chun áit an teaschórais ghásola a ghlacadh
- Deiseanna laghdú fuinnimh a imscrúdú in Ionad Cóireála Fuíolluisce (DBO) Phort Laoise
- 25 lampa SON 150W a chur in áit 400 lampa Mearcair mar chuid d'athfhorbairt Chearnóg Dharú

Gníomhaíochtaí eile in 2014

- Is ar Uisce Éireann atá an fhreagracht as gach ionad uisce agus fuíolluisce ón 1 Eanáir 2014
- Rannpháirtíocht leanúnach le MRA maidir le tionscadal STEP an AE, agus malartaíodh Dea-Chleachtas ó thaobh Conraitheoireacht Feidhmíochta Fuin nimh de.

Táscairí Feidhmíochta

E. Seirbhísí Timpeallachta

E. 3 Méid na dteaghlach gur soláthraíodh iad le bailiúchán fuíll leithscartha le haghaidh:

(i) Ábhar in-athchúrsáilte tirim
(ii) Orgánacha

E. 4 Fuíoll teaghlaigh bailithe ó thaobh an cholbha agus fuíoll teaghlaigh bailithe ó áiseanna athchúrsála, atá curtha le haghaidh athchúrsála:

(i) Fán gcéad fuíoll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.
(ii) Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.
(iii) Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó fhuíoll bailithe ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc tógála, suímh conláiste Sibhialta, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile).

E. 5 Fuíoll teaghlaigh bailithe atá curtha chuig an líonadh talúnl:

- Tonnáiste
- Fán gcéad an fhuíll teaghlaigh bailithe

Tá Staitisticí le haghaidh E3, E4 agus E5 ar fáil ón Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola - contactus@nwcpo.ie

E. 6 Áiseanna Athchúrsála

Catagóir:	**Colún A**	**Colún B**	**Colún C**	**Colún D**
	Méid na Suíomh Tógála	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán na nÁiseanna	Méid na suíomh per 5,000 den daonra
Gloine	46	2	2	2.91
Cannaí	46	2	2	2.91
Teicstílí	6	2	2	0.50
Cadhnraí	-	2	2	0.12
Ola	-	2	2	0.12
Cairtchlár	-	2	2	0.12
Iris Leabhair	-	2	2	0.12
Gloine Pláta	-	2	2	0.12
Miotal	-	2	2	0.12
Plaisteach	-	2	2	0.12
WEEE	-	2	2	0.12
Páipéar Nuachta	-	2	2	0.12
Adhmad	-	2	2	0.12
Lampaí Fluaraiseacha	-	2	2	0.15
Bruscar Fál	-	2	2	0.15
Boinn	-	2	2	0.15

E. 7 Bac ar Bhruscar & Caomhnú Timpeallachta

Méid iomlán na Maor-Bhruscair lán-aimseartha	3
Méid iomlán na Maor-Bhruscair páirt-aimseartha	0
Méid na Maor-Bhruscair (páirt aimseartha agus lán aimseartha) per daonra 5,000	0.19%
Méid na bhFíneálacha ar an Spota eisithe	158
Méid na bhFíneálacha ar an Spota Díolta	75
Méid na bhFógraí eisithe (Faoi Rannóga 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht Truailliú Bruscair 1997)	5
Méid na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	32
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr neamh-íocaíocht de Fhíneálacha ar an Spota	32
Méid iomlán na n-ionchúiseamh slánaithe (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	11
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe (a bhain le neamh-íocaíocht de fhíneálacha-ar-an-spota)	11
- % na gceantar laistigh den Údarás Áitiúil atá:	
Neamhthruaillithe (i.e. saor ó bhruscar)	8%
Truaillithe Abhar le bruscar	77%
Truaillithe go holc le bruscar	15%
Truaillithe go h-an olc le bruscar	0.0%
Truaillithe go dona le bruscar	0.0%

E. 8 Gearáin agus feidhmiú Gearáin Timpeallachta

- Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin a bhaineann le truailliú timpeallachta (maidir le fuíoll, bruscar, uisce, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	980
- Méid na ngearán fiosraithe	971 (Ní 9 oscailte, gníomhaítear fós)
- Méid na ngearán socraithe sa chás nach raibh aon ghníomhaíocht bhreise riachtanach	879 (gan 12 ar feitheamh)
- Méid na gcás feidhmithe tógtha	92

E.9 Fán gcéad na Scoileanna ag glacadh páirt i bhfeachtais Chomhshaoil:

- Bunscoileanna	89%
- Meánscoileanna	100%
- Líon iomlán na mBunscoileanna	72
- Líon iomlán na Meánscoileanna	12
- Líon na Meánscoileanna páirt Feachtais Comhshaoil	100%

PLEANÁLA

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Pleanálaí Sinsir: Angela McEvoy

An Roinn Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn I dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail in-mharthanachta.

Is féidir an Rannóg Phleanála a bhriseadh síos i 5 aicme faoi leith:

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Tógála
(v) Eastáit Tithíochta Neamh-Chríochnaithe

(i) Bainistíocht Forbartha

Bé 441 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2013. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 94 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iar-rthóir iarratas nua a aighniú. Siad na cúiseanna príomha do chomhaid phleanála do bheith neamh-bhailí ab ea fógraí poiblí a bheith as dáta, nó gan a bheith curtha in airde ar an suíomh ceadanna cheana do bheith imithe in éag, ainmneacha gníomhairí in easnamh as léarscáileanna/léaráidí, gan an pointe thuaidh a bheith marcáilte ar léarscáileanna agus faid gan a bheith ar thaispeáint ar leagan amach na suíomh.

Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2013.

LÌon na n-iarratas pleanala a fuarthas	347
LÌon na n-iarratas cinntithe	327
LÌon na ndeontas	302
LÌon na n-eiteach	25

Feidhmíochta 2013

Iarratais mhÌ-bhailÌ curtha ar as don iarrthoir	21%
Tagartha do oifigÌ crantar (laethanta oibre)	14

Déanadh achomharc ar 11 gcinn d'iarratais leis an mBord Pleanála i 2013. Eisíodh 13 athghairm ar chinnidh I 2013

Seirbhís Chustaiméirí

I 2013 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar line laistigh de dhá seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2013.

Bhí 269 cruinniú Réamh-phleanála ar siúl i 2013, go raibh deis ag baill an phobail ann cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sula n-aighnítear iarratas pleanála. D'éascaigh na pleanálaithe an pobal, chomh maith, trí roinnt cruinnithe réamh-phleanála a bheith ar siúl acu ar an láthair.

Bhí 19 Teastas Rannóg 5 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2013.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 70,300 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Laoise. Soláthraíonn an Plean fráma oibre straitéiseach agus comhthéacs polasaí go ndéanann an t-Údarás Áitiúil a gcinnidh ar pholasaí laistigh de.

Cuireadh tuarascáil dul chun cinn faoi bhráid na gComhaltaí Tofa ag cruinniú comhairle Chomhairle Chontae Laoise i mí Dheireadh Fómhair, rud a chomhlíonann ceanglais alt 15(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Leagtar amach sa tuarascáil sin an dul chun cinn a baineadh amach maidir le cuspóirí Phlean Forbartha Contae Laoise 2011-2017 a chomhlíonadh ó tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2011.

Tá leagan amach na tuarascála cosúil le leagan amach Phlean Forbartha Contae Laoise, rud ina leagtar amach na príomhchuspóirí atá sa Phlean i bhformáid caibidil ar chaibidil agus ina ndéantar achoimre ar stádas na gcuspóirí sin go dtí seo. Is é aidhm na tuarascála ná léargas atá chomh soiléir agus chomh hiomlán agus is féidir a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) an treoir seo a leanas a eisiúint d'Údaráis Phleanála i ndáil leis na dualgais a bhí orthu ó thaobh pleanála de in 2013. Is iad seo a leanas na treoracha sin:

1. Pleananna Ceantair Áitiúil-Treoirlínte d'Ú daráis Phleanála, Meitheamh 2013

2. Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tion chair Timpeallachta a Dhéanamh, Márta 2013
3. Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha, Eanáir 2013

Tosaíodh ar dhá phríomhchuspóir an Phlean Forbartha Contae a chur i bhfeidhm i Ráithe 3/4 de 2013, ba iad sin

- Straitéis Áineasa / Siúlóide a ullmhú
- Orduithe um chosaint crann

Caomhnú

Déanadh próiseáil ar 8 gcinn ina iomlán de Fhógraí 57 I leith oibreacha a bhain le Struchtúir Chosanta i 2013, agus bhí gach ceann acu laistigh den bhfráma ama reachtúil.

Tugadh Deontas €8,000 don tionscadal Teach Oibre Dhomhnach Mór faoin Scéim um Struchtúir i mBaol do 2013. Tá oibreacha ar siúl ar an tionscadal sin.

Forbairt Cuid VIII

Tugadh cead Cuid a 8 do na tionscnaimh a leanas le linn 2013:

- Chuir Comhairle Chontae Laoise nós imeachta Chuid 8 i gcrích i gcás plean ath nuachana uirbí do na Faichí i nDarú. Lorgó far maoiniú ó Chomhpháirtíocht Laoise don tionscadal.

Dearóiliú

Stádas Reatha agus Athbhreithniú

Tá athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh ar gach Suíomh Dearóil. Is é atá i gceist leis an athbhreithniú sin ná comhaid a dhúnadh nuair is gá, leanúint ar aghaidh le fógraí cigireachta a eisiúint i gcás Suíomhanna Dearóile, tobhaigh a thabhairt cothrom le dáta agus luachálacha athbhreithnithe a fháil do thobhaigh den sórt sin. Dúnadh 40 comhad in 2013. Bhain na comhaid sin le cásanna inar réitíodh fadhbanna nó inar athraíodh úinéireacht. Rinneadh 5 luacháil in 2013.

Líon Iomlán na gComhad a osclaíodh do 2013: 30

- Tá 123 comhad idir lámha faoi láthair
  Tá athbhreithniú iomlán á dhéanamh ar gach suíomh agus tá caingean dlí á thionscnamh i gcásanna áirithe ar mhaithe le tobhaigh neamhíoctha ar shuíomhanna dearóile a aisghabháil.

(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha, 2000 -2013.

Forbairt Neamhúdaraithe

Forbairt neamhúdaraithe is ea nuair atá forbairt déanta gan aon chead pleanála cuí a fháil nó nuair nach bhfuil sé measta mar bheith díolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001 - 2013. Ina theannta san, tá forbairtí atá á dhéanamh ná fuil i gcomhréir leis an cead pleanála tugtha mar fhorbairtí neamhúdaraithe. Leanann an t-Údarás Pleanála suas gach gearán scríofa i dtaobh fhorbairt neamh-údaraithe nuair atá bunús maith leis. Tá foirm chaighdeánach ghearáin ar fáil ar líne.

Céimeanna Imeachta Ginearálta

Nuair a fhaightear gearán scríofa bona fide, déanfar fiosrúchán agus déanfar cinneadh ar bhailíocht an ghearáin. D'fhéadfadh tús a chur leis na céimeanna Forfheidhmiúcháin seo a leanas.

D'fhéadfaí Litir Rabhaidh a eisiúint laistigh de 6 seachtaine ón dáta a fuarthas an litir ionadaíochta. Seirbheáiltear Fógra Feidhmiúcháin nuair nach dtagtar ar réiteach sásúil ina dhiaidh eisiúna an Litir Rabhaidh. Leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin tugtar fráma ama le haghaidh comhlíonadh leis na riachtanais agus mura gcomhlíontar na riachtanais laistigh den fhráma-ama d'fhéadfaí imeachtaí dlíthiúla a tharchuir i gcoinne an fhorbróra/ úinéara. Tá an tÚdarás Áitiúil i dteideal na costais go léir a aisghabháil, costais riaracháin agus dhlíthiúla araon, arna dtabhú acu i dtóir na forbartha neamhúdaraithe.

Is féidir le Fógra Forfheidhmiúcháin eisiúint i gcásanna práinneacha fiú amháin murar seoladh Litir Rabhaidh.

Forbairtí san Fhorfheidhmiú

Tá rannpháirtíocht an phobail níos airde anois sa Chóras Forfheidhmiúcháin de bharr go bhfuil an tÚdarás Pleanála faoi dhualgais breathnú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ghearáin. Is fianaise bhreise é méid na bhfiosraithe ó Oifig Fear an Phobail de rannpháirtíocht méadaithe ón bpobal.

Tá cumhachtaí reachtúla láidre ar fáil chun cumhacht a thabhairt don Údarás Pleanála déileáil le ciontóirí agus bhí méadú mór ins na fíneálacha inióctha, i dteannta le fíneáil íosmhéid a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil duine ciontaithe le cion maidir le forbairt neamhúdaraithe. Bhí Comhairle Chontae Laoise an-réamhghníomhach i 2013 i dtaobh athleanúint a dhéanamh ar ghearáin i leith fhorbairtí neamhúdaraithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó.

Samplaí: Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006, 2007, 2008, 2009, 2010 2011 agus 2012.

(iv) Smacht Tógála

Déileálann an Rannóg Smachta Tógála le fógraí tosaithe faighte agus déanann siad cigireachtaí ar fhoirgnimh chun deimhin a dhéanamh de go gcloíonn siad leis na rialacháin Smachta Forbartha éagsúla.

Méid na bhFógraí Tosaithe Bailí Faighte	122
Líon na bhFógraí Tógála Talmhaíochta	9
Méid na bhFoirgneamh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe Bailí	113
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu	20
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu mar % des na foirgnimh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe bailí	18%

(v) Eastáit a Ghabháil Faoi Chúram

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as eastáit a thógáil faoina chúram, Go traidisiúnta tharla seo nuair a fuarthas achainí ó fhorbróir an eastáit, nó, ó úinéirí na dtithe laistigh den eastát. Le blianta beaga anuas, áfach, sa chás nár chríochnaigh an forbróir an t-eastát, tá Comhairle Cho. Laoise tar éis teacht i gcabhair chun an t-eastát a chríochnú agus, de ghnáth bíonn an obair seo maoinithe ón mbanna.

Cuireadh na heastáit seo a leanas san mhuirear i 2013

- Wilton Lawns, Portarlington
- Abbeycourt, Portlaoise
- Heathfields (8 units only), Portlaoise
- Fairways, Abbeyleix
- Kilnacourt Phase 1 & 2, Portarlington
- Rinnucinni, Portlaoise
- Brotherton, Graiguecullen
- Barrowvale, Graiguecullen

Déanadh clár de na h-Eastáit Tithíochta Neamh-Chríochnaithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2011. Mar sin féin, i 2013, tá ísliú ar líon na n-eastát nach bhfuil críochnaithe ar an gclár seo os rud é go bhfuil Comhairle Cho. Laoise ag leanúint ag obair chun a dheimhniú le forbróirí go bhfuil na h-eastáit críochnaithe de réir an chead phleanála tugtha. Tá an cumhacht ag an Údarás Pleanála an forbróir a spreagadh chun comhoibriú leis an údarás áitiúil tri thús a chur le gnóthaí chur i bhfeidhm na ngnáthamh. D' éirigh go h-an-mhaith le Comhairle Cho. Laoise san ngnó seo, chomh maith, i 2013.

Chríochnaigh an Roinn Pleanála i gcomhar leis RCP&RÁ suirbhé de 55 eastát neamh-chríochnaithe sa Chontae, chomh maith i 2013.

Déanann an Roinn Pleanála iarracht teagmháil le muintir na n-eastát gan chríochnú chun iad a choimeád aer a n-eolas iomlán i leith a gcuid eastát.

Pleanála agus Smacht Tógála

Comharthaí Comhlíonta

Tithe Aonaracha	31/12/13
Líon na n-iarratas cinntithe	39
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	22
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	7
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	74%
% na ndeontas	95%
% na n-eiteach	5%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Orbairt Tithíochta	31/12/13
Líon na n-iarratas cinntithe	7
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	5
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	2
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	73
% na ndeontas	100%
% na n-eiteach	0%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Eile: Gan ghá le EIA	31/12/13
Líon na n-iarratas cinntithe	221
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	165
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	52
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	76
% na ndeontas	94%
% na n-eiteach	6%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	78
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	22%

Eile: Gá le EIA	31/12/13
Líon na n-iarratas cinntithe	23
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	15
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	8
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	82
% na ndeontas	87%
% na n-eiteach	13%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	75%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	25%

Cur i bhfeidhm na Pleanála	31/12/13
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	106
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	23
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna.	24
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	78
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	53
Líon Iomlán na gciontuithe	20

Uaireanta Oscailte agus Comhairliúcháin	31/12/13
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	269
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	7 (working days)
Líon na bhfoirgneamh nua ainmnithe gur dhein an t-Údarás Áitiúil iniúchadh orthu	20

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007 – 2011

Tá an plean oidhreachta ina phlean páirtíochta scríofa agus curtha i bhfeidhm ag Fóram na h-Oidhreachta, grúpa a sheasann ar son gach grúpa eile le suim acu in oidhreacht Laoise. Sa phlean, faoi láthair, tá 50 gníomh atá curtha i bhfeidhm thar na blianta seo caite faoi cheithre cinn de aidhmeanna cuspóireacha:

- Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae;
- Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;
- An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn I dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois.
- Meabhraíocht d'ardú agus taitneamh as oidhreacht Laoise a chur chun cinn.

Ba go luath i mí an Mheithimh a cuireadh an comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Phlean Oidhreachta Laoise 2013 – 2018 i gcrích agus cheadaigh an SPC um Pleanáil agus Comhshaoil an dréachtphlean ina dhiaidh sin. Bhí an plean ar an gclár lena ghlacadh i mí na Nollag 2013, ach cuireadh ar athló é go mí Eanáir 2014.

Soláthraíodh tionscadail faoin bPlean Oidhreachta 2007-2011 sa bhliain 2013.

Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2013 leis An gComhairle Oidreachta. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

Tá bailiú agus léiriú eolais ar oidhreacht Laoise mar an chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus i béim a chur ar an oidhreacht seo. Tugadh faoi na tionscadail oidhreachta seo a leanas le linn 2013:

Rochtain a Mhéadú ar Chartlann Staidéir Áitiúil Laoise

Tugadh faoin tionscadal sin i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne. Is é aidhm an tionscadail ná taighde a dhéanamh ar na modhanna dea-chleachtais maidir le digitiú agus cartlann dhigiteach den bhailiúchán Staidéir Áitiúil a thosú agus a chruthú ar mhaithe le hábhar a chur ar fáil ar an Idirlíon.
In éineacht leis an obair sin, chuathas i mbun díospóireachta le Comhpháirtíocht Laoise chun go mbeadh an chartlann ag teacht leis an Oiliúint Oidhreachta Digití atá beartaithe aici. Aontaíodh go gcuirfí modúl den oiliúint ar fáil do bhaill foirne Chomhairle Chontae Laoise agus do ghairmithe eile oidhreachta ar fud an Chontae (e.g. Bainisteoirí Músaeim agus Bainisteoirí Ionad Oidhreachta, etc).

Clostreoir maidir le Suíomhanna Oidhreachta i Laois

Rinneadh iarratas chuig Comhpháirtíocht Laoise chun clostreoracha a chur le chéile maidir le suíomhanna oidhreachta i Laois. Fuarthas cead i bprionsabal ach táthar ar feitheamh cinneadh deiridh.

Taifeadadh reilige agus cuimhneacháin

Tá an tOifigeach Oidhreachta ag cabhrú le Comhpháirtíocht Laoise maidir le clár oiliúna pobail i dtaifeadadh reilige agus cuimhneacháin a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. Is é Eachtra Archaeology atá ag soláthar na hoiliúna agus cuirfear oiliúint ar 9 ngrúpa pobail ar a mhéad. Rinneadh reiligí ar an Ráithín, i Ros Fhionnghlaise (Eaglais na hÉireann agus Cumann na gCarad), i Móinteach Mílic (Eaglais an Eidhneáin), Ratheniska (Dysart Enos) a thaifeadadh cheana féin agus tá pleananna ar bun chun déanamh amhlaidh i reilig Chúil an tSúdaire (Eaglais na Fraince).

Oiliúint i mBithéagsúlacht

Tugadh cúnamh do Chomhpháirtíocht Laoise maidir le tionscadal a fhorbairt chun oiliúint i bhfiadhúlra agus i mbithéagsúlacht a chur ar fáil do ghrúpaí pobail i roinnt láithreacha ar fud Laoise. D'éirigh leis an tionscadal sin maidir le feasacht a mhéadú ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus ar ar féidir le pobail a dhéanamh chun í a chosaint agus a fheabhsú.

Tionscadal Aipe Oidhreachta an Láir Tíre

Tá an tionscadal, arb é is aidhm dó Aip Fóin Chliste a fhorbairt chun suíomhanna oidhreachta sa Lár

Tíre a chur chun cinn, ar siúl faoi láthair agus tá MRA agus Uiscebhealaí Éireann ar thús cadhnaíochta an tionscadail. Tá Oifigigh Oidhreachta in Uíbh Fhailí, ar an Iarmhí, ar an Longfort agus i Ros Comáin páirteach ann freisin.

Meabhraíocht d'ardú agus Taitneamh a Spreagadh in Oidhreacht Laoise

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus comhairle a thabhairt ar conas teacht ar cúnamh dheontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh. Bhí gach tuairisc agus foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana curtha isteach i rannóg an staidéir áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh ar fáil iad le híoslódáil ar shuíomh idirlín Comhairle Chontae Laoise.

I measc na n-ócáidí ar siúl le linn 2013 chun meabhraíocht d'ardú i dtaobh ghnéithe oidhreachta

- Bhí Clár seachtaine de imeachtaí teagh laigh, siúlóidí treoraithe, cainteanna, tais peántais sleamhnán agus laethanta spraoi eagraithe do Sheachtain náisiúnta Oidhreachta i Lúnasa.

- Chabhraigh an Oifig Oidhreachta le forbairt agus le breith a thabhairt ar Thionscnamh Oidhreachta Chumann Oidhreachta Laoise na Scoileanna, comórtas do bhunscoileanna agus do mheán-scoileanna, a bhí eagraithe i gcomhar le h-Ionad Oideachais Laoise;

- Bhí baint ag an Oifigeach Oidhreachta le Marquee Laoise a eagrú don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus bhí sé i láthair ag an ócáid. Cuireadh ceardlanna fi adhúlra do leanaí ar fáil saor in aisce don phobal mór le linn na trí lá, iad á soláthar ag Green Bee Education, agus d'éirigh go geal leis na ceardlanna sin.

- Tá an tOifigeach Oidhreachta ag obair le Comhpháirtíocht Laoise chun clár oiliúna i mBithéagsúlacht a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Phobail ar fud Laoise. Tá an tionscadal tar éis bogadh sa dara céim, agus Pleananna Áitiúla Gníomhaíochta Bithéagsúlachta dréachtaithe ag suas le 6 phobal ar fud Laoise le cúnamh ó Fiona Mac Gowan, éiceolaí atá lonnaithe i mBaile Átha an Róine.
- Tugadh tacaíocht do raon grúpaí éagsúla le haghaidh imeachtaí oidhreachta, e.g. Craobh Laoise de Chairde Éanlaith Éireann, Cumann Oidhreachta Laoise, etc.

- Bhí Scoil James Fintan Lalor ar siúl an 20 agus an 21 Meán Fómhair 2013 agus d'éirigh go geal léi. Bhí freastal iomlán san ionad le linn dhá lá an imeachta agus bhain an pobal mór, na meáin agus gach cainteoir a bhí páirteach an-sult as gach gné den imeacht.

An Cleachtas is Fearr i mBainistíocht Oidhreachta & i gCaomhnú Gníomhach Oidhreachta a Chur Chun Cinn.

Tugadh cabhair do réimse grúpaí le tionscnaimh phraiticiúla chaomhnaithe in ábhair ó shuirbhé fhiabheatha go bainistíocht reiligí.

Teach Oibre Dhomhnach Mór

Cuireadh tús le hobair ar an láthair ag Teach Oibre Dhomhnach Mór go luath i mí Mheán Fómhair agus tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh. Bíonn cruinnithe foirmiúla ar an láthair á dtionól gach coicís agus baintear leas as saineolas Caomhantais agus Éiceolaíochta de réir mar is gá. Tá an tionscadal ar sceideal le bheith críochnaithe i mí na Bealtaine 2014.

Teach Margaidh an tSráidbhaile

Táthar tar éis tosú ag obair ag an suíomh agus tá dea-dhul cinn á dhéanamh ina leith. Is é Richard McLoughlin an tAiltire Caomhantais don tionscadal sin.

Leabharlann agus Cloigtheach Thigh Mochua

Táthar tar éis teacht ar chomhaontú ar léas, trína nglacfaidh an Pobal i dTigh Mochua le bainistíocht ar an tsean-leabharlann (Eaglais na hÉireann roimhe sin) chun seirbhísí a chur ar fáil do chuairteoirí agus chun faisnéis a chur ar fáil do thurasóirí. Tá sé sin á chur ar aghaidh ag an tSeirbhís Leabharlainne agus tabharfar tacaíocht oidhreachta ar fáil de réir mar is gá.

Táscairí Gníomhaíochta Oidhreachta

An méid gníomhaíochtaí	2011	2012	2013
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm: (Uasmhéid na ngníomhaíochta maoinithe gach bliain ag an gComhairle Oidhreachta tithe ó 8 go dtí 4 le ócáidí don seachtain oidhreachta san áireamh.).	4	4	3
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl: Tagann Fóram Oidhreachta Laoise le chéile, de ghnáth, uair amháin gach ráithe, le grúpaí oibre ag cruinniú le chéile níos minice mar is gá.	3	3	4
Líon suirbhé bithéagsúlachta déanta:	0	0	0
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/cultúrtha déanta:	1	1	0
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe /tacaithe: (Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.)	3	1	1
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/Seimineáir eagraithe:	50	57	65

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an chontae.

Tasc-Ghrúpa Eacnamaíoch

Tá Bainisteoir an Chontae ina chathaoirleach ar an dtasc-grúpa eacnamaíoch ina bhfuil ionadaithe ó ghníomhaireachta stáit agus ó lucht gnó áitiúil agus soláthraíonn sé pointe fócais do chur chun cinn eac-namaíoch an Chontae.

San áireamh i nGníomhartha/Cuspóirí tosaíochta bhí:

- Forbairt na Páirce Náisiúnta Fiontair
- Forbairt an tionscail dhúchasaigh a spreagadh/a éascú
- Dílárú
- An cur chun cinn de Chontae Laoise mar ionad imeachtaí
- An cur chun cinn d'fhorbairt na hardréimsí oideachais shainfheidhmigh sa chontae chun tionscail nua a mhealladh
- Forbairt de ghrúpa ardleibhéil tacaíochta mar aighní do Chontae Laoise
- Na cuspóirí atá san athbhreithniú um Straitéis Forbartha Contae 2009-2012 a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear béim ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú do chách.

Tá dhá fho-choiste bunaithe ag an Tasc-Ghrúpa de dhaoine áitiúla gnó a dhéanfaidh moltaí don ngrúpa maidir le Tionscnaimh Fhorbartha Ghnó agus Mhar-gaíochta agus Cur Chun Cinn an chontae.

Lár-Ionaid Fiontair

Sholáthar Comhairle Chontae Laoise dhá Lár-Ionad Fiontraíochta laistigh den gContae ag Port Laoise agus ag Cúl an tSúdaire. Tá an dá cheann acu os-cailte do ghnó agus tiomanta do chultúr fiontraíochta a fhorbairt agus a choimeád ina n-áit féin, faoi sheac. Faoi láthair tá fiche duine fostaithe ag Ionad Fiontraíochta Phort Laoise agus tá cúigear ar fhic-head ag Ionad Fiontraíochta Chúl a' tSúdaire.

Uasghrádú Pháirc Ghnó Cluain Maighneann

Bhí oibreacha déanta I 2013 a chuir le forbairt chomhtháite agus comhleanúnach an cheantair ag neartú bheogacht tráchtála an cheantair agus ag cur le deiseanna tábhachtacha, fostaíochta in-mharthana.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthim-peall an chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua.

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre.

Neartóidh forbairtí ar an láithreán seo an cumas atá ag Port Laoise ós rud é go bhfuil sé suite i lár na tíre.

Ócáid Líonra Gnó

D'óstáil Comhairle Chontae Laoise seimineár dar teideal "Tacú le Téarnamh Geilleagrach" an 10 Meitheamh 2013. Agus é dírithe ar an bpobal áitiúil gnó, leagadh béim ag an seimineár ar na slite réamhghníomhacha a mbíonn Comhairle Chontae Laoise ag tacú le téarnamh geilleagrach ar fud an chontae.

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

Seachtain Mheabhraíochta Sábháilteacht Uisce 2013

I gcomhar le Coiste Ceantair Shábháilteacht Uisce Laoise, chuir Comhairle Chontae Laoise roinnt príomhimeachtaí ar fáil le linn Seachtain Feasachta ar Shábháilteacht Uisce, a bhí ar siúl idir an 27 Bealtaine agus an 3 Meitheamh 2013.
Tugadh cuairt ar fhiche scoil, áit ar soláthraíodh cainteanna feasachta ar bhunshábháilteacht uisce agus taispeántais bhaoithe fáinneacha do leanaí bunscoile. Seoladh comórtas póstaer do scoileanna agus iarradh ar leanaí póstaer a dhearadh agus a dhathú, agus "Sábháilteacht Snámha an Samhradh seo" scríofa air. Ghlac a lán leanaí páirt sa chomór-tas agus cuireadh gach ceann de na póstaeir ar

taispeáint in Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Soláthraíodh Clár Feasachta ar Shábháilteacht Uisce d'eagraíochtaí don Ógra agus d'eagraiochtaí Gásógaíochta agus ghlac na rannpháirtithe go maith leo.

Ranganna Sábháilteachta Uisce agus Club na mBuachaillíní

D'éirigh le Sábháilteacht Uisce Laoise Ranganna Sábháilteachta Uisce a sholáthar le linn an Earraigh agus an Fhómhair in 2013 ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Fuair 130 rannpháirtí, idir aosaigh agus leanaí, Deimhnithe Shábháilteacht Uisce na hÉireann. Soláthraíodh Clár rathúil ocht seachtaine do Buachaillíní sa bhliain 2013 freisin.

SUUP (Sábháilteacht Uisce Uisceach Príomha)

D'éirigh le Sábháilteacht Uisce Laoise Ranganna Sábháilteachta Uisce a sholáthar le linn an Earraigh agus an Fhómhair in 2013 ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise.

Leanadh le tacaíocht a thabhairt don Chlár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS) agus le é a sholáthar do 50 bunscoil i gContae Laoise

Baoithe Fáinneacha

Le linn na bliana 2013, lean Comhairle Chontae Laoise le baoithe fáinneacha a chothabháil agus a imscrúdú ag láithreacha uisce oscailte ar fud an chontae.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

D'oibrigh baill agus teagascóirí de chuid Choiste Ceantair Shábháilteacht Uisce Laoise Seastán Sábháilteachta Uisce Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta thar na 3 lá. Thug an líon ba mhó riamh cuairt ar an seastán agus iad ag amharc ar thaispeántais bhunúsacha tacaíochta beatha.

SEIRBHÍS DÓITEÁN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Príomh-Oifigeach Thine: Declan Power

Seirbhísí Dóiteáin

D'fhreagair an tseirbhís fheidhmeach ar 734 eachtra in 2013. Astu seo, bhí 417 mar thinte agus bhí na cinn eile mar ghlaonna seirbhíse speisialta; 107 tionóisc trácht bhóthair, 7 eachtra thuile agus 203 meascán d'eachtraí eile.

Uasdátú Fearais

Leanadh ar aghaidh le clár uasdátaithe fearas briogáid dóiteáin le ceannach fearais chomharthaí teachtaireachta éagsúla ar na feithiclí , fearas cumarsáide agus cultacha gásobacha, braiteoirí gáis, málaí ardaithe ardbhrú agus gaireas análaithe. Ceannaíodh feithicil nua 4x4 freisin lena húsáid ag an Oifigeach Sinsearach Dóiteáin ar an Uainchlár.

Bainistíocht Mhór-Éigeandála

Lean Coiste Bainistíochta Mór Éigeandála de chuid Chontae Laoise ag cruinniú le céile gach ocht seachtaine chun plé a dhéanamh ar ár mBainistíocht ar Mhór-Éigeandála laistigh de Chontae Laoise.

Athríodh an plean mór-éigeandála faoi dhó uaire le linn na bliana agus dáileadh é go dtí an pearsanra uile, iomchuí. Leanadh de bheith ag obair ar limistéar Seomra na Comhairle, rud ar cuireadh in oiriúint lena fheidhmiú mar Ionad Comhordaithe Áitiúil Idirghníomhaireachta, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don ghrúpa comhordaithe áitiúil sa chás go ndearbhófaí Móréigeandáil i gContae Laoise. Tá na fearais agus na cumarsáidí riachtanacha uile soláthraithe don ionad mar atá sonraithe laistigh den Doiciméad Treorach do Ionaid Chomhordaithe Áitiúla.

Bhí trealamh breise agus cumarsáidí soláthraithe do Cheannasaí na Foirne Saothair 'ar suíomh'. Chloígh Comhairle Chontae Laoise le achainí uile na Roinne i dtaobh idir thraenáil inmheánach do Fhoireann an Chontae agus Thraenáil Idir Ghníomhaireacht soláthraithe ag An Roinn.

Siopa oibre Mór Éigeandála

Thionóil Comhairle Chontae Laoise Ceardlanna Móréigeandála Idirghníomhaireachta don Ghrúpa Comhordaithe ar an Láthair agus don Ghrúpa Comhordaithe Áitiúil an 9 Meán Fómhair agus an 18 Deireadh Fómhair 2013 faoi seach. Ghlac gach ceann de na trí Phríomh-Ghníomhaireacht Freagartha, i.e. Údaráis Áitiúla Laoise, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte páirt sna ceardlanna. Rith an siopa oibre go rafar agus bhí an t-aiseolas ó lucht na páirte agus os na maoir deimhneach.

Traenáil

Chomh maith le traenáil bhunúsach do dhaoine nua san seirbhís ghlac foireann na briogáide tine páirt I dtraenáil speisialtóireachta ins na nithe seo a leanas; an chéad duine i láthair ag ócáid éigeandála liachta, láimhseáil sábháilteacht tine, ábhair chontúirteacha, cúrsaí speisialtóireachta teagaisc, cúrsa teagascóra caidéal, ardán hiodrálach, fearas anála, tarrtháil uisce, tarrtháil rópa cúrsa ceannais d'oifigigh shinsearacha agus oiliúint tiománaí.

Sláinte agus Sábháilteacht

- Tarraingíodh suas Clár Bainistíochta Sláinte, Sáb háilteacht agus Leasa na Seirbhíse Tine ar an 1ú Feabhra 2013. Bhailigh oifigigh shinsearacha tine ar an uainchlár le chéile fiche cúig uaire le linn na bliana chun an clár a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar a aidhmeanna.
- d' Fhostaigh Seirbhís Tarrthála agus Tine Contae Laoise An Dr Eddie Murphy chun ár Seirbhís C.I.S.M. chun Bainistíocht a dhéanamh ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla a thabhairt do phearsanra uile na seirbhíse tine.

Imeachtaí Allamuigh

Chuathas i mbun pleanáil agus teagmháil fhairsing le heagraithe an dá imeacht mhóra allamuigh a eagraíodh sa chontae le linn 2013 - ba iad sin, Féile Ceoil na Picnice Leictrí ar an Sráidbhaile (~35,000 duine i láthair) agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in Ratheniska (~230,000 duine i láthair) ar mhaithe le sábháilteacht na ndaoine uile lena mbaineann a chinntiú. Cuireadh clár fairsing cigireachtaí i bhfeidhm don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in Ratheniska – rinneadh cigireacht ar gach ceann de na 1300 taispeántóir agus níos mó roimh an imeacht agus ina dhiaidh.

Teastas Sábháilteachta Tine & Iarratais Phleanála

Bhí Teastais 52 forbairtí trádála i 2013 agus tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 79 iarratas Pleanála.

Ceadúnú Foirgneamh

Cuireadh Comhairle Chontae Laoise ar a eolas faoi iarratais i leith 97 tigh tábhairne le ceadúnas faoi réir Achtanna Ceadúnúcháin Deoch Mheisciúil a Dhíol, Hallaí Rince Poiblí agus Acht na gCrannchur agus na nGeall le linn 2013, déanadh iniúchtaí mar ba gá agus cuireadh tuairisc chuig seirbhís na cúirte.

Iniúchtaí ar Fhoirgnimh

Déanadh iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar 120 foirgneamh le linn 2013 agus cuireadh d' iachaibh ar roinnt cásanna feabhas a dhéanamh nuair a tugadh faoi ndeara go raibh laigí iontu.

Pleanáil Réamh-Eachtra

Lean an Clár Réamh-Eachtra ar aghaidh le linn 2013. Chabhraigh earcaíocht teicneoirí trí scéim FÁSJobBridge i 2013 tar éis chur go mór leis an próiseas faoi eolas a sholáthar I dtaobh tithe timpeall an chontae atá ar fáil do fhoirne tine atá ag freagairt glaoch.

Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Áiríodh ar an gclár don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin láithreoireachtaí ar sháb-háilteacht dóiteáin a tugadh don phobal i stáisiúin dóiteáin agus ar fhreastail daoine agus grúpaí ó na pobail áitiúla orthu, fógraíocht i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin áitiúla raidió, fógraíocht ar shuíomhanna na meán sóisialta, ar nós facebook agus Twitter, agus i mbileoga. Soláthraíodh se-icliostaí sábháilteacht dóiteáin do thithe freisin. Cuireadh lá feasachta ar shábháilteacht dóiteáin ar shiúl i gColáiste Phort Laoise freisin mar chuid de sheachtain sábháilteachta an Choláiste. Rinne Nu-acht RTÉ clúdach fairsing ar an ócáid sin.

Cosaint Síbhialta Laoise

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-gh-níomhartha an eagrais
ná:

Garchabhair

Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála

Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i neasnamh go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine

Caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta

Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Scileanna Leasa

Béilí teo agus deochanna.

Cumarsáid Raidió

Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagra Éigeandála

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, dean teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomhphost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Kieran Kehoe

Cathaoir: Kathleen O'Brien,M.C.C.

Baill	Ranna
Brendan Phelan, M.C.C.	Francis Gorman
Ben Brennan, M.C.C.	Pat Culleton
Jeremiah Lodge, M.C.C.	Noreen Byrne
Kathleen O'Brien, M.C.C.	Brendan O'Brien
Seamus McDonald, M.C.C.	
Matthew Keegan, T.C.	

BÓITHRE

Innealtóir Sinsir: John O'Donoghue

Dáiltí Deontas Bhóthar 2013

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €8,172,794 le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamh-náisiúnta an chontae i 2013. Soláthraíodh €6.7m den gcistíocht seo ag An Roinn Iompair faoin gClár Infheistíochta Bóthar Réigiúnach agus Áitiúil trí Údarás na mBóthar Náisiúnta

Soláthraíodh cistíocht ag An Roinn Iompair do na scéimeanna seo a leanas faoin Chlár Infheistíochta na mBóthar áitiúil agus Réigiú-nach trí Údarás na mBóthar Áitiúil.

Scéimeanna Sainiúla Feabhais

Fuair Comhairle Contae Laoise cistíocht Deontais sainiúil Feabhsúcháin ón Roinn Iompair do na scéimeanna seo a leanas i 2013.

Bóthar na Buiríse - €790,000

Leanann an tionscadal d'athailíniú Bhóthar na Buiríse a thógáil don cheathrú bliain agus, sa chéim is déanaí, cuirfear an scéim um Athailíniú Bhóthar na Buiríse i gcrích trí na céimeanna a cuireadh i gcrích cheana ag Lána Oinniún agus timpeallán Ghairdíní Ashely a nascadh. Bhí ceannach talún bainteach leis an scéim a bhain le h-Ordú Chean-nach Éigeandála agus tógáil bhóithre, cosán, conair rothar, lintéir do shruthán nua, draenáil bhóthair, bonneagar teileachumarsáide, oibreacha soilse phoiblí agus seirbhísí coimhdeacha eile. Cuirfidh bóthar nua cul de sac le rochtain ón teach altranais agus ó roinnt mhaith tithe feadh Bhóthar na Buiríse atá ann cheana ar an mbóthar athailínithe. Cheadaigh an Roinn Iompair go soláthrófaí cur i gcrích na scéime faoi chéim aonair, d'ainneoin an chostais níos airde ar an gcéim seo i gcomparáid le céimeanna eile, ar an mbonn go soláthrófaí na hoibreacha trí chonradh a sholáthraítear go poiblí. Leanadh leis an dearadh mionsonraithe, leis an tairiscint agus le ceapadh an chonraitheora ar fud 2013 agus chuir an conraitheoir tús leis na hoibreacha i mí na Samhna 2013.

Chuir an scéim seo feabhas mór ar chúrsaí sábháil-teachta bóthar do lucht a n-úsáidte idir an baile agus na h-áiteanna cónaithe agus na meán scoileanna os comhair Ghairdíní Ashley agus leis an eanga bhóthar i gcoitinne. Tá na hoibreacha le cur i gcrích i Samhradh na bliana 2014.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sainiúla Eile

Scéim	Leithdháileadh
LS1656 Poorman's Bridge Athsholáthar an droichid a bhí ann cheana	€10,000
Droichead Chill Deilge: Athsholáthar an droichid a bhí ann cheana:	€27,000
Droichead Bhaile an Chaisleáin: Athsholáthar an droichid a bhí ann cheana	€63,000

Bearta Ceartaithe Sábháilteacht Bhóthar

Sa bhliain 2013 fuair Comhairle Contae Laoise lei-thdháilte chun Scéimeanna um Bhearta Feabh-súchán Sábháilteacht Bhóthar a chur ar bun ag ionaid éagsúla mór-thimpeall an chontae. .

Bhí scéimeanna na mBóthar Náisiúnta mar seo a leanas:

Scéim	Leithdháileadh
N77 Cluain Fhada Ó nDeoráin (Dearadh)	€10,000
N77 Tonduff (Dearadh)	€50,000
N80 An Corrbhaile	€15,000
N80 An Sráidbhaile	€50,000
N80 Na Garráin (Athailíniú, Dearadh)	€50,000
	€175,000

Ins na scéimeanna thuas bhí feabhsúcháin acomhal, bearta moillithe tráchta, feabhas ar an Soilsiú Sráide, cosáin, áiseanna trasnaithe bóthar do choisithe agus soláthar comharthaí.

Bhí na scéimeanna bóthar Neamh-Náisiúnta mar a leanas:

Scéim	Leithdháileadh
R422 Droichead an Chairn	€15,000
R423 An Baile Fionn	€65,000
R423 Derrylusk	€20,000
R427 Balyknockan	€40,000
L7815 Garryduff	€10,000
L1036 Crois Thigh na Coille	€10,000
L7916 Crois na Linne Buí	€20,000
L2097 Droichead Abhainn Easa	€10,000
	€190,000

Bhí nithe ins na scéimeanna thuas mar aith-líneáil, feabhsúcháin, ós-ardú, feabhsú léargais agus soláthar chomharthaí ag acomhail.

Sábháilteacht Bhóthair

Oiliúint Sábháilteachta Rothaíochta

Thug dhá chuideachta faoin Oiliúint Rothaíochta
A. Cycletrax/an tOirdheisceart
B. Scoil Sábháilteachta agus Scileanna Rothaíochta

Ghlac 877 dalta bunscoile ó 16 scoil náisiúnta páirt sa chlár um Oiliúint Rothaíochta sábháilte.

Ghlac 21 leanbh páirt i gceardlann rothaíochta aon-lae, a bhí ar siúl le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar. Reáchtáladh an cheardlann seo i gcomh-pháirt le Tionscadal Iarscoile Chnoc Maí, leis an nGarda Síochána agus le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise.

Ghlac cúigear leanaí ó Shiondróm Down Laoise páirt in oiliúint rothaíochta sábháilte. D'éirigh go geal leis an oiliúint, agus tá sé beartaithe imeacht bliantúil a dhéanamh den oiliúint seo.

An Clár um Thiomáint ar feadh an tSaoil

Ghlac daltaí Meánscoile ó Choláiste Fheargail, Ráth Domhnaigh, Scoil Bráithre Críostaí Mhuire, Port Laoise, agus Coláiste Íosagáin, Cúil an tSúdaire, páirt sa chlár seo in 2013.

Poiblíocht

Cuireadh an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre faoi agallamh le haghaidh raidió náisiúnta (Brian Lally - Drive Time) maidir le Sonraí Imbhuailte Chomhairle Chontae Laoise do 2012. Níor taifeadadh aon bhásanna ar ghréasán Bóithre an chontae sa bhliain sin.

Teen Aware

Cuireadh cleachtadh um Scaoileadh Imbhuailte ar siúl i gCill Bheagáin ag imeacht bliantúil Teen Aware i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae na hIarmhí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Comhairle Chontae Laoise.

Cainteanna / Cuairteanna Sábháilteachta ar Bhóithre

Thug an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre cuairt ar Phobalscoil Heywood agus ar 4 bhunscoil gur labhair sé leis na daltaí ar shaincheist na sábháil-teachta ar bhóithre. (770 dalta).

Chomh maith leis sin, tugadh cainteanna Sábháil-teachta ar Bhóithre do Chomhairlí Tuismitheoirí, don Ghaelscoil, Maryborough, agus do scoileanna náisiúnta 'Oiliúint le Chéile'.

Sábháilteacht ar Bhóithre i gComhpháirt le Bratach Thaistil na Scoile Glaise - An Taisce - WOW - Siúl ar Scoil ar an gCéadaoin.

Iniúchadh Sábháilteachta ar Bhóithre

Rinneadh 5 iniúchadh láithreáin ar scoileanna, tar éis buarthaí a d'ardaigh príomhoidí, múinteoirí, tui-smitheoirí agus baill den phobal.

Veist Shofheicthe

Soláthraíodh 1000 veist do leanaí le linn cuairteanna scoile ar eagraíochtaí éagsúla le linn na bliana, lenar áiríodh Clubanna Rothaíochta, Naíon-raí agus Siondróm Down Laoise.

Feabhsú ar Acomhal an N80 ag Coillte Laoise

Fuarthas leithdháileadh €935,000 le haghaidh acomhal an N80/L2117 ag Coillte Laoise a fhe-abhsú. Cuireadh an fháil talún i gcrích in 2012 agus chuir Comhairle Chontae Laoise tógáil na scéime i gcrích in 2013. Ba éard a bhí i gceist leis an scéim ná eagar scáil-oileáin a chur ar fáil mar aon le lána

casadh ar dheis do thrácht an N80 ó thuaidh. Athailíníodh an L2117 chun an uillinn sceabhach a bhí i bhfeidhm ag an acomhal a bhaint. Cuireadh soilsiú poiblí nua agus fosheirbhísí ar fáil freisin.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo.

Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2013, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2011-2013 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an chontae. Bhí iomlán de 49.62km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 45 km de dhromchla cóirithe i 2013.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2013 (€109,500) agus tugadh faoi 9 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

R: Bóithre

R.1 Faid i gciliméadair de Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha feabhsaithe agus á gcothabháil faoin gClár Athchóirithe:

94.7km

Faid i gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tógtha faoi scéim deontas na bhfeabhas sonrach gach bliain:

0km

Dámhachtainí Chomhlachais Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2013

Ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, bhuaigh Comhairle Chontae Laoise an dámhachtain i gcomhair Éifeachtúlachtaí Eacnamaíocha Rialtais Áitiúil, dámhachtain a bhí urraithe ag CBRE. Bhuamar í mar gheall ar an obair atá déanta againn ar Athchúrsáil Bóithre le haghaidh Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha a Athchóiriú.

Is iad an tAire Phil Hogan agus Mary Kennedy, Láithreoir de chuid RTÉ, a bhronn an dámhachtain ar Michael Malone, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin. Ba é aidhm an tionscadail sin ná measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá Athchúrsáil Fhuar In-Situ maidir le Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha a athchóiriú agus an éifeachtacht sin a léiriú. Idir na blianta 2010 agus 2012, rinne Comhairle Chontae Laoise – Limistéar an Iarthair an próiseas sin um athchóiriú bóithre a scrúdú agus a thástáil i gcomparáid leis na modhanna a bhí ann cheana, modhanna a bhain le forleaganacha a bhí déanta de tharramhacadam fuarmheasctha agus de tharramhacadam te. Tar éis na tréimhse measúnaithe sin, a raibh trialacha agus tástálacha i gceist léi, d'fhorbair Comhairle Chontae Laoise sonraíocht tairisceana úsáideora/cliaint a bhí bunaithe ar riachtanais fheidhmiúla agus ar thorthaí inmhianaithe, rud a ligeann do sholáthraithe nuálaíocht a chur leis an bpróiseas.

Agus úsáid á baint aici as an tsonraíocht fhorbartha tairisceana chun an clár bliantúil um neartú bóithre a sholáthar trí Athchúrsáil Fhuar Bóithre In-Situ, bhain Comhairle Chontae Laoise na tairbhí seo a leanas in 2012:

- Coigilteas costais de níos mó ná 40%, i gcomparáid le réitigh eile
- Laghdú 56% in astaíochtaí CO_2

Ní hé amháin gur baineadh an méid thuasluaite amach, ach soláthraíodh bóithre críochnaithe ar ardchaighdeán a raibh meánluachanna Righnis 2263 Mpa, meán-Neart fliuch 19.4 kN agus meán-Neart Tirim 44.3 kN ag gabháil leo. Chomh maith leis sin, seachnaíodh fadhbanna a thagann go traidisiúnta as méaduithe móra a dhéanamh in ingearchló bóithre toisc nach dtagann ach méadú beag in ingearchló bóithre chun cinn de ghnáth nuair a úsáidtear an t-ábhar gráinneach atá ar an mbóthar

cheana féin.

Ba mhaith le Comhairle Chontae Laoise aitheantas a thabhairt don chúnamh a fuarthas ó na grúpaí seo a leanas maidir leis an tionscadal sin a chur ar aghaidh: Athchúrsáil Bóithre TDEL, Irish Tar, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsir: Michael O'Hora

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid:

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bainteach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treorach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE. Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,000 méadar ciúbach uisce faoi láthair sa ló.

Caighdeán Uisce

Tá forálacha reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthairtí uisce ólacháin poiblí agus ar ghrúpscéimeanna uisce poiblí sa chontae mar a leagtar amach i Rialacháin an AE (Uisce Ólacháin) Uimh. 2, 2007. Faoi na rialacháin, is é Comhairle Chontae Laoise an tÚdarás Maoirseachta freisin le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha agus Scéimeanna Beaga Soláthair Uisce Phríobháidigh.

Tá an ghéilliúlacht ag Laois le caighdeáin an tsoláthair uisce inólta phoiblí den gcéad scoth. Ta caighdeán an uisce ag ardú bliain i ndiaidh bliana.

Doirteadh chuig na Séaraigh

Tá gá le ceadúnas, faoi réir Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin, le haghaidh aon chuideachta a scaoileann eisilteach trádála (le huiscí fuaraithe san áireamh) go dtí an séarachas.

Tá 16 cheadúnas Alt 152 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise do ghnóthais sa chontae agus déantar monatóireacht ar an scaoileadh ó ghnóthais mhóra ar bhonn rialta ar fud na bliana.

Ceadúnas Eisilteach Fuíoll Uisce GCC

Faoi Rialúcháin 2007 i leith Eisilteach Fuíoll Uisce (Údaraithe) ní foláir do Chomhairle Chontae Laoise cur isteach ar cheadúnais don GCC chun ár gcuid Áiseanna Cóireála Fuíoll Uisce a fheidhmiú. Aighníodh iarratais i leith gach ceann de na 29 gcinn de Fhearais Chóireála Fuíoll Uisce chuig an GCC ó 2007 go 2009 agus chuige seo tá ceadúnais tugtha do Áiseanna Phort Laoise agus do Chluain na Slí agus teastais faighte ag 15 de áiseanna beaga sa chontae. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar na Ceadúnais ó am go céile atá tugtha amach aige.

Cosaint an Chomhshaoil

Tá baint ag an bhfoireann um Chosaint an Chomhshaoil le reachtaíocht agus beartas maidir le cáilíocht an aeir, cáilíocht an uisce agus truailliú torainn a chur chun feidhme, de réir mar a bhaineann siad le Contae Laoise. Ar na gníomhaíochtaí tá:

- Cláir um beartas comhshaoil a chur chun fei dhme
- Rialacháin a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú
- Ceadúnais scaoilte agus astaíochtaí a eisiúint, a mhonatóiriú agus a fhorfheidhmiú
- Teagmhais truaillithe a imscrúdú agus foinsí truaillithe a aimsiú
- Freagairt do ghearáin chomhshaoil a

dhéanann an pobal
- Beartas comhshaoil a ullmhú

Cáilíocht an Uisce

Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh in 2013 ag cur Phlean Bainistíochta Dúiche na hAbhantraí Thoir Theas agus Phlean Bainistíochta Dúiche Abhantrach Idirnáisiúnta na Sionainne 2009 - 2015 chun feidhme. Leagtar amach sna pleananna seo na cuspóirí maidir le cáilíocht an uisce do gach dobharlach sa Chontae. Leanadh leis na cláir chun monatóireacht a dhéanamh ar an uisce dromchla agus ar an screamhuisce in 2013. Bainfidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil úsáid as na torthaí seo chun Stádas Cáilíochta Abhann a shannadh do gach Dobharlach Abhann ag deireadh thréimhse an Phlean.

Lean an fhoireann um Chosaint an Chomhshaoil ar aghaidh ag cur Chlár Cigireachta Feirme na Comhairle chun feidhme in 2013. Rinneadh cigireacht ar 168 feirmeoir in 2013, rud ba chúis le 747 cigireacht ar dháileachtaí talún leithleacha. Roghnaíodh na feirmeoirí sin mar gur sonraíodh i dtaifid go bhfuil cuid de na tailte a ndéanann siad feirmeoireacht orthu lonnaithe i Limistéir Chosanta Phoiblí agus Phríobháideacha Uisce Ólacháin. Cigireachtaí ar an bhfeirm ar fad a bhí sna cigireachtaí seo agus chuimsigh siad cigireachtaí ar an gclós feirme, cigireachtaí ar leathadh talún agus Monatóireacht ar Bhainistíocht Cothaitheach. Aimsíodh nár chomhlíon 30 feirmeoir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2010, agus rinneadh iad a thrastuairisciú don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara. Rinne an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara cigireacht ar 56 feirmeoir sa bhreis. Aimsíodh nár chomhlíon 11 duine de na feirmeoirí sin na rialacháin. Cuireadh 82 Plean Bainistíochta Cothaitheach a bhaineann le leathadh Sloda Camrais sa chontae faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh in 2013.

Tá ceadúnas ag teastáil faoi Alt 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 1990 sa chás go scaoiltear eisiltigh thrádála nó shéarachais chuig uiscí dromchla nó screamhuiscí. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar cheadúnais scaoilte chuig uiscí in 2013. Rinneadh 14 shampla san iomlán a ghlacadh agus a anailísiú chun a chinntiú go raibh ceadúnais á gcomhlíonadh. Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas gníomhach in 2013 mar nach raibh roinnt cairéal i mbun oibre sa bhliain.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil "The National Inspection Plan 2013-2014 for Domestic Waste Water Treatment Systems" ("An Plean Náisiúnta Cigireachta 2013-2014 le haghaidh Córais Intíre Chóireála Fuíolluisce") i mí an Mheithimh 2013. Sa phlean seo, roinneadh an tír ina 8 gcrios riosca bunaithe ar chritéir shainithe. Ceanglaítear leis an bplean go ndéantar 1000 cigireacht sa tír roimh an 1 Iúil 2014 agus leithdháiltear an líon nach mór do gach Comhairle a dhéanamh. Tá ceangal ar Chomhairle Chontae Laoise 26 cigireacht a dhéanamh roimh an 1 Iúil 2014. Leithdháileadh líon ar leith ar gach ceann de na 8 gcrios riosca sa chontae. Ghlac Comhairle Chontae Laoise an Plean Náisiúnta Cigireachta agus d'ullmhaigh sí a plean cigireachta féin. Roghnaigh sí na humair sheipteacha ar leith ar mian léi cigireacht a dhéanamh orthu agus déanfar cigireacht orthu in earrach 2014.

D'imscrúdaigh Comhairle Chontae Laoise na gearáin go léir a fuair sí maidir le truailliú uisce sa Chontae. Mar thoradh ar na gearáin sin, eisíodh 3 Fhógra faoi Alt 12 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990.

Caighdeán an Aeir

Ainmníodh Port Laoise mar limistéar srianta Guail Thoitigh sa bhliain 2013. Tá dhá limistéar den sórt sin sa Chontae faoi láthair, agus is í an Ghráig an ceann eile.
Ní raibh aon Cheadúnais bheo Astaíochtaí Aeir sa chontae in 2013. Fuarthas 35 gearán faoi chaighdeán an aeir in 2013 agus imscrúdaíodh iad ina dhiaidh sin. Bhí meascán de chineálacha gearáin i gceist leo, sáruithe ar na rialacháin maidir le gual toiteach agus dó bruscair ina measc.

Truailliú Torainn

Fuarthas 13 ghearán torainn in 2013. Ba de chineál baile a bhí 7 gcinn díobh, a bhain den chuid ba mhó le madraí a bhí ag tafann. Sna cásanna sin, molann an Chomhairle do chomharsana an fhadhb a phlé le chéile agus teacht ar réiteach comhaontaithe. Bhain na 6 ghearán eile le gníomhaíochtaí tráchtála sa Chontae.

Clár Infheistithe Caipitil

Oifig na dTionscnamh Caipitil

Tá Oifig na dTionscnamh Caipitil freagrach as eiseachadadh na scéimeanna móra Uisce agus

Fuíoll uisce gur thug An Roinn Chomhshaoil Oidhreachta & Rialtais Áitiúil cead dóibh faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2013. Foilsíodh an t-athbhreithniú is déanaí den gclár in Iúl, 2011.

An Clár Caipitil

Is é cuspóir sáraitheach Thionscadal Caomhantais Uisce Contae Laoise ná uisce a chaomhnú trí shainaithint agus athshlánú a dhéanamh ar na limistéir sin den bhonneagar príomhphíobán uisce a chruthaíonn na coigiltí uisce inbhuanaithe is mó. I mí an Mheithimh 2013, cuireadh conradh teiliméadrachta ar fud an chontae i gcrích mar chuid de thiomantas leanúnach Chomhairle Chontae Laoise do chaomhnú uisce agus do laghdú spriocdhírithe ar sceitheadh. Thug EMR Integrated Solutions faoin gconradh seo. Suiteáladh 107 logálaí sonraí san iomlán ar mhéadair phríomhlíonra uisce ar fud an chontae. Forbraíodh córas SCADA (rialú maoirseachta agus fáil sonraí) trínar féidir bailiú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí faoi úsáid uisce le gur féidir sceitheadh a shainaithint láithreach, rud as a dtiocfaidh coigiltí suntasacha.

Déanann Céim 3 den Tionscadal Caomhnaithe Uisce soláthar d'athsholáthar na bpríomhlíonraí uisce nach féidir deisiú barainneach a dhéanamh orthu, a bhfuil sceitheadh ard acu agus atá tugtha do phléascadh minic. I mí na Nollag 2013, bronnadh an chéad chonradh do Chéim 3 le haghaidh athsholáthar/ athshlánú na bpríomhlíonraí uisce ar David Walsh Civil Engineering Ltd. Baineann an Conradh seo Nr. 1 le hathsholáthar 13 km de phríomhlíonra uisce i bPort Laoise, i Móinteach Mílic, i dTigh Mochua, i Log an Churraigh agus i mBaile Átha an Róine. Is ionann luach an chonartha agus €1,960,444. Is le haghaidh bliain amháin atá tréimhse an chonartha agus tá oibreacha le tosú go luath in 2014.

Bronnadh 'Scéim Séarachais um Bailte Grúpáilte Laoise (Conradh le haghaidh Dearadh, Tógáil agus Oibriú)' i mí an Mheithimh 2013 ar chomhfhiontar Response Engineering Ltd / Ward & Burke Ltd. Is éard atá i gceist sa scéim seo ná ionaid chóireála fuíolluisce nua a thógáil i 5 bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha). Is ionann luach an chonartha agus €11,439,869. Is é 2 bhliain tréimhse an chonartha agus tá oibreacha ar siúl sna 5 bhaile go léir.

Bronnadh 'Scéim Séarachais um Bailte Grúpáilte Laoise (Conradh Líonra)' i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar Ward & Burke Ltd. Is é atá i gceist sa scéim seo ná líonraí séaraigh nua i 6 bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha, Cluain na Slí). Is ionann luach an chonartha agus €7,359,233. Is é 2 bhliain tréimhse an chonartha.

Bronnadh Conradh Scéim Feabhsúcháin Soláthar Uisce Phort Laoise/Mhóinteach Mílic - Uimh. 6 RAL' i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar Ward & Burke Ltd. Is é atá i gceist sa chonradh seo ná 3.5 km de phríomhlíonra uisce a thógáil, tobar a fhorbairt ag Cúil Bheannchair, stáisiún treiseora nua ag Doire Gaill agus oibreacha teiliméadrachta lena mbaineann. Is é cuspóir an chonartha ná slándáil agus cáilíocht an tsoláthair uisce a fheabhsú do cheantar Phort Laoise agus Mhóinteach Mílic.

I mí na Nollag 2013, bronnadh conradh ar EPS Ltd ar mhaithe leis an bhfoirgneamh cóireála sloda damáistithe ag dóiteán ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire a dheisiú agus a athshlánú. Is é atá i gceist sa chonradh ná an foirgneamh atá ann cheana a dheisiú, Fáisceán Creasa Scagaire nua a shuiteáil i dteannta trealamh coimhdeach agus oibreacha láithreáin lena mbaineann.

Thug an Roinn formheas le haghaidh dearaí agus cáipéisí tairisceana a ullmhú d'Ardchonradh Scéim Feabhsúcháin Soláthar Uisce Chúil an tSúdaire ag páirc thobair La Bergerie. Áirítear leis na hoibreacha an tríú tollpholl sa pháirc thobair a thabhairt i mbun táirgthe agus foirgneamh ina gcoinnítear áiseanna cóireála clóirín, fluairíde agus mangainéise a chur ar fáil. Tá an-dul chun cinn déanta ar an ullmhúchán dearaí agus cáipéisí tairisceana freisin le haghaidh an chonartha uasghrádúcháin d'oibreacha Ionraoin Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, rinneadh aighneachtaí chuig Uisce Éireann le haghaidh raon tionscadal caipitil uisce agus fuíolluisce lena gcur san áireamh faoi Chlár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2014-2015.

Clár Uisce Tuaithe

Táid seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Grúpa
- Scéimeanna Uisce agus Séarachais Beaga
- Deontais le haghaidh Fearais Uisce Tobar Aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce príobháideach do 2 theach nó níos mó trí fhoinse soláthair comónta nó roinnte agus córas dáilte.

Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:

- Comhairle agus treoir a thabhairt ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú na scéimeanna grúpa
- Chomhairle theicniúil a sholáthar ar fhadhbanna foinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán agus ar chóireáil uisce, dearadh scéime, &rl.
- Ag tabhairt cumas do ghrúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomhlíonra uisce poiblí sa chás go bhfuil sé seo indéanta
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt ar sholáthar tairiscintí agus luachála
- Scéimeanna grúpa cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le teorainn €6,475 per teaghlach
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar le haghaidh chostais feidhmithe agus cothabhála a bhí caite ag an grúpa sa scéim.

Faoi láthair tá 62 GrúpScéim Uisce i bhfeidhm i Laois.

Achoimre ar na Deontais a íocadh in 2013

Grúpscéimeanna Uisce a Thógáil i gCúram €409,531

Ballyfin G.W.S., Raheen G.W.S., Ratheniska G.W.S., Reary G.W.S., Sleaty Road G.W.S. and The Island G.W.S.

Uasghrádú ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann cheana €376,352

Aughmacart G.W.S., Cullohill G.W.S., Errill G.W.S., The Heath G.W.S., Ballacolla G.W.S., Ballypickas G.W.S. and Barrowhouse G.W.S.

Grúpscéimeanna Nua Uisce agus Fuíolluisce €58,200

Cuireadh maoiniú ar fáil chun Grúpscéim nua Uisce agus Fuíolluisce a sholáthar in Derrymoyle, an Ghráig.

Fóirdheontais €356,978

Do na G.S.Uanna éagsúla sa chontae.

Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais €557,116

Total	DOECLG	Laois Co Co
€1,095,039	€821,279	€273,760

Soláthraítear maoiniú do thionscadail chaipitiúla le haghaidh soláthar d'uasghrádú de scéimeanna beaga uisce agus séarachais a fhorlíonann bearta uisce tuaithe atá ann cheana. Sa bhliain 2013, bhí obair déanta ar na scéimeanna seo a leanas:

- Ballyroan Water Supply
- Portlaoise Water Supply
- Arles Water Supply,
- Kyle Water Supply,
- The Strand Water Supply,
- Durrow/Ballinakill Water Supply,
- Coolanagh Water Supply,
- Abbeyleix Water Supply
- Mountmellick Water Supply at Derryguile and Eyne
- Mountrath Water Supply at Drim, Round wood and the Knocks
- Rathdowney Water Supply
- Camross Water Supply
- Ballinakill Waste Water Treatment Plant

,

Oibreacha Breise - €168,000

Ba ann do bhaic sa phríomhlíonra uisce i mbaile Mhaighean Rátha, rud a chuir srian ar an soláthar ó thaiscumar Shliabh an Chluainín. Chuir Comhairle Chontae Laoise maoiniú ar fáil chun an príomhlíonra uisce a athsholáthar ar Bhóthar na Líne Nua agus ar Bhóthar na Sionainne agus ar thrasbhealach ab-hann ar Abhainn an Chapaill Bháin, rud a bhain an bac agus a chinntigh go mbeadh soláthar leord-hóthanach uisce ar fáil don bhaile. Fágfaidh sé sin freisin gur féidir uisce a sholáthar ó Knocks go Port Laoise más gá.

Scéim Deontais um Sholáthar Uisce Aonair €53,969

Tá deontas de 75% de chostas faoi réir deontais d'uasmhéid €2,031.58 iníoctha d'uasghrádú de sholáthar uisce aonair príobháidí nuair nach mbíonn aon ghrúpa eile nó soláthar poiblí ar fáil.

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

Bunaíodh Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe i 1998. Tionólann an Coiste gach ráithe chun comhaontú agus mónatóireacht a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe. Tá an Coiste déanta suas d'ionadaithe ón I.F.A, ón I.C.M.S.A, ón gCumann Contae de Grúpscéimeanna Uisce, ón gCumann Náisiúnta de Grúpscéimeanna Uisce agus de bhaill

agus oifigigh ó Chomhairle Chontae Laoise.

Soláthar agus Cothábháil Reilligí

Lean Comhairle Chontae Laoise ag feidhmiú fiche seacht reilig mórthimpeall an chontae ag Mainistir Laoise, Eanach Tirim, Baile an Chalaidh, Béal Átha na Coille, Baile Adaim, Baile Finn, Baile Uí Laighneáin, Teach na Bearbha, an Bhuiríos, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Darú, Cillín Ard, Cill Uisean, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Maigh Eanaigh, Port Laoise, An Ráithín, Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, Sean Chua, Sléibhte, An Sráidbhaile agus Tigh Mochua.

Tá Cláraitheoirí Reilige fostaithe do gach Reilig de chuid na Comhairle le freagracht orthu do dhíolachán plásóga agus cothabháil a dhéanamh ar rolla na reilige.

Cuid tábhachtach den rannóg is ea na taifid a chothabháil. Lean an obair seo ar aghaidh i 2013.

Leithris Phoiblí

Caitheadh €71,000 ar chothabháil na leithreas poiblí i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus sa tSráidbhaile.

Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha

Tá an chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna má tá an pobal i mbaol nó má tá, nó gur dhócha go mbeidh aon duine nó do aon réadmhaoine i mbaol.

D'fhéadfadh fógra a fhreastal ar úinéir áite/struchtúr dá leithéid ina bhfuil oibreacha riachtanach le déanamh ann. Más gá, féadfaidh an Chomhairle an obair a dhéanamh agus na costais a fhorchúitiú.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

E. Uisce – Eanáir go Nollag 2013

E.1	Uisce Gan Tuairisc (UGT) mar % den uisce iomlán soláthraithe faoi na scéimeanna soláthair uisce go bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach as:	48%
E.2	Céatadán torthaí anailíse an uisce óil ag réiteach leis na riachtanais reachtúla maidir le:	
	Scéimeanna Poibl:	100%
	Scéimeanna Príobháideacha: (where appropriate)	98%

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean,Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha,Táille Tí, Iniúchadh Inmheánach, Muirear teaghlaigh, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é €64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha. Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise:	€66.63
Móinteach Mílic:	€67.43

Muirir Uisce

I 2013 bhí 2,729 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2,597 acu san. Bí an táille ar uisce méadraithe i 2013 ná €0.96 in aghaidh 1,000 lítear agus €1.45 in aghaidh 1000 lítear de fhuíoll-uisce. Ina theannta san bhí táille sheasmhach de €60 ar chíos mhéadair in aghaidh na bliana. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile.

Na Billí a Dhíol go Tapaigh

Cloíonn an Chomhairle le téarmaí an Achta um Bhillí a Dhíol in Am Tráth.

Líon iomlán na ndíolachán déanach sa bhreis ar €250: Nil

Ionad na Rialtas Áitiúil um Sheirbhísí Párolla agus Aoisliúntais Comhroinnte

Tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, mhol Coiste Measúnaithe na Rialtas Áitiúil um Sheirbhísí Párolla agus Aoisliúntais Comhroinnte gur chóir do Chomhairle Chontae Laoise seirbhísí Párolla agus Aoisliúntais comhroinnte a chur ar fáil thar ceann na n-údarás áitiúil go léir.

Agus é lonnaithe ar an urlár uachtair de bhloc 1 in Áras an Chontae, thosaigh ionad nua na n-údarás áitiúil um sheirbhísí comhroinnte ag feidhmiú i mí Dheireadh Fómhair 2013 d'fhonn go mbeifí in ann é a phíolótú i gComhairle Chontae Uíbh Fhaillí i mí Eanáir 2014. Ag brath ar é a phíolótú go rathúil, tosófar an t-ionad a chur i bhfeidhm sna húdaráis áitiúla de réir a chéile ó Aibreán 2014 mar chuid de phlean forfheidhmithe 3 bliana.

Tá 12 bhall foirne lonnaithe ar an tríú hurlár faoi láthair agus earcaíodh iad go léir ó Chomhairle Chontae Laoise. Tá sé de dhualgas orthu mapáil mhionsonraithe próisis mar atá agus mar a bheidh a sholáthar agus párollaí a ullmhú don dá chontae chun gur féidir iad a phíolótú go rathúil i mí Eanáir. Méadófar an soláthar foirne sin le linn an tionscadail de réir mar a chuirfear gach cuid i bhfeidhm.

Táthar ag súil go mbeidh uas-soláthar foirne de 72 duine ag an ionad um sheirbhísí comhroinnte agus é go hiomlán i bhfeidhm, go soláthróidh an tseirbhís chomhroinnte coigilteas bliantúil €4.3m agus go gcuirfidh sí ar chumas 70 ball foirne eile san earnáil díriú ar chúrsaí eile.

Cloch mhíle thábhachtach i gclár na n-údarás áitiúil um sheirbhísí comhroinnte is ea sin. Tá seirbhísí comhroinnte ina ngné thábhachtach de chlár oibre an Rialtais um athchóiriú na seirbhíse poiblí agus is féidir leo na coigiltis chostais agus na héifeachtúlachtaí a theastaíonn go géar a sholáthar, agus seirbhísí á gcaighdeánú ina n-iomláine agus á bhfeabhsú ag an am céanna freisin. Trí fheidhmeanna cúloifige – amhail párolla agus aoisliúntas – a chomhroinnt, cuirfear ar chumas na n-údarás áitiúil díriú ar sheirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

B' iad na hidirbhirt iomlána a dhein OMC Laoise i 2013 ná 73,906.

Rátaí Nua CO2

Is de réir dhá bhanda CO2 déag nó de réir thoilleadh ciúbach an innill, cibé acu is ísle, a chinntear Mótarcháin d'fheithiclí arna gclárú tar éis an 1 Iúil 2008. Beidh an cháin ó €120 sa bhliain dos na gluaisteáin is glaise go €2,350 le haghaidh gluaisteáin leis na rátaí astaithe is airde. Tá rátaí cánach gluaisteán grádaithe mar a éiríonn rátaí na n-as-

taíochtaí CO2.

Gnáthaimh Chlárúcháin Fheithiclí Leasaithe

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis na Seirbhísí Tástála Gluaisteán Náisiúnta a cheapadh chun feidhmeanna cláraithe feithiclí a dhéanamh ar a son. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt

Ceadúnais Feithicle

Bé an teacht isteach iomlán do 2013 ná €11,369,224 i gcomparáid le €10,768,187 i 2012. Bé méid na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh i 2013 ná 50,582 i gcomparáid le 51,306 i 2012. Tháinig an Bille um Neamhúsáid Mótarfheithiclí i bhfeidhm i mí Iúil 2013. Ba é príomhchuspóir an Bhille ná córas ionchasach a chur i bhfeidhm lena ndearbhófaí nach bhfuil feithicil in úsáid ar an mbóthar chun críocha mótarchánach. Dhruidfeadh an córas bealach éalaithe trínar féidir le húinéirí a dhearbhú go cúlghabhálach nach bhfuil feithicil á húsáid ar bhóthar poiblí, rud nach rabhthas in ann a fhíorú.

Scoir na socruithe reatha, trínar féidir le duine a dhearbhú i Stáisiún an Gharda Síochána nach bhfuil feithicil in úsáid ar an mbóthar, de bheith i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2013. Mura bhfuil feithicil le húsáid in áit phoiblí, ní mór dearbhú a dhéanamh sula ndéanfar an fheithicil, agus í fós faoi cháin, a bhaint den bhóthar. Is féidir feithicil a dhearbhú a bheith den bhóthar ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí agus nach mó ná 12 mhí. Dá bharr sin, bhí méadú ollmhór i líon na n-iarratas SORD (Dearbhú Reachtúil nach bhfuil Feithicil in Úsáid ar an mBóthar) a fuair Mótarcháin Laoise. Próiseáladh 4,088 iarratas SORD san iomlán sna sé mhí dheiridh de 2013.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Ceadúnais Tiomána

Ag deireadh na bliana 2013, cuireadh deireadh le ceadúnais pháipéir agus tugadh ceadúnais i bhfoirm cártaí plaisteacha isteach. Phróiseáil Comhairle Chontae Laoise 7,906 Ceadúnas Tiomána roimh an 25 Deireadh Fómhair 2013. Ón 29 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh, is é soláthraí seirbhíse príobháidí – An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT) – a phróiseálfaidh gach iarratas ar Cheadúnas Tiomána. Tá oifig na Seirbhíse i gContae Laoise lonnaithe in Aonad 26A, Ionad Siopadóireachta Laoise, Port Laoise, Co. Laoise.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Tástáil Feithiclí

Rinneadh Deimhnithe ar Ródacmhainneacht le haghaidh feithiclí tráchtála/earraí a eisiúint i ndáil le 5,111 feithicil le linn na bliana. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, eisíodh 5,942 deimhniú in 2012. I mí Mheán Fómhair 2013, ghlac na hionaid tástála feithiclí tráchtála leis an bhfeidhm a bhaineann le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht a eisiúint. Gheobhaidh custaiméirí pasráiteas ag an ngaráiste agus seolfar Deimhniú ar Ródacmhainneacht de stíl nua chucu sa phost. Cuirtear sonraí maidir le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht go huathoibríoch le córas NDVF.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu.

Céadatán bearta Mótarchánach: 31/12/2013

% na n-Idirbhearta Mótar-Chánach a:

Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir:

90.98% (55,599)

Adhéileáiltear leo tríd an bpoist:

9.02% (5,512)

Adhéileáiltear leo on-line:

39.61% (32,292) de custaiméirí cáilithe
Is ionann é sin agus 35% d'iomlán na n-iarratas cánach.

Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain: 28.77 hours

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí tríd an bpost agus % de na hiarratais poist san iomlán ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	95.88%	(5,285)
b)	ar an dara nó an tríú lá	1.67%	(92)
c)	ar an gceathrú nó an cúigiú lá	1.07%	(59)
d)	thar 5 lá	1.38%	(76)

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí (le luach airgeadaíochta) agus % de hamhail iarratais ar déileáladh leo:

a) ar an lá céanna	71.14% (5,624)
b) ar an dara nó an tríú lá	24.21% (1,914)
c) ar an gceathrú nó an cúigiú lá	2.49%(197)
d) thar 5 lá	2.16%(171)

Bailiú Cánach	**31/12/2012**	**31/12/2013**
Iasachtaí Tithíochta		
a) Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht:	76%	67%
b) Céatadán na riaráistí:		
(i) níos lú ná mí amháin	1.7%	4.3%
(ii) 1 - 2 mhi d'aois	2 %	1.8%
(iii) 2 – 3 mhí d'aois	3.1%	2.1%
(iv) thar 3 mhí d'aois	93.2%	91.8%
Cíosanna		
a) Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán de mhéideanna dlite.	94%	94%
b) Céatadán na riaráistí		
i) Níos lú ná ceithre seachtain	10.7%	11.6%
ii) 4 – 6 seachtain	9.9%	10.6%
iii) 6 – 12 seachtain	12.4%	16.3%
iv) Níos mó ná 12 seachtain	67%	61.5%
Rátaí Trádála		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	74%	70%
Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	57%	60%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas Grúpa Cláir Net	Caiteachas 2013 €	Adhmhálacha 2013 €	Glan Caiteachais 2013 €
Tithíocht & Foirgníocht	9,905,651	10,966,234	(1,060,583)
Iompar & Sábháilteachtar Bhóithre	13,498,097	9,294,837	4,203,261
Soláthar Uisce	10,000,606	3,030,959	6,969,647
Spreagthaí & Rialúcháin an Forbart	3,513,129	595,868	2,917,261
Cosaint an Chomhshaoil	6,609,118	1,924,526	4,684,593
Caitheamh Aimsire & Conláistí	3,488,452	675,580	2,812,872
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	3,041,185	2,527,946	513,239
Seirbhísí Ilghéitheacha	6,020,798	2,484,120	3,536,678
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	56,077,037	31,500,069	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	24,576,968
Rátaí	12,273,101
Tobhach Pinsean	987,188
Cistiú Rialtais Áitiúil	13,070,064
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	1,753,385
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(1,751,878)
Iomlan Fuílleach don Bhliain	1,507
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir, 2011	(494,534)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2011	(493,027)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.13	(5,993,380)
Deontas	15,814,137
Adhmhálacha eile	4,676,647
Aistrithe	1,751,878
Caiteachas	(20,638,059)
Iarmhéid ag 31.12.13	(4,388,777)

Bainisteoir: Michael Rainey

Cléireach Baile: Pamela Tynan

Innealtóir Baile: Farhan Nasiem

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir William Aird tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise. Toghadh an Comhairleoir Jerry Lodge mar Leas Chathaoirleach.

Baill ar Bhoird/Choistí

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

An Comhairleoir Rotimi Adebari
An Comhairleoir Alan Hand

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Kathleen O'Brien
An Comhairleoir Matthew Keegan

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

An Comhairleoir Willie Aird
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald

Cruinnithe Míosúla

Bíonn cruinnithe Bhaile Port Laoise ar siúil ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Seirbhísí príomha Soláthraith

Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2013 - €90,486

In 2013, thug Comhairle Baile Phort Laoise tacaíocht dóibh seo a leanas:

- Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig
- Cumann Soilsithe Nollag Phort Laoise
- Coiste Bailte Slachtmhara Thigh an Raoilinn
- Cumainn Áitritheoirí agus Grúpaí Pobail éagsúla

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leanas:

- Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann.

Bainisteoir: Ian McCormack

Cléireach Baile: Pamela Tynan

Innealtóir Baile: Dermot Leonard

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Patrick Bracken tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana 2011. Toghadh an Comhairleoir Lisa Delaney mar Leas Chathaoirleach.

Buiséad 2013: €54,181

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Coistí Polasaí Straitéisigh

Councillor Stephen Lynch and Bobby Delaney

Coiste na Logainmneacha

Councillor Bobby Delaney

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Councillor David Goodwin, Councillor Seamus Mc-Donald, Councillor Marc Connoly, Councillor Lisa Delaney and Councillor Patrick Bracken

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Councillor Marc Connolly

Cumann Bardais na hÉireann

Councillors Patrick Bracken and Stephen Lynch

Cruinnithe Míosúla

Cruinnítear Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar an gcéad Déardaoin de gach mí.

Comhdhála

Thug an Chomhairle Bhaile tacú leis agus bhí ion-adaíocht acu ag an gcomhairle seo a leanas

- Comhdháil Bhliantúil Chumann Údarás Chathartha Éireann.

Club Sóisialta

Bhí 2013 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 220 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2013.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo: Duais a h1: €50 Duais a 2: €30 Duais a 3: €20

Dinnéar um Thráthnóna Deireadh Fómhair 2013

D'eagraíodh dinnéar um Thráthnóna don gCéadaoin, 23ú Deireadh Fómhair ag 4.30pm do na baill uile. Tháinig 70 ball, nach mór, anuas go dtí an ceaintín chuig togha bia agus comhrá lena gcairde agus lena gcomhghleacaí.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle. Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín ina dhiaidh.

Cóisir Nollag Leanaí na mBall

Bhí Cóisir Leanaí Ball an Chlub Sóisialta ar siúl i mbliana sa Tigh Ósta Oidhreachta Maidin Domhnaigh an 1ú Nollaig. Ócáid iontach ab ea é. Bhí spleodar ag na leanaí óga le Jecca An Fear Grinn, faid is a bhí Tae agus Ceapairí ag na tuismitheoirí. Ár mbuíochas do gach aoinne a chabhraigh le maidin iontach a chaitheamh.

Cóisir Bhliantúil na Nollag

Bhí an chóisir ann ar Aoine an 13ú Nollaig i mbliana san Tigh Ósta Oidhreachta. D' Fhreastail 80 ball na foirne ar an oíche agus bhí oíche iontach ag gach aoinne.

An Cumann Gailf

Bhí Tom O'Carroll ina chaptaen ar an gCumann Gailf i 2013. Bhí a Dhuais mar Chaptaen ar siúl i Cumann Galf Ráth Domhnaigh. Bhí slua maith ann ar an lá agus bhuaigh Mary Malone a dhuais.

Imríodh an Kennedy Cup i mbliana i dteannta le Trófaí Pang i gCumann Ghailf an Páirc Ghabhráin. Bhuaigh Martin Parkinson an Kennedy Cup agus bhuaigh Roy Glynn, Fint Scully agus Philip McVeigh Trófaí Pang.

Bhuaigh Larry Dunne comórtas galfair na bliana.

Tá Eddie Kelly mar Chaptaen do 2014.

Bímid i gcónaí ag lorg ball nua, fiosraithe do Cathal Farrell, Eddie Kelly nó Larry Gittens.

Teideal, aidhm agus líon na mball de gach Coiste agus Chomh-Choiste agus líon na gcruinnithe a bhí ag gach Coiste, Chomh-Choiste agus Chomh- Choiste Maoirseachta ar siúl le linn 2013.

Bhí na baill seo a leanas tofa ar na Coistí/Corparáideacha Eachtracha imlínithe thíos ag Cruinniú Cinn-Bhliana Chomhairle Chontae Laoise a bhí ar siúl ag an 19ú Meitheamh, 2009.

COISTÍ

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Rural Water Monitoring Committee	Councillor Ben Brennan Councillor John Bonham Councillor Tom Mulhall	4
Local Traveller Accommodation Consultative Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Alan Hand Councillor Lisa Delaney Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney Councillor Kathleen O' Brien Councillor Paul Mitchell Councillor John King	4
Kyletelisha Landfill Monitoring Committee	Councillor Patrick Bracken Councillor James Daly Councillor Martin Phelan	1
Laois School of Music Steering Committee	Councillor Mary Sweeney	2
Audit Committee	Councillor John Moran Councillor Jerry Lodge	4
Joint Policing Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Seamus McDonald Councillor Brendan Phelan Councillor Patrick Bracken Councillor Ray Cribbin Councillor Tom Mulhall Councillor Michael Lalor Councillor Mary Sweeney Councillor David Goodwin Councillor Paul Mitchell Councillor John King Councillor James Daly Councillor Ben Brennan	3
Placenames Committee	Councillor Ben Brennan Councillor Ray Cribbin Councillor John Bonham Councillor Kathleen O' Brien Councillor David Goodwin	0

Corparáideacha Eachtracha

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Barrow Drainage Board	Councillor Lisa Delaney, Councillor David Goodwin
River Goul Drainage Committee	Councillor Brendan Phelan, Councillor Martin Phelan Councillor John King
Dungar Joint Burial Board	Councillor Brendan Phelan, Councillor Seamus McDonald, Councillor Michael Lalor,
Portarlington Joint Burial Board	Councillor Ray Cribbin, Councillor Patrick Bracken Councillor Tom Mulhall, Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Association of County & City Councils	Councillor Seamus McDonald Councillor David Goodwin Councillor Ben Brennan
Midland Regional Authority	Councillor Patrick Bracken, Councillor Brendan Phelan Councillor James Deegan, Councillor Martin Phelan Councillor James Daly, Councillor John Bonham
E.U. Operational Committee	Councillor John Bonham
B.M.W. Regional Assembly	Councillor James Deegan, Councillor James Daly
Laois Arts Theatre Company Ltd	Councillor Rotimi Adebari Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Abbeyleix Heritage Trust	Councillor John Bonham
Local Authority Members Association	Councillor Michael Lalor
Laois County Enterprise Board	Councillor Lisa Delaney, Councillor Tom Mulhall, Councillor James Daly, Councillor William Aird
Laois Partnership Company Ltd	Councillor Tom Mulhall, Councillor Michael Lalor, Councillor Lisa Delaney, Councillor John King
Laois Transport for Rural Integration Programme	Councillor Michael Lalor
Laois Tourism Company Ltd.	Councillor John Bonham, Councillor Martin Phelan
South East River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor John King
Shannon River Basin District Advisory Council	Councillor Tom Mulhall, Councillor Martin Phelan
Portarlington Leisure Centre	Councillor Ray Cribbin, Councillor Paul Mitchell Councillor Tom Mulhall
Homeless Forum	Councillor Mary Sweeney, Councillor Kathleen O'Brien
Portlaoise Leisure Centre	Councillor Alan Hand (replaced by Councillor Caroline Dwane Stanley Dec'13) Councillor William Aird Councillor Kathleen O'Brien

Aguisín I

Portlaoise Enterprise Centre	Councillor Jerry Lodge, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portarlington Enterprise Centre	Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Midlands Energy Agency	Councillor John Bonham
Laois County Development Board	Councillor Paul Mitchell, Councillor John Joe Fennelly, Councillor John King, Councillor Tom Mulhall, Councillor Kathleen O'Brien,
Dublin Mid-Leinster Regional Health Forum	Councillor Ben Brennan, Councillor Kathleen O'Brien, Councillor William Aird
Laois Advocacy against Domestic Abuse Limited	Councillor Mary Sweeney, Councillor Catherine Fitzgerald
Midland Regional Drugs Task Force	Councillor William Aird
Laois Third Level Initiative	Councillor Paul Mitchell & Councillor Jerry Lodge
Laois VEC	Councillor Alan Hand (replace by Councillor Caroline Dwane Stanley Dec'13), Councillor Rotimi Adebari, Councillor Lisa Delaney, Councillor Mary Sweeney, Councillor Paul Mitchell, Councillor Ben Brennan, Councillor William Aird, Councillor John King, Councillor Kathleen O' Brien
Heritage Forum	Councillor Martin Phelan
Management Company for Treo Nua at Knockmay	Councillor Kathleen O' Brien

Aguisín II

ÍOCAÍOCHTAÍ DO BHAILL 2013

Liúntas Míosúil	€110,139.74	
Liúntas Comhdhála	€92,294.06	
Liúntas Teileafóin	€ 522.90	
Liúntas Ionadaíochta	€463,083.81	(Mar aon le Liúntas an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh agus liúntas Chathaoirligh An Bhoird Fhorbartha)
Liúntas CAS	€24,000.00	

www.laois.ie

E-Mail: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Portlaoise	Tel: (057) 8664000
Accounts Payable, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664117
Arts Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664033
Cash Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674308
Civil Defence HQ, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664106
Environment, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674322
Higher Education Grants, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664137
Housing, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Human Resources, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664219
Landfill Site, Kyletalesha, Portlaoise	Tel: (057) 8620653
Library Headquarters, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664041
Motor Tax Office, Block 2, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674301
Planning, Block 1, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664032
Register of Electors, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664105
Roads, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674352
Sports & Leisure, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674363
Water Charges, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664119
Water Services, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664120